



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar Dhréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile

Nollaig 2024

Clár an Ábhair

CLÁR AN ÁBHAIR	2
Liosta Táblaí	5
Liosta Fíoracha	5
CUID 1: RÉAMHRÁ	9
CUID 2: MODHEOLAÍOCHT	11
2.1 Bailiú Aiseolais	11
2.2 Anailís	12
2.3 Tuairisciú.....	12
CUID 3: LÉIRIÚ NA DTORTHAÍ	13
Torthaí maidir le Príomhtheachtaireachtaí an Athbhreithnithe agus na hAthfhorbartha ar Churaclam na Bunscoile (AACB)	13
3.1 Réamhrá	13
3.1.1 Chuir na dréachtsonraíochtaí le Curaclam na Bunscoile reatha (1999) agus d'fhreagair do thosaíochtaí éiritheacha.....	13
3.1.2 Cumas gníomhúcháin agus Solúbthacht	14
3.1.3 Aistrithe agus ceangail idir an curaclam réamhscoile, bunscoile, agus iar-bhunscoile agus tacú le dul chun cinn feadh na bunscolaíochta	17
3.1.4 Foghlaim, Teagasc agus Measúnú	18
Torthaí maidir leis na Cúig Dhréachtsonraíocht maidir le Curaclam na Bunscoile	20
3.2 Réamhrá	20
3.2.1 Oideachas Ealaíon	20
3.2.2 Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta (NTI).....	24
3.2.3 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).....	28
3.2.4 Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI)	32
3.2.5 Folláine.....	35
Torthaí: Ceistneoirí	39
3.3 Réamhrá	39
3.3.1 Ceistneoir Oideora	40
3.3.2 Ceistneoir do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí.....	82
CUID 4: AIGHNEACHTAÍ: ACHOIMRE FHEIDHMEACH	96
4.1 Téamaí uileghabhálacha ar fud na n-aighneachtaí scríofa	96
4.1.1 Torthaí foghlama: Buntáistí agus dúshláin.....	96
4.1.2 Spioradáltacht, clár pátrúin, éiteas, reiligiún, creidimh.....	97
4.1.3 Cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus tacaíochtaí	97

4.1.4 An ionchuimsitheacht a bhaineann le Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile	98
4.1.5 Cur i láthair na sonraíochtaí curaclaim	98
4.1.6 Éire, an Eoraip agus an Ghné Dhomhanda	98
4.1.7 An pholaitíocht agus a bheith i do shaoránach gníomhach/domhanda.....	99
4.2 Aiseolas is sonrath do réimsí agus ábhair áirithe sa churaclam.....	99
4.2.1 Oideachas Ealaíon	99
4.2.2 Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta (NTI).....	100
4.2.3 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).....	100
4.2.4 Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI)	101
4.2.5 Folláine.....	101
CUID 5: COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁISTÍ: ACHOIMRE FHEIDHMEACH	102
5.1 Réamhrá	102
5.2 Modheolaíocht.....	103
5.3 Sampla	103
5.4.1 Torthaí.....	104
5.4.2 Torthaí ón dara céim den taighde: Cás-Staidéir ar na cúig réimse curaclaim	105
CUID 6: CONCLÚID	107
6.1 Réamhrá	107
6.2.1 Tógáil ar láidreachtaí Churaclam 1999	108
6.2.2 Cumas Gníomhúcháin	108
6.2.3 Torthaí Foghlama	108
6.2.4 Cuir chuige oideolaíochta agus measúnú.....	108
6.2.5 Cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Churaclaim	109
6.3.1 Oideachas Ealaíon	109
6.3.2 Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta (NTI)	109
6.3.3 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.....	110
6.3.4 Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta.....	110
6.3.5 Folláine.....	111
6.4 Na chéad chéimeanna eile chun na sonraíochtaí curaclaim a thabhairt chun críche	111
TAGAIRTÍ	113
AGUISÍN A: CUMARSÁID	116
AGUISÍN B: AISEOLAS AR THACAÍOCHTAÍ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHURACLAIM	117
AGUISÍN C: MIONSONRAÍ MODHEOLAÍOCHTA.....	122
AGUISÍN D: SCEIDIL NA BHFÓCASGHRÚPAÍ	129
AGUISÍN E: SCEIDIL NA COMHDHÁLA COMHAIRLIÚCHÁIN	139

AGUISÍN F: SCEIDEAL NA GCRUINNITHE DÉTHAOBHACHA.....	144
AGUISÍN G: TEIMPLÉID AN CHEISTNEORA.....	146
AGUISÍN H: TEIMPLÉAD AIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA	167

Liosta Táblaí

Tábla 1: Léargas ar bhailiú aiseolais 5

Liosta Fíoracha

Fíor 1: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 1	41
Fíor 2: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 2	42
Fíor 3: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 3	43
Fíor 4: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 4	44
Fíor 5: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 5	45
Fíor 6: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 6	46
Fíor 7: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, na ranguithe tosaíochta is airde	47
Fíor 8: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 1.....	48
Fíor 9: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 2.....	49
Fíor 10: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas	50
Fíor 11: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 4	51
Fíor 12: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 5	52
Fíor 13: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 6	53
Fíor 14: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 7	54
Fíor 15: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, na ranguithe tosaíochta is airde	55
Fíor 16: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 1.....	56
Fíor 17: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 2.....	57
Fíor 18: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 3.....	58
Fíor 19: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 4.....	59
Fíor 20: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 5.....	59

Fíor 21: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 6.....	60
Fíor 22: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 7.....	61
Fíor 23: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, na ranguithe tosaíochta is airde.....	62
Fíor 24: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 1	63
Fíor 25: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 2	63
Fíor 26: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 3	64
Fíor 27: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 4	65
Fíor 28: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 5	65
Fíor 29: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 6	66
Fíor 30: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 7	67
Fíor 31: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, na ranguithe tosaíochta is airde.....	68
Fíor 32: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 1	69
Fíor 33: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 2	70
Fíor 34: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 3	71
Fíor 35: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 4	72
Fíor 36: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 5	72

Fíor 37: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 6	73
Fíor 38: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 7	74
Fíor 39: Ceistneoir oideora, Folláine, na ranguithe tosaíochta is airde	75
Fíor 40: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 1	76
Fíor 41: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 2	77
Fíor 42: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 3	78
Fíor 43: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 4	78
Fíor 44: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 5	79
Fíor 45: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 6	80
Fíor 46: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 7	81
Fíor 47: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 8	82
Fíor 48: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 1	83
Fíor 49: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 2	84
Fíor 50: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 3	85
Fíor 51: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 4	86
Fíor 52: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 5	87
Fíor 53: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 6	88
Fíor 54: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 7	89
Fíor 55: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 8	89
Fíor 56: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Oideachas Ealaíon, ráitis 1-4	90
Fíor 57: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Nuatheangacha lasachta, ráitis 1-2.....	91
Fíor 58: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráitis 1-2	92

Fíor 59: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráitis 1-393

Fíor 60: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Folláine, ráitis 1-5..... 94

Cuid 1: Réamhrá

Tar éis próiseas mór forbartha agus comhairliúcháin, foilsíodh *Creatchuraclam na Bunscoile* (Rialtas na hÉireann) i mí an Mhárta 2023. Ag eascairt as *Creatchuraclam na Bunscoile*, d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) dréachtsonraíochtaí curaclaim sna réimsí seo a leanas:

- Oideachas Ealaíon;
- Nuatheangacha lasachta (NTI) i gCuraclam Teanga na Bunscoile;
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI);
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (OETI);
- Folláine.

Bhí taighde fairsing, idirghníomhaíocht shuntasach le scoileanna, torthaí ó chomhairliúcháin ábhartha a rinneadh roimhe sin, agus rannpháirteachas dlúth le struchtúir ionadaíoch CNCM mar bhonn eolais faoin obair forbartha ar an gcuraclam.

Foilsíodh na dréachtsonraíochtaí curaclaim le haghaidh comhairliúcháin i mí an Mhárta 2024, agus lean an comhairliúchán ar aghaidh go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2024. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin a chinntiú go bhféadfadh aon duine ar mhian leo a dtuairimí ar na dréachtsonraíochtaí a chur in iúl déanamh amhlaidh, agus baineadh sin amach trí raon modhanna a dtugtar breac-chuntas orthu sa chuid a bhaineann le Modheolaíocht. Tugadh faoi phróiseas suntasach cumarsáide chun poiblíocht a dhéanamh ar gach deis aiseolais (féach Aguisín A chun sonraí a fháil). Rinneadh bearta sonracha chun a chinntiú go raibh raon leathan éagsúil rannpháirtithe agus peirspictíochtaí le fáil sa chomhairliúchán. Fuair CNCM tacaíocht ó roinnt eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí chun fócasghrúpaí a eagrú le haghaidh tuismitheoirí agus cúramóirí, a bhféadfadh bac ar rannpháirtíocht a bheith rompu.

Bailíodh roinnt mhaith aiseolais le linn an chomhairliúcháin, agus rinneadh anailís air sin ar fad agus cuirtear na torthaí i láthair sa tuarascáil seo. Ar an iomlán, tá fáilte roimh na dréachtsonraíochtaí curaclaim ar an mórgóir, agus táthar idir thógtha agus dearfach faoi athfhorbairt agus nuachóiriú an churaclaim. Ba mhór ag daoine an bhéim ar chumas gníomhúcháin múinteoirí, solúbthacht, cumas gníomhúcháin linbh agus féachaint ar an leanbh mar rannpháirtí gníomhach. Mar sin féin, in éineacht leis an dearfach ghinearálta sin, léiríodh imní agus amhras maidir leis na dréachtsonraíochtaí curaclaim agus fadhbanna córasacha a bhaineann le hathruithe ar an gcuraclam. Aithníodh dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm, go háirithe i ndáil leis an uair a thabharfaí an t-athrú isteach agus an luas ag a bhfuiltear ag súil é a chur i bhfeidhm, chomh maith le acmhainní a chur ar fáil. Rinneadh roinnt mhaith moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfadh an curaclam athfhorbartha a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Díritear i bpríomhchorp na tuarascála seo ar an aiseolas a fuarthas i dtaobh na ndréachtsonraíochtaí, ach tugtar achoimre in Aguisín B ar an raon suntasach freagairtí a fuarthas i dtaobh na dtacaíochtaí a theastaíonn chun iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Bhí raon leathan rannpháirtithe páirteach sa chomhairliúchán, agus tá an raon dearcthaí a cuireadh in iúl leathan dá réir sin. De réir mar a tharla i gcás comhairliúcháin eile ar churaclaim, thapaigh roinnt rannpháirtithe an deis dearcthaí a chur in iúl a bhain le ceisteanna nach mbaineann le

hábhár na ndrúachtsonraíochtaí curaclaim. Ina theannta sin, bhí roinnt aiseolais dírithe ar chuir chuige agus foghlaim nach bhfuil sna drúachtsonraíochtaí. Bhí sé sin níos feiceálaí sna haighneachtaí agus sna ceistneoirí, ina raibh míchruinneas le sonrú san aiseolas maidir le hábhár na ndrúachtsonraíochtaí. Mar sin féin, ba léir go raibh cur amach ag formhór mór na rannpháirtithe ar na sonraíochtaí agus tugtar contanaim dearcthaí san aiseolas a fuarthas.

Tá an tuarascáil seo struchtúrtha ar dhá thacar aiseolais, a dtugtar tuairisc orthu sa Mhodheolaíocht sa chéad chuid eile agus in Aguisín C. Tá Léiriú na dTorthaí ina dhiaidh sin i gCuid 3. Cuirtear an t-aiseolas cainníochtúil ó na ceistneoirí i láthair ansin, i gCuid 3 freisin. Tugtar achoimre feidhmiúcháin i gCuid 4 ar na haighneachtaí a fuarthas agus tugtar achoimre feidhmiúcháin i gCuid 5 ar an gcomhairliúchán le páistí. Sa chuid dheireanach, Cuid 6, tugtar achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin.

Foilsítear trí cháipéis in éineacht leis an tuarascáil seo, lena n-áirítear:

- Tuarascáil theicniúil ina sonraítear na bunfhreagraí ceistneoirí focal ar fhocal
- An tuarascáil ar an *gComhairliúchán le Páistí ar Dhrúachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile*
- Na haighneachtaí scríofa a bhfuarthas toiliú foilsithe ina leith.

Cuid 2: Modheolaíocht

Bailíodh aiseolas maidir le dhá théama shuntasacha ar leithligh:

1. A mhéid atá na cúig dhréachtsonraíocht i gcomhréir leis na príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile (AACB) agus *Creatchuraclam na Bunscoile* (féach Aguisín H le haghaidh na bPríomhtheachtaireachtaí)
2. Inneachar gach ceann de na cúig dhréachtsonraíocht.

D'éirigh leis an gcomhairliúchán aiseolas go leor a bhailiú, aiseolas a rachaidh chun tairbhe thabhairt i gcrích na sonraíochtaí. Tugtar léargas ar an aiseolas a bailíodh agus an anailís a rinneadh thíos, agus tá sonraí iomlána mhodheolaíocht an chomhairliúcháin le fáil in Aguisín H.

2.1 Bailiú Aiseolais

Úsáideadh réimse modhanna, ina raibh na dréachtsonraíochtaí léite ag na rannpháirtithe (seachas na páistí), chun aiseolas a bhailiú (féach Tábla 1). Bailíodh an chuid is mó den aiseolas trí phlé le múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, gairmithe oideachais agus comhlachtaí páirtithe leasmhara. Rinneadh cuid de sin as Gaeilge. Bailíodh aiseolas le ceistneoirí ar líne freisin, a bhí ar fáil as Gaeilge chomh maith.

Tábla 1: Léargas ar bhailiú aiseolais

Comhairliúchán le páistí	Arna dhéanamh ag foireann ó Institiúid Oideachais Marino thar ceann CNCM. Tá an Achoimre Feidhmiúcháin ar fáil i gCuid 5. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán ag: https://ncca.ie/media/2dyboryp/consultation_with_children_report.pdf
Cruinnithe déthaobhacha	Reáchtáladh 11 chruinniú dhéthaobhacha le heagraíochtaí páirtithe leasmhara. (Féach Aguisín F le haghaidh an sceidil ceisteanna dhéthaobhaigh.)
Grúpaí fócais ar an láthair go pearsanta	Tionóladh seacht n-imeacht le haghaidh múinteoirí agus ceannairí scoile in Ionaid Oideachais ar fud na tíre. D'fhreastail 100 rannpháirtí orthu san iomlán. Reáchtáladh sé fhócasghrúpa eile le tuismitheoirí ó chúlraí éagsúla. (Féach Aguisín D le haghaidh an sceidil ceisteanna don fhócasghrúpa ar an láthair agus Aguisín C le haghaidh liosta na n-eagraíochtaí a thacaigh leis na fócasghrúpaí le tuismitheoirí)
Grúpaí fócais ar líne	Tionóladh cúig fhócasghrúpa ar líne le haghaidh múinteoirí agus ceannairí scoile, agus dhírigh gach ceann ar Réimse Curaclaim ar leith. Tionóladh dhá fhócasghrúpa eile ar líne, ceann do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ceann do mhúinteoirí imirceacha. (Féach Aguisín E le haghaidh na sceideal ceisteanna don fhócasghrúpa ar líne.)
Comhdháil chomhairliúcháin	D'fhreastail thart ar 200 rannpháirtí ar an gComhdháil Chomhairliúcháin i bPáirc an Chrócaigh. (Féach Aguisín E le haghaidh na sceideal ceisteanna.)

Líonraí Scoileanna	Rinne roinnt scoileanna, a d'fhreagair cuireadh poiblí i mí Eanáir 2024 ó CNCM le bheith páirteach sa chomhairliúchán, breithniú ar gach dréachtsonraíocht Réimse Curaclaim. (Féach Aguisín C le haghaidh sonraí.)
Ceistneoirí	Cuireadh dhá cheistneoir ar fáil ar an ardán Microsoft Forms: ceann do mhúinteoirí, ceannairí scoile agus gairmithe oideachais eile; agus ceann eile do thuismitheoirí/chaomhnóirí. (Féach Aguisín G le haghaidh téacsanna ceistneora.)
Aighneachtaí	Chuir CNCM gairm oscailte amach ar fhreagraí ó pháirtithe leasmhara agus páirtithe eile maidir lena gcuid dearcadh i ndáil le Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile. (Féach Cuid 4 le haghaidh achoimre feidhmiúcháin ar na haighneachtaí scríofa.)

D'éascaigh foireann CNCM na cruinnithe déthaobhacha, na fócasghrúpaí (go pearsanta ar an láthair agus ar líne), rannpháirtíocht na líonraí scoileanna agus na pléghrúpaí ag an gComhdháil Chomhairliúcháin, agus thairfead breacairí nótaí CNCM an plé. Le linn an chéad bhabhta d'fhócasghrúpaí agus na comhdhála comhairliúcháin, thug éascaitheoirí CNCM an easpa éagsúlachta i measc thuismitheoirí agus múinteoirí faoi deara. Chun aghaidh a thabhairt air sin, d'oibrigh CNCM le roinnt grúpaí ionadaíocha (féach Aguisín G) chun fócasghrúpaí a eagrú le thuismitheoirí ó réimse leathan cúlraí agus le grúpa múinteoirí imirceacha. Cé gur díriodh aird ar na saincheistanna céanna agus gur tugadh réimse freagraí den chineál céanna go seasmhach i measc na dtuismitheoirí uile ar fud na bhfócasghrúpaí, sonraítear na pointí úd a d'ardaigh grúpaí sonracha thuismitheoirí sa téacs. Is amhlaidh atá i gcás an aiseolais ó mhúinteoirí imirceacha.

2.2 Anailís

Maidir leis an aiseolas a bailíodh sna cruinnithe déthaobhacha, sna fócasghrúpaí (go pearsanta ar an láthair agus ar líne), sna líonraí scoileanna agus sna pléghrúpaí ag an gcomhdháil chomhairliúcháin, rinneadh anailís ar an aiseolas sin agus anailís théamach chéimnithe Braun agus Clarke (2006) in úsáid (féach Aguisín G).

Íoslódáladh freagraí ceistneora focal ar fhocal agus tiontaíodh iad ina gcairteacha le bogearraí Microsoft Forms. Cuireadh an t-aiseolas scríofa ó na freagraí ceistneora san áireamh san anailís cháilíochtúil i gcás an réimse curaclaim shonraigh. Féach an Tuarascáil Theicniúil le haghaidh freagraí ceistneora focal ar fhocal, lena n-áirítear téacs scríofa.

Rinne anailísí neamhspleách athbhreithniú ar na haighneachtaí agus d'eagraigh iad. I gcás dhá chóip den aighneacht chéanna (m.sh. tháinig an aighneacht chéanna ar MS Forms agus ar ríomhphost), coinníodh cóip amháin.

2.3 Tuairisciú

Tar éis na hanailíse, scríobhadh achoimrí ar na torthaí agus tugtar iad sin ina n-iomláine i gCuid 3 Léiriú na dTorthaí.

Cuid 3: Léiriú na dTorthaí

Torthaí maidir le Príomhtheachtaireachtaí an Athbhreithnithe agus na hAthfhorbartha ar Churaclam na Bunscoile (AACB)

3.1 Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sna codanna seo a leanas ar na príomhthéamaí a tháinig as an aiseolas cáilíochtúil a taifeadh le linn na bhfócasghrúpaí, na Comhdhála Comhairliúcháin, na gcuinnithe Líonraí Scoileanna agus na gcuinnithe déthaobhacha; in éineacht leis na freagraí cáilíochtúla ar na ceistneoirí ar líne do ghairmithe agus do thuismitheoirí, maidir leis na cúig Phríomhtheachtaireacht d’Athbhreithniú agus Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile (AACB) (féach Aguisín C le haghaidh na bPríomhtheachtaireachtaí). Rangaítear na torthaí faoi na Príomhtheachtaireachtaí thíos. Pléitear Príomhtheachtaireachtaí a ceathair agus a cúig le chéile sa chuid thíos maidir le Foghlaim, Teagasc agus Measúnú.

3.1.1 Chuir na dréachtsonraíochtaí le Curaclam na Bunscoile reatha (1999) agus d’fhreagair do thosaíochtaí éiritheacha

Léirigh na rannpháirtithe sna himeachtaí comhairliúcháin tuairimí, a bhí dearfach ar an iomlán, maidir leis an gcaoi a gcuireann na dréachtsonraíochtaí curaclaim le láidreachtaí Churaclam 1999. Léirigh siad meas agus cion go minic ar an gcuraclam atá 25 bliain d’aois, ach bhí siad ar son athrú. Shainaithin go leor acu príomhghnéithe den churaclam sin sna sonraíochtaí reatha, amhail fócas páistelárnach, cur chun cinn modheolaíochtaí foghlama gníomhaí, agus foghlaim chomhtháite, agus chuir siad fáilte roimh an leanúnachas sin. Moladh ‘gnáth-theanga agus téarmaíocht’ na ndruchtsonraíochtaí. Dar le duine de na rannpháirtithe, ‘níor léirigh [na sonraíochtaí] aon athrú rómhór ar chuir chuige Churaclam 1999’. Tugadh le fios le dearcadh amháin ‘go ngabhann [an curaclam athfhorbartha] an chuid is fearr [de Churaclam 1999] agus déantar dul chun cinn’.

Bhí an coincheap sin maidir le ‘dul chun cinn’ le sonrú i roinnt mhaith freagraí ar fud an chomhairliúcháin. Ar an tuairim ba thábhachtaí i measc na bhfreagraí sin ba ea an dearcadh ‘gur léiríodh an tsochaí chomhaimseartha’ sna sonraíochtaí, go háirithe na hathruithe iomadúla ar an tsochaí le 25 bliain anuas. ‘Aitheantas tugtha do na hathruithe atá ann ó 1999’, mar a dúirt rannpháirtí eile. I measc na n-athruithe ar tagraíodh dóibh go minic bhí struchtúir teaghlaigh éagsúla agus eitneacht, nuálaíochtaí teicneolaíochta, ionchuimsiú, breisteangachas agus cúrsaí comhshaoil amhail inbhuanaitheacht. Dúirt rannpháirtí amháin gur ‘oiriúnú don saol mar atá in Éirinn’ a bhí sa churaclam athfhorbartha. Mheas roinnt rannpháirtithe go raibh ábhair den sórt sin á gcur san áireamh sa chleachtas reatha cheana féin agus mar a dúirt duine acu, bhíothas tar éis ‘dul lasmuigh de theorainn Churaclam 1999’. Chuir roinnt rannpháirtithe eile ábhair imní in iúl maidir le hathruithe faoi leith i réimsí foghlama amhail na hEalaíona agus Teangacha. Dúirt cuid acu gur cheart a bheith cúramach gan luachanna cultúrtha Éireannacha a mhaolú agus an t-athrú á ghlacadh.

Cuireadh fáilte roimh struchtúr an curaclaim athfhorbartha; sonraíodh ‘soiléireacht’ agus ‘gontacht’ sna freagraí. Tugadh dearbhú suntasach do na Príomhinniúlachtaí, go háirithe, A bheith i do Shaoránach Gníomhach, A bheith Slán agus A bheith i d’Fhoghlaimeoir Digiteach, inniúlachtaí ar measadh iad a bheith ‘ag cur chun cinn forbairt iomlánaíoch’ páistí. Bhíothas sásta maidir leis an

struchtúr athfhorbartha agus na dréachtsonraíochtaí mar gur measadh 'go sainaithníonn agus go bhfreagraíonn siad do na tosaíochtaí éiritheacha i bhfoghlaim páistí'. I measc na dtosaíochtaí dá dtagraítear anseo tá foghlaim dhigiteach, foghlaim amuigh faoin aer, an timpeallacht áitiúil, Nuatheangacha lasachta, Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe, agus Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta. Mheas roinnt rannpháirtithe go raibh 'an iomarca béime ar an teicneolaíocht'. Bhí inní ann freisin 'nach léiríonn [na dréachtsonraíochtaí] riachtanais éagsúla na bpáistí uile', lena dtagraítear go sonrach do pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu. I gcomhthéacs an oideachais speisialta, fuarthas tuairimí éagsúla maidir le ról na gConairí Tacaíochta Breise (Caibidil 5) agus cé acu an mbeadh gá le tacaíochtaí breise do pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.

Dúirt roinnt rannpháirtithe go raibh inní orthu maidir leis an ualach róthrom a braitheadh sa churaclam agus mheas go raibh an t-ualach oibre á mhéadú, ní hamháin leis na réimsí 'nua', amhail Nuatheangacha lasachta agus an Innealtóireacht, ach le himeachtaí agus tionscnaimh sheachtracha freisin, amhail Clár na Scoileanna Glasa. Ábhar inní gaolmhar a bhí san 'inní go bhfuil an iomarca scileanna le múineadh'. De réir tuairimí eile a tugadh, measadh go raibh an struchtúr athfhorbartha agus na sonraíochtaí ag iarraidh dul i ngleic le fadhb an ualaigh oibre róthrom, go háirithe sna cásanna ina bhféadfadh na Torthaí Foghlama is leithne foghlaim níos comhtháite a éascú, fad a moladh 'eiseamláir sna hUirlisí Úsáide' mar bhealach úsáideach chun an t-ualach róthrom a laghdú.

Cuireadh fáilte roimh an réimse leathan cuir chuige oideolaíochta a moladh sna sonraíochtaí, amhail foghlaim chomhoibríoch, smaointeoireacht dearaidh agus cumas gníomhúcháin níos mó a thabhairt do pháistí. I dteannta roinnt tráchtanna dearfacha léiríodh roinnt ábhair inní maidir le cur i bhfeidhm agus cinntiú na cothromaíochta in oideolaíochtaí, amhail teagasc díreach a chumas le foghlaim ghníomhach agus cuir chuige spraiúla. Cé gur cuireadh fáilte mhór roimh an mbéim ar an súgradh ar an mórgóir, bhí roinnt rannpháirtithe in amhras go mbeadh cuir chuige spraiúla oiriúnach do na páistí sna ranganna sinsearach ag Céim 4 (Rang a Cúig agus Rang a Sé). Go deimhin, léiríodh sna tráchtanna an tuiscint éagsúil atá ag rannpháirtithe ar chuir chuige ar bhonn súgartha agus ar an súgradh féin.

Sna tráchtanna maidir le measúnú, d'aithin na rannpháirtithe go raibh athrú tagtha ar an smaointeoireacht i ndáil le measúnú le blianta beaga anuas, agus gur léiríodh sin sna dréachtsonraíochtaí. Bhíothas sásta ar an mórgóir le féinmheasúnú agus piarmheasúnú páistí chomh maith leis an gcontanam measúnaithe. Mar sin féin, léiríodh inní freisin go bhféadfadh trialacha caighdeánaithe srian a chur le cumas gníomhúcháin an mhúinteora agus measúnú á dhéanamh ar fhoghlaim an pháiste.

3.1.2 Cumas gníomhúcháin agus Solúbthacht

Bhí an mhórchuid dearfach faoi choincheap an chumais gníomhúcháin. Cé gur bhain roinnt áirithe tráchtanna le cumas gníomhúcháin páistí, bhí na rannpháirtithe níos dírithe ar an múinteoir ranga mar ghairmí gníomhaíoch. Ba léir ó thráchtanna na rannpháirtithe go raibh tuiscint éagsúil ann ar bhrí an chumais gníomhúcháin; úsáideadh na téarmaí 'cumas gníomhúcháin', 'neamhspleáchas', 'solúbthacht' agus 'saoirse' go comhchiallach. Measadh ar an mórgóir gur téarma é cumas gníomhúcháin a tugadh do mhúinteoirí le déanaí, ach mhothaigh cuid de na rannpháirtithe gur tugadh deiseanna do mhúinteoirí i gCuraclam 1999 a bheith gníomhaíoch, bíodh is go raibh sé

intuigthe. Thug cuid acu le fios go raibh cumas gníomhúcháin le sonrú i gcleachtadh laethúil an chomhtháite, fad a chonaic daoine eile go raibh sé ina seomraí ranga DEIS.

D'ainneoin na héagsúlachta bealaí ar ar tuigeadh cumas gníomhúcháin, shainnithin na rannpháirtithe na tairbhí a bhaineann leis go héasca, agus measadh in go leor tráchtanna go gcumhachtaítear an cumas gníomhúcháin sna dréachtsonraíochtaí. Ba é an tuairim ba choitianta a léiríodh ná go bhfuil cumas gníomhúcháin ag croí ghairmiúlacht an mhúinteora. De réir na tuairime sin, is cuid riachtanach de chleachtas gairmiúil múinteora í saoirse an mhúinteora breitheanna agus cinntí a dhéanamh maidir leis an suíomh foghlama ina n-oibríonn siad. Cuimsítear leis sin cinntí maidir le pleanáil, sceidealú, oideolaíochtaí agus measúnú. Rinneadh tagairt in go leor tráchtanna don eolas atá ag múinteoirí ar riachtanais agus spéiseanna na bpáistí ina seomraí ranga, agus don chur amach atá acu ar an suíomh scoile agus an ceantar áitiúil, agus féachtar ar an gcur amach sin ar thosca comhthéacsúla mar nithe riachtanacha i ndáil le feidhmiú an chumais gníomhúcháin éifeachtaigh.

Sonraíodh an tsaoirse chun freagairt d'imeachtaí áitiúla agus luadh go minic go ligeann an cumas gníomhúcháin do mhúinteoirí comhtháthú a dhéanamh ar bhonn níos solúbtha, nuair a ghlactar cláir ama nach bhfuil chomh docht céanna. Chomh maith leis sin, bhíothas ar son an chleachtais ghníomhaíoch a ligfeadh do mhúinteoirí níos mó dá gcuid láidreachtaí agus spéiseanna a thabhairt isteach sa seomra ranga.

I measc na dtairbhí uile sainaitheanta sin a bhaineann le cumas gníomhúcháin, measadh go dtugtar deiseanna idirghaolmhara agus tacaíocht d'fhorbairt chleachtas gníomhaíoch na múinteoirí leis an gcuraclam athfhorbartha. Dúirt roinnt daoine go n-éascaíonn na Torthaí Foghlama, san fhoirm leathan, an cleachtas sin. Mheas roinnt mhaith daoine gur thacaigh an bhéim ar an gcomhtháthú leis an gcumas gníomhúcháin, fad a measadh gur cumasaíodh an comhtháthú leis na Príomhinniúlachtaí. Mheas daoine eile go raibh an tsolúbthacht i ndáil le leithdháiltí ama luachmhar ar an mbealach céanna, 'cumasaíonn solúbthacht cumas gníomhúcháin' mar a dúirt duine amháin. Ina theannta sin, measadh gur léiriú ar chleachtas gníomhaíoch é úsáid na gcur chuige éagsúil i leith an mheasúnaithe.

I gcodarsnacht leis na freagraí, a bhí dearfach ar an mórgóir, maidir le forbairt cumais gníomhúcháin múinteoirí, tháinig roinnt ábhair imní chun cinn freisin. D'fhéadfaí a thuiscint go mbaineann siad sin leis na múinteoirí féin, leis an seomra ranga, agus le deacrachtaí sa scoil i gcoitinne agus le deacrachtaí sa chóras i gcoitinne, agus le tionchair lasmuigh den scoil.

I ndáil leis na múinteoirí féin, mheas roinnt mhaith rannpháirtithe go raibh an bhéim ar an gcumas gníomhúcháin ina athrú mór dóibh. Dúirt cuid acu go mbeadh 'gá le hathrú meoin' iontu féin chun go mbeidís in ann féachaint orthu féin mar ghairmithe gníomhaíocha. Bhain formhór na dtráchtanna leis an muinín agus leis an bhféinmhuinín a theastaíonn chun an t-athrú sin a dhéanamh. Anuas ar na hábhair imní sin bhí ceist na cuntasachta. Tugadh le fios i roinnt mhaith freagraí gurbh fhéidir go mbeadh 'an tsaoirse', a thugtar le fios le cumas gníomhúcháin, ina dúshlán dá n-iarrfaí orthu a gcuid roghanna cleachtais a chosaint agus a chruthú.

Bhí an teannas sin a braitheadh idir 'saoirse' (ar ar tugadh 'neamhspleáchas' go minic freisin) agus cuntasacht le sonrú i gcuid mhór den aiseolas ó mhúinteoirí, agus dúirt duine acu gur 'cúis imní agus cúis scleondair é san am céanna'. Luadh ról Chigireacht na Roinne Oideachais go minic mar ní a d'fhéadfadh tacú le cumas gníomhúcháin níos mó. Moladh go mbeadh leibhéal ard eolais ar ábhar agus cumais oideolaíochta ag teastáil ó mhúinteoirí. Dá dhroim sin, ní haon ionadh é go

rabhthas ag iarraidh go láidir tacaíocht agus treoraíocht do mhúinteoirí maidir lena gcuid scileanna cumais gníomhúcháin a fhorbairt, idir an coincheap a thuiscint agus a chur i bhfeidhm i seomraí ranga. Scil amháin a sainaithníodh mar scil a bheadh riachtanach ná forbairt teanga gairmiúla comhroinnte a bheadh ag teacht leis an gcuraclam athfhorbartha agus a d'éascódh an t-idirphlé idir múinteoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha, agus idir na múinteoirí féin.

I measc ábhair inní eile do mhúinteoirí bhí ceist na pleanála agus, arís, cuireadh teannas idir pleanáil aonair an mhúinteora agus an plean uile-scoile in iúl. Bhí inní ar roinnt de na rannpháirtithe go bhféadfaí srian a chur le pleanáil an mhúinteora don seomra ranga de thoradh an phlean uile-scoile, dá mbeadh gá lena chur i bhfeidhm docht, gníomh lena maolófaí an cumas gníomhúcháin. Tugadh le fios go mbeadh 'gá le cur chuige nua i gcás pleanáil uile-scoile i gcomhthéacs'. Bhí an chaoi a n-imreodh cleachtas gníomhaíoch tionchar ar chuir chuige i leith an mheasúnaithe – agus *vice versa* – le sonrú sna tráchtanna freisin. Cuireadh fáilte roimh an gcontanam is leithne modhanna ach cuireadh inní in iúl go bhféadfadh trialacha caighdeánaithe nó trialacha traidisiúnta sa seomra ranga srian a chur leis an gcumas gníomhúcháin – 'an baol go dtiteann múinteoirí siar ar scrúduithe a raibh taithí acu féin orthu'. Bhí coinne le srianta ar an gcumas gníomhúcháin de thoradh tionchar 'cúngaithe' téacsleabhar ar phleanáil don seomra ranga agus oideolaíocht, fad a mheas daoine eile go raibh ról tacúil úsáideach ann do na téacsleabhair.

Tháinig ceist na cuntasachta chun cinn arís i ndáil le rochtain chothrom leathan a bheith ag páistí ar an gcuraclam. Bhí faitíos ar roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh múinteoir mí-úsáid a bhaint as an gcumas gníomhúcháin, agus méid ama díreireach a chaitheamh ar a rogha ábhar. Luadh a bheith cuntasacht do thuismitheoirí freisin, agus tugadh le fios go bhféadfadh roinnt tuismitheoirí míbhí a bhaint as cinntí gníomhaíocha múinteora nó gurbh fhéidir nach n-aontóidís leis na cinntí sin, go háirithe dá mbeidís ag cur ranganna ar an leibhéal céanna i gcomparáid le chéile. Tarraingíodh aird ar ról dúshlánach an phríomhoide mar cheannaire foirne de ghairmithe gníomhaíocha, agus dúradh go mbeadh creideamh an phríomhoide féin sa chleachtas gníomhaíoch rithábhachtach chun tacú lena ghlacadh ag an bhfoireann.

Tuairim a léiríodh go láidir sna comhairliúcháin ná go mbeadh ar na páirtithe leasmhara uile tacú le forbairt cumais gníomhúcháin múinteoirí agus gur cheart tuiscint chomhpháirteach a bheith acu ar an tionchar a bhíonn aige ar obair múinteoirí. Dá réir sin, cé gur aithníodh go mbeadh an cineál cumais gníomhúcháin a chuirfí chun feidhme éagsúil ag brath ar an scoil, ba cheart do lucht bainistíochta na scoile, na tuismitheoirí agus Cigireacht na Roinne Oideachais tacú lena ghnéithe bunúsacha.

Rinne na rannpháirtithe líon sách beag tagairtí d'fhorbairt cumais gníomhúcháin linbh. Cé gur tugadh barúlacha a bhí dearfach maidir le cumas gníomhúcháin a bheith ag páistí i dtaobh a gcuid foghlama, cuireadh in iúl freisin gur gá do pháistí – atá sách cosúil le múinteoirí – scileanna gníomhaíocha a fhoghlaim fad a chinntíonn an múinteoir cothromaíocht i dtaobh na cinnteoireachta sa seomra ranga. I measc na dtráchtanna ansin bhí an méid seo a leanas: 'ní mór paraiméadair a bheith ag gabháil leis an gcumas gníomhúcháin' agus 'ba cheart ionchur a bheith ag páistí, ach is iad na múinteoirí na gairmithe'. Tugadh le fios go dtacaíonn Príomhinniúlachtaí an churaclaim le cumas gníomhúcháin na bpáistí. Maidir le príomhchleachtas oideolaíochta sna sonraíochtaí Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta – Smaointeoireacht Dearaidh – measadh gur dhócha go gcuirfeadh sé sin cumas gníomhúcháin na bpáistí chun cinn. Bhíothas dearfach maidir le ról níos mó a bheith ag páistí i measúnú a gcuid oibre féin, agus ar

bhonn níos ginearálta, dúirt rannpháirtí: ‘Leis an gcuraclam is féidir glór na bpáistí a chur san áireamh agus tá sé le cloisteáil beagán níos airde ná mar a bhí sa churaclam roimhe seo’.

3.1.3 Aistrithe agus ceangail idir an curaclam réamhscoile, bunscoile, agus iar-bhunscoile agus tacú le dul chun cinn feadh na bunscolaíochta

Ar an iomlán, bhraith rannpháirtithe go raibh fócas láidir ar aistrithe agus ceangail laistigh de na dréachtsonraíochtaí curaclaim, agus thug cuid acu le fios go bhfuil an bhéim sin níos láidre ná mar a bhí i gCuraclam na Bunscoile, 1999. Maidir leis an mbéim ar leanúnachas foghlama agus ceangail a bhunú idir earnálacha (.i. luathbhlianta, bunscoil, iar-bhunscoil), aithníodh í sin mar phríomhláidreacht de na dréachtsonraíochtaí curaclaim. D’aithin na rannpháirtithe go dtacaíonn an cur chuige i leith na foghlama agus an teagaisc sna dréachtsonraíochtaí le haistrithe agus maolaíonn sé na bearnaí a bhraitear idir earnálacha. Anuas air sin, tacaíonn béim ar chumas gníomhúcháin linbh agus rogha ó na luathbhlianta go dtí an iar-bhunscoil le leanúnachas na foghlama.

Cuireadh fáilte roimh an dul chun cinn soiléir nó ‘gluaiseacht’ idir céimeanna/ranganna sna dréachtsonraíochtaí curaclaim. D’aithin na rannpháirtithe an dul chun cinn ó chur chuige comhtháite ag Céim 1 agus Céim 2 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó) go dtí cur chuige a dhíríonn níos mó ar ábhair i gCéim 3 agus Céim 4 (Rang a Trí go Rang a Sé), agus luadh go gcuideodh cur chuige spráúil i leith na foghlama i mblianta na bunscoile leis an aistriú sin. Go deimhin, tugadh tacaíocht shuntasach d’ionchuimsiú na n-oideolaíochtaí spráúla ar fud an churaclaim athfhorbartha. Braitheadh go gcuirfeadh cur chuige spráúil ar na céimeanna uile eispéireas foghlama agus teagaisc níos comhtháite chun cinn agus go dtacódh sé le leanúnachas foghlama. Mar sin féin, d’iarr roinnt rannpháirtithe cur chuige níos dírithe chun tacú le leanúnachas na foghlama idir ranganna, a thacódh le haistrithe idir an bhunscoil shóisearach agus an bhunscoil shinsearach freisin.

Sonraíodh ailíniú soiléir le *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige* mar láidreacht de na dréachtsonraíochtaí. Braitheadh go leathnaítear leis na sonraíochtaí forbairt scileanna ó na luathbhlianta, agus d’aithin na rannpháirtithe na naisc dhíreacha idir na curaclaim. Ina theannta sin, tugadh le fios go bhfuil an fócas ar an súgradh sna dréachtsonraíochtaí ag teacht le bunchlocha an tsúgartha in *Aistear* agus go bhforbraítear iad. Cé gur cuireadh fáilte roimh an leanúnachas soiléir idir na luathbhlianta agus curaclam na bunscoile, d’iarr roinnt rannpháirtithe teachtaireacht shoiléir maidir le háit *Aistear* sa churaclam athfhorbartha. Thairis sin, moladh gur cheart, leis an gcuraclam, leanúint ar aghaidh ag forbairt an chuir chuige luathbhlianta, na cuir chuige oideolaíochta agus struchtúr na gcéimeanna tosaigh sna bunscoileanna chun tacú leis an aistriú agus chun leanúnachas na foghlama a chur chun cinn.

Tugadh freagraí éagsúla maidir leis na ceangail agus an leanúnachas idir na dréachtsonraíochtaí agus an curaclam iar-bhunscoile. Bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim go dtéann na dréachtsonraíochtaí i ngleic go héifeachtach leis an mbearna a bhraitear idir curaclam na bunscoile agus curaclam na hiar-bhunscoile, toisc go dtacaíonn siad le fiosrú domhain i ndáil leis na réimsí curaclaim éagsúla (mar shampla, i Nuatheangacha lasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile agus Eolaíocht). Aithníodh an nasc soiléir idir cur chuige ar bhonn fiosraithe sna dréachtsonraíochtaí curaclaim agus curaclam na Sraithe Sóisearaí agus bhí léirthuiscint ann dó sin. Thug roinnt rannpháirtithe le fios go mbeidh páistí ullmhaithe ar bhealach níos fearr don fhoghlaim neamhspleách san oideachas iar-bhunscoile. Mheas rannpháirtithe eile, áfach, go raibh na cuir

chuige sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil ar neamhréir lena chéile, agus cheistigh an gcuirfeadh an bhéim mhéadaithe ar an spráilacht sa bhunscoil leis na deacrachtaí aistrithe chuig an iar-bhunscoil. Braitheadh nár mhór d'aon nuashonrú ar churaclam na hiar-bhunscoile na hathruithe ar leibhéal na bunscoile a léiriú chun ailíniú a chinntiú agus tacú le leanúnachas foghlama.

Agus treoir á tabhairt maidir leis an gcaoi ar féidir tacú le haistrithe, luaigh na rannpháirtithe, arís agus arís eile, an gá le tacú leis an gcomhoibriú agus leis an gcumarsáid ar fud na n-earnálacha. Tarraingíodh aird ar an ngá le smaointeoireacht chomhleanúnach, agus bhraith na rannpháirtithe go dtairbhíonn oideoirí ó thuiscint agus feacht níos doimhne ar a dtarlaíonn ar fud saol scoile páistí. Cé gur thug roinnt rannpháirtithe le fios go dtacaíonn *Mo Scéal* agus an Pas Oideachais le haistrithe, bhraith rannpháirtithe eile go bhfeadfaí iad a úsáid ar bhealach ní b'éifeachtaí agus ní ba sheasmhaí. Aithníodh an gá le cumarsáid níos fearr idir earnálacha agus bunú caidreamh gairmiúil níos láidre mar ní riachtanach chun tacú le haistrithe. Thairis sin, tarraingíodh aird ar ról na dtuismitheoirí i ndáil le tacú leis an bpróiseas aistriúcháin. Teastaíonn níos mó cumarsáide le tuismitheoirí/caomhnóirí i ndáil le hathruithe ar an gcuraclam agus aistrithe, de réir na dtuairimí.

3.1.4 Foghlaim, Teagasc agus Measúnú

Bhíothas dearfach maidir leis an gcur chuige i leith na foghlama, an teagasc agus an mheasúnaithe sna dréachtsonraíochtaí curaclaim. Bhí na rannpháirtithe moltach, ar an mórgóir, maidir le leagan amach na sonraíochtaí, agus mhol an úsáid as pointí urchair, léaráidí agus foclóir nascála chun soiléireacht a fheabhsú. Luadh freisin go raibh an contanam amhairc le haghaidh measúnú ina chabhair. Bhraith roinnt rannpháirtithe, áfach, gur gá teanga na sonraíochtaí a bheith níos cuíchóirithe agus níos simplí chun aonfhoirmeacht ar fud na gcáipéisí curaclaim a chinntiú.

Bhí glacadh leis na Torthaí Foghlama sna dréachtsonraíochtaí curaclaim, den chuid is mó, agus bhraith na rannpháirtithe go ndeachaigh siad i ngleic go héifeachtach leis an dul chun cinn sna hocht mbliana den bhunscoil. Bhraith na rannpháirtithe go raibh na Torthaí Foghlama ionchuimsitheach agus gur 'cuireadh i láthair go maith' iad. Cé gur luaigh roinnt mhaith daoine go raibh leithead na dTorthaí Foghlama dearfach, bhí imní ar roinnt eile go bhféadfadh an leithead sin go mbeadh sé deacair 'rudaí a dhaingniú' i ndáil leis an bhfoghlaim. Anuas air sin, chuir daoine eile comhairle orainn go bhféadfadh an taistriú chuig Torthaí Foghlama sa churaclam athfhorbartha, le hais cuspóirí ábhair, a fhágáil nach mbeadh múinteoirí cinnte faoin ábhar ba cheart a mhúineadh agus cé acu atá nó nach bhfuil 'an rud ceart á dhéanamh' acu. Cheistigh roinnt rannpháirtithe an raibh na Torthaí Foghlama inrochtana do pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu. Moladh gur cheart na Conairí Tacaíochta Breise a nascadh go soiléir leis na Torthaí Foghlama chun cuidiú le múinteoirí tacaíocht a thabhairt do na páistí uile. Thairis sin, moladh contanam dul chun cinn a chur i ngach réimse curaclaim chun tacú le glacadh na sonraíochtaí curaclaim i gcomhthéacsanna oideachais speisialta.

Braitheadh go raibh na Príomhinniúlachtaí ina ngné lárnach de na sonraíochtaí, agus dúirt rannpháirtithe go raibh siad le sonrú sna Torthaí Foghlama. Bhraith rannpháirtithe go raibh na Príomhinniúlachtaí aireach ar na tosaíochtaí éiritheacha maidir le foghlaim an pháiste agus go léirítear leo scileanna, dearcthaí agus luachanna a theastaíonn ó pháistí agus iad ag dul i ngleic leis an tsochaí chomhaimseartha. Ina theannta sin, aithníodh luach na bPríomhinniúlachtaí i bhforbairt fhoghlaim an pháiste mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Moladh ionchuimsiú inisealacha na bPríomhinniúlachtaí faoi na Torthaí Foghlama, toisc gur chreid na rannpháirtithe gur tharraing sé aird ar na hinniúlachtaí, fad a soláthraíodh soiléireacht agus tacaíocht do mhúinteoirí agus iad

ag pleanáil agus ag ullmhú. Bhraith daoine eile, áfach, go bhféadfadh ionchuimsiú na bPríomhinniúlachtaí faoi na Torthaí Foghlama cur isteach ar chumas gníomhúcháin múinteoirí.

Moladh an réimse leathan cuir chuige oideolaíochta ar tugadh breac-chuntas orthu sna dréachtsonraíochtaí curaclaim. Bhíothas dearfach ar an mórgóir maidir le háireamh na n-oideolaíochtaí spráúla agus na foghlama ar bhonn fiosraithe ar fud an churaclaim, chun cabhrú le páistí a bheith ag foghlaim go nádúrtha agus chun tacú le múinteoirí na haistrithe a éascú. Bhí na rannpháirtithe dearfach i ndáil leis an imeacht a braitheadh ón bhfoghlaim ó théacsleabhair agus d'aithin an fócas soiléir páistelárnach sna sonraíochtaí. Cé go raibh na tráchtanna maidir leis an oideolaíocht dearfach den chuid is mó, cheistigh roinnt rannpháirtithe an áit atá ag an teagasc díreach sa churaclam, agus mhaígh gur fiú an modh sin a chur san áireamh i measc na gcur chuige oideolaíochta molta. Ina theannta sin, léiríodh roinnt imní maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm cur chuige spráúil, agus d'iarr roinnt mhaith rannpháirtithe tuilleadh soiléireachta maidir lena mbeadh i gceist le hoideolaíochtaí spráúla sna ranganna sinsearacha.

Cuireadh fáilte roimh an bhfócas ar an measúnú ar fud an churaclaim, in éineacht leis an raon modhanna measúnaithe a sholáthraítear, agus bhraith na rannpháirtithe go raibh an cur chuige i leith an mheasúnaithe ag teacht leis an treoir ón bhfoilseachán *Ullmhúchán don Teagasc agus don Foghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta* (Rialtas na hÉireann, 2021). Bhraith rannpháirtithe go dtacódh an réimse cuir chuige measúnaithe le cumas gníomhúcháin múinteoirí agus solúbthacht agus go soláthrófaí spás do mhúinteoirí a gcur chuige i leith an mheasúnaithe a shaincheapadh. Tugadh moladh suntasach do chuimsiú an mheasúnaithe iomasaigh sna sonraíochtaí, agus chuir rannpháirtithe fáilte roimh aithint gairmiúlachta múinteoirí agus aithint an mheasúnaithe leanúnaigh a dhéantar sna seomraí ranga. Anuas air sin, moladh an bhéim ar mheasúnú foirmitheach ar fud na sonraíochtaí freisin. Bhraith rannpháirtithe go dtiocfaidh athrú ar an tuiscint atá ar mheasúnú agus ar chuspóir an mheasúnaithe de thoradh na sonraíochtaí; beidh measúnuithe ina léiriú níos fearr agus beidh siad níos fiúntaí, agus cuirfear béim níos mó ar fhorbairt mhuinín an pháiste in ionad na gnóthachtála amháin. Bhí imní ann, áfach, go bhféadfadh mí-ailíniú a bheith ann idir roinnt straitéisí measúnaithe agus na cuir chuige oideolaíochta mholta sna dréachtsonraíochtaí. Dúirt roinnt mhaith rannpháirtithe go bhfuil na himeachtaí measúnaithe foirmiúla (m.sh. trialacha caighdeánaithe) ag teacht salach ar na cuir chuige, a bhaineann le taithí agus súgradh, a mholtar.

Torthaí maidir leis na Cúig Dhréachtsonraíocht maidir le Curaclam na Bunscoile

3.2 Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sna codanna seo a leanas ar na príomhthéamaí a aithníodh ón anailís ar an aiseolas cáilíochtúil a taifeadadh le linn na bhfócasghrúpaí, na Comhdhála Comhairliúcháin, na gcruinnithe Líonraí Scoileanna agus na gcruinnithe déthaobhacha, in éineacht leis na freagraí cáilíochtúla ar na ceistneoirí ar líne do ghairmithe agus do thuismitheoirí, maidir le hinneachar na ndruchtsonraíochtaí curaclaim aonair. Rangaítear na torthaí faoi na réimsí curaclaim faoi leith.

3.2.1 Oideachas Ealaíon

Réamhrá

Léiríodh san anailís ar an aiseolas comhairliúcháin go rabhtas sásta ar an mórgóir leis an dréachtsonraíocht churaclaim don Oideachas Ealaíon. Chuir rannpháirtithe fáilte roimh an tagairt do chomhpháirtíochtaí idir scoileanna agus ealaíontóirí, chomh maith le comhtháthú laistigh de na healaíona agus ar fud réimsí curaclaim eile. Tarraingíodh aird san aiseolas ar ábhair imní shonracha agus moltaí maidir le feabhsú an inneachair, an chuir i láthair agus na hinúsáidteachta. Sainithníodh trí théama san anailís ar an aiseolas. Is iad seo a leanas na téamaí sin:

- Naisc a dhéanamh
- Cothromaíocht a bhaint amach
- Inúsáidteacht agus aontacht

Téama 1: Naisc a Dhéanamh

Mhol rannpháirtithe acmhainn an dréachtchuraclaim don Oideachas Ealaíon réimse nasc a chothú; nasc leis an bpobal agus le healaíontóirí áitiúla, nasc ar fud foirmeacha ealaíne, nasc le cultúr na hÉireann agus leis an domhan mór, agus nasc idir na healaíona agus ábhair eile. Moladh an fhianaise ar dhul chun cinn agus nasc idir Oideachas Ealaíon na réamhscoile, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile freisin.

Cé gur moladh na tagairtí a rinneadh sa dréachtchuraclam do ‘chomhoibriú’ le healaíontóirí pobail, iarradh go gcuirfí tuilleadh béime agus béim bhreise ar an gcumas nasc a dhéanamh laistigh den phobal trí chomhpháirtíochtaí le healaíontóirí áitiúla. Maidir le rannpháirteachas páistí le ‘healaíontóirí eile’ agus leis an bpobal áitiúil, measadh gur bealach dearfach é sin chun aithint an oideachais ealaíon lasmuigh den seomra ranga a chumasú. Má tá na comhpháirtíochtaí sin le feidhmiú i gceart, áfach, braitheadh go mbeadh sainoilíúint ag teastáil ó ealaíontóirí a bheadh ag obair leis na scoileanna, chomh maith le tuiscint dhomhain ar an gcuraclam don Oideachas Ealaíon.

Pléadh an fhéidearthacht Oideachas Ealaíon a nascadh le ‘tuiscint fhorbartha [páistí] ar an Éireannachas’ freisin. Rinne rannpháirtithe cur síos ar an gcaoi a bhféadfaí an curaclam a úsáid chun eolas agus tuiscint na bpáistí ar ealaín, stair agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn, chomh maith lena gcuid eolais agus tuisceana ar chultúir eile ar domhan. Bhraith líon beag rannpháirtithe go ndearnadh easpa tagartha ‘do ghnéithe stairiúla agus cultúrtha den ealaín timpeall na cruinne’ agus iarradh tagairt ‘do chultúir éagsúla’ seachas ‘cultúir dhifriúla’ chun ionchuimsitheacht níos mó a chur chun cinn. Luadh nach mór níos mó béime a chur ar an ‘nasc leat féin, le daoine eile agus leis an domhan mór trí na healaíona’. Ar an mbealach sin, braitheadh gurbh fhéidir leis an Oideachas Ealaíon nascadh leis an ionbhá agus an daonnacht.

Rinne rannpháirtithe cur síos ar dheiseanna a thugann an dréachtsonraíocht d'Oideachas Ealaíon chun comhtháthú na foghlama 'laistigh de na healaíona' agus 'lasmuigh de na healaíona' a chur chun cinn i ndáil le nascacht, foghlaim idirdhisciplíneach agus comhtháthú traschuraclaim. Cuireadh fáilte roimh na naisc idir Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, agus luadh 'go dtugtar na hábhair le chéile go han-mhaith'. Rinne rannpháirtithe cur síos ar na tairbhí a bhaineann leis an gcur chuige comhtháite sin, lena n-áirítear solúbthacht, neamhspleáchas do scoileanna, deis don chruthaitheacht, pleanáil théamach agus dul i ngleic le ró-ualach an churaclaim. Mheas daoine eile go raibh gá le tuilleadh sonraí agus mínithe maidir lena bhfuil i gceist le 'cur chuige ealaíon comhtháite' agus bhíothas buartha nach bhféadfadh comhtháthú den sórt sin a dhéanamh ná a bhaint amach de thoradh na ráiteas leathan arna ndéanamh i ndáil le comhtháthú sa tsonraíocht, a bhfuil tuilleadh sonraí ag teastáil ina leith.

In ainneoin freagairtí dearfacha roinnt mhaith rannpháirtithe maidir leis an gcomhtháthú, bhí faitíos ar roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí 'disciplíní aonair a mhaolú' laistigh den Oideachas Ealaíon agus d'iarr go láidir 'foghlaim atá sonrach ó thaobh disciplín' agus 'deighilt ábhar' a choinneáil, agus dúradh maidir leis an Oideachas Ealaíon go raibh sé 'luachmhar ann féin'.

I ndáil le stádas agus áit na Drámaíochta laistigh den churaclam don Oideachas Ealaíon, bhí tuairimí contrártha ann. Bhraith roinnt daoine gur cheart an Drámaíocht a úsáid mar mhodheolaíocht in ábhair eile, agus bhí faitíos ar dhaoine uile nach dtabharfadh múinteoirí go leor airde ar an Drámaíocht agus go bhféadfadh sí 'titim ar gcúl' de thoradh na hairde ar chomhtháthú foirmeacha ealaíne laistigh den dréachtchuraclam. Bhí ceisteanna ann freisin maidir le háit an damhsa sa dréachtchuraclam agus cé acu ba cheart nó nár cheart ionchais a bheith ann maidir le dul chun cinn páistí i réimse an damhsa. Cé gur mhol roinnt rannpháirtithe na tagairtí do dhamhsa sa tsonraíocht, bhraith rannpháirtithe eile gur cheart an áit atá aige a ardú agus 'a chur in iúl agus i láthair ar bhealach níos soiléire' in éineacht le liosta coincheap, mar a chuirtear na coincheapa liostaithe sna hEalaíona, Drámaíocht agus Ceol i láthair.

Téama 2: Cothromaíocht a Bhaint Amach

Ba léir an teannas idir an oscailteacht agus an tsolúbthacht a bhaineann leis an tsonraíocht agus an easpa soiléireachta a braitheadh i ndáil le curaclam 'leathan'. Mhol roinnt mhaith rannpháirtithe go gcuirtear cumas gníomhúcháin múinteoirí, rogha agus solúbthacht agus an tsaoirse chun pleanáil a dhéanamh i dtaca le spéis agus riachtanais na bpáistí san áireamh sna torthaí foghlama laistigh den tsonraíocht. Braitheadh freisin go dtugtar leis na torthaí foghlama 'féidearthacht d'eispéireas ealaíne atá níos leithne' agus 'solúbthacht i ndáil le húsáid ábhar'. Mar sin féin, dúirt rannpháirtithe eile go raibh inní orthu toisc go bhfuil na torthaí foghlama leathana sin 'doiléir' agus go bhféadfadh sé dul deacair ar mhúinteoirí a dhéanamh amach 'céard ba cheart a dhéanamh nó cá háit ar cheart tosú leis na Torthaí Foghlama', rud a d'fhágfadh go ndéanfadh páistí easpa dul chun cinn i ndáil lena gcuid foghlama. Cuireadh buairt in iúl maidir leis an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag Torthaí Foghlama leathana ar fhoghlaim ardchaighdeán agus dul chun cinn páistí. Bhraith roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí go measfadh múinteoirí nach bhfuil a fhios acu an bhfuil 'gach rud sa churaclam clúdaithe acu' agus an bhfuil 'bearnaí san fhoghlaim' ann de thoradh na dtorthaí foghlama leathana. Braitheadh freisin go bhféadfadh na torthaí foghlama a bheith níos oiriúnaí do mhúinteoirí 'ag a bhfuil eolas maith' agus nach mbeidís soiléir nó follasach go leor dóibh siúd nach bhfuil an oiread eolais, taithí nó muiníne acu. Léiríodh inní go bhféadfadh tionchar diúltach ar chlúdach an churaclaim don Oideachas Ealaíon a bheith ag cumas gníomhúcháin múinteoirí in éineacht le braistint go bhfuil an curaclam róthrom.

I ndáil leis an Ealaín, léirigh roinnt rannpháirtithe go raibh inní orthu go bhféadfaí neamhshuim a dhéanamh de roinnt meán agus mhol tuilleadh soiléireachta agus sainmhínte i ndáil leis na meáin ar cheart díriú orthu. Cé go rabhthas sásta le cur na Drámaíochta san Oideachas Ealaíon mar bhealach chun ionbhá agus rannphárteachas páistí a chothú i ndáil le réiteach fadhbanna, iarradh 'ionchais a shoiléiriú' i dtaobh na Drámaíochta. Cuireadh in iúl go bhfuil inneachar an Cheoil gan uaimhian agus go bhfuil sé maolaithe. Dúirt roinnt rannpháirtithe gur chreid siad go bhfuil na Torthaí Foghlama leathana don Cheol an-achrannach. Léirigh roinnt rannpháirtithe inní go bhfuil easpa tagartha don litearthacht cheoil sa dréachtsonraíocht. Chuir roinnt daoine in iúl gur chreid siad 'gur chosúil gur tugadh íslíú céime don damhsa' i gcomparáid leis an staid a bhí aige i gcuraclam 1999.

Cé gur bhraith roinnt rannpháirtithe go raibh 'fócas ar an dul chun cinn seachas an toradh' laistigh den tsonraíocht, rud a measadh a bheith dearfach agus a bheith ag cumasú taithí, rannphárteachais, léiriúcháin agus cruthaitheachta san Oideachas Ealaíon, moladh go bhféadfadh sé a bheith níos follasaí sna Torthaí Foghlama.

Moladh téarmaíocht amhail 'páistí mar dhéantóirí ealaíon'. Ar an mbealach sin, moladh an dearcadh go gcuireann an tsonraíocht béim 'ar thaithí foghlama an pháiste' agus go ndéantar tagairt inti 'do chumhacht' agus 'áthas'. Mhol daoine eile go bhféadfaí níos mó béim a chur ar 'rannphárteachas gníomhach', an 'próiseas cruthaitheach' agus 'sult' sa chaibidil Aidhmeanna den tsonraíocht. Leag tuismitheoirí ó chúlraí éagsúla béim ar thionchar dearfach an Oideachais Ealaíon ar fholláine páistí.

Mhol roinnt mhaith acu an cumas a bhí ag an gcuraclam sin cruthaitheacht páistí a chur chun cinn. I dtaca leis na príomhinniúlachtaí, mhol roinnt rannpháirtithe na naisc a rinneadh idir na hEalaíona agus inniúlachtaí. Bhraith daoine eile go raibh an iomarca béime á cur ar fhorbairt inniúlachtaí.

Cé gur féachadh go dearfach ar an tsonraíocht agus gur measadh go bhfuil sí ionchuimsitheach, agus gur cuireadh fáilte roimh thagairt do na Conairí Tacaíochta Breise, iarradh freisin treoirlínte breise, mar na Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta (CNCM, 2002), chun cuidiú le tacaíocht a thabhairt do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu agus do mhúinteoirí a oibríonn i suíomhanna oideachais speisialta.

Bhíothas moltach freisin i dtaobh an dul chun cinn ar choincheapa atá sna hAguisíní faoi láthair, agus measadh gur soláthraíodh leo sin 'treoir, soiléireacht agus céimeanna soiléire don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú'. Bhraith daoine eile go raibh níos mó béime ag teastáil ar na coincheapa sin sa tsonraíocht. Ceapadh freisin go raibh na hAguisíní luachmhar agus bearnaí féideartha i bhfoghlaim na bpáistí á sainnithint.

Ba mhór ag rannpháirtithe na tagairtí do 'ionchur an pháiste sa mheasúnú', 'piarmheasúnú' agus 'féinmheasúnú'. I measc na dtagairtí dearfacha don mheasúnú bhí 'nasc leis an gcontanam measúnaithe' mar a léirítear i bhFíor 6. Léiríodh inní maidir le measúnú ar 'c[h]ruthaitheacht páistí' laistigh de na hEalaíona, agus dúirt roinnt rannpháirtithe gur cheap siad nár cheart measúnú a dhéanamh ar ábhair san Oideachas Ealaíon, ach gur cheart ceiliúradh a dhéanamh orthu ina ionad sin. Chuir daoine eile béim ar an tábhacht a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar fhorbairt scileanna laistigh den Oideachas Ealaíon.

Téama 3: Inúsáidteacht agus Aontacht

Thug rannpháirtithe aiseolas dearfach maidir le struchtúr foriomlán, cur i láthair agus réim teanga an dréachtchuraclam don Oideachas Ealaíon. Ar an iomlán, moladh an dréachtchuraclam as bheith 'níos fuinte agus níos gonta' ná curaclam 1999 agus dúradh go raibh na prionsabail, na coincheapa, na Torthaí Foghlama agus an treoír i ndáil le measúnú soiléir agus gonta. Dá ainneoin sin, mhol roinnt rannpháirtithe gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an teanga a úsáidtear sa tsonraíocht seo agus gur cheart í a chuíchóiriú leis na sonraíochtaí eile chun 'comhtháiteacht' a chothú ar fud na réimsí agus ábhar sa churaclam.

Moladh soiléireacht an réamhrá, chomh maith leis an réasúnaíocht, toisc gur úsáideadh teanga atá 'ionchuimsitheach', 'uailmhianach' agus 'dearfach'. Tugadh le fios go bhféadfadh an teanga a úsáidtear i gcuid na nAidhmeanna cuidiú le planáil na múinteoirí. Cuireadh tuairimí contrártha in iúl maidir le teanga na dtorthaí foghlama. Dúirt roinnt rannpháirtithe go bhfuil an teanga 'soiléir', 'inrochtana', 'achomair' agus 'so-úsáidte', ach dúirt daoine eile go raibh sé 'doiléir' agus nach raibh sé 'sonrach go leor' do phleanáil agus ullmhú na múinteoirí. Dúradh i dtaobh na teanga a úsáidtear sna torthaí foghlama don Cheol, cuir i gcás, go bhfuil sé 'casta' agus gur ghá 'an chiall a spíonadh amach'. Dúirt rannpháirtithe go raibh na prionsabail 'soiléir' agus 'beacht'.

Chuir na rannpháirtithe fáilte mhór roimh an úsáid as fíoracha agus táblaí sa tsonraíocht agus léirigh an tuairim go gcinntítear leis an bhformáid sin go mbíonn sé éasca an curaclam a úsáid. Maidir leis na samplaí de na bealaí a bhforbraítear gach príomhinniúlacht trí fhoghlaim in Oideachas Ealaíon i dTábla 3, dúirt roinnt mhaith rannpháirtithe go raibh siad 'soiléir', 'gonta' agus úsáideach chun naisc a dhéanamh idir príomhinniúlachtaí agus Oideachas Ealaíon. Bhraith líon beag rannpháirtithe gur cuireadh sraith dheacrachta, nach raibh gá léi, isteach do mhúinteoirí leis an tábla sin agus dúirt go raibh teanga na samplaí d'inniúlachtaí 'foclach' agus 'doiléir'. Cé go ndúirt roinnt mhaith rannpháirtithe go raibh na coincheapa 'soiléir', 'gonta' agus 'sothuigthe', bhraith cuid acu nárbh fhéidir le 'ginearálaithe nó daoine nach saineolaithe iad' iad a thuiscint. Cé go ndearna roinnt rannpháirtithe tagairt don úsáid as 'achoirí an-soiléir' idir leathanaigh 20 agus 22, rinne rannpháirtithe eile trácht ar an úsáid dhiúltach as 'abairtí an-fhada' ar leathanaigh 21 agus 22 agus sa chuid *Cuir chuige spraiúla* ar leathanach 25.

Moladh an chaoi ar cuireadh na snáitheanna i láthair agus dúradh go raibh siad 'deartha go maith' agus 'éasca le húsáid'. Thug roinnt rannpháirtithe le fios go 'mapálann [na snáitheanna] próiseas cruthaitheach' agus go bhfuil siad comhtháite agus nach bhfuil siad a chasta le curaclam 1999. Braitheadh freisin gur féidir tabhairt faoi chuir chuige chruthaitheacha i scoileanna de thoradh a leithne atá teanga cheannteidil na snáitheanna. Moladh an úsáid a baineadh as saigheada iltreocha i bhFíor 2 *Snáitheanna in Oideachas Ealaíon* toisc go léirítear leo gluaiseacht éagsúil idir na príomhphróisis idirghaolmhara *Cruthú, Taibhiú agus Cur i láthair, agus Freagairt agus Ceangal*. Mar sin féin, maíodh dá gcuirfí *Freagairt agus Ceangal* sa chéad chuid den léaráid, go gcuirfí béim ar an ngá le díriú ar 't[h]aithí a fháil sula dtugtar faoi'.

I ndáil le húsáid na gceannteideal ábhair laistigh de na Torthaí Foghlama, nochtadh tuairimí contrártha. Cé gur mhol roinnt rannpháirtithe gur cheart ceannteidil ábhair aonair a chur san áireamh chun torthaí foghlama a eagrú i gCéim 1 agus Céim 2, bhí rannpháirtithe eile sásta gur fágadh na ceannteidil ábhair ar lár. Bhraith roinnt rannpháirtithe go bhfuil na hábhair nasctha go soiléir leis na snáitheanna agus 'go gcruthaítear comhtháiteacht' le tabhairt le chéile na dtrí ábhar i snáithe amháin.

3.2.2 Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta (NTI)

Réamhrá

Cé gur tugadh aghaidh in *Curaclam Teanga na Bunscoile* (CTB), 2019, ar fhoghlaim agus teagasc an Bhéarla agus na Gaeilge i gCéimeanna 1–4 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Sé), tá Nuatheangacha lasachta (NTI) á gcur isteach go foirmiúil in CTB do Chéim 3 agus Céim 4 (Rang a Trí go Rang a Sé) faoi *Creatchuraclam na Bunscoile* (Rialtas na hÉireann, 2023). Tá cur chuige ilteangach¹ i leith na foghlama teanga mar bhonn taca faoi chuimsiú NTI sna céimeanna sin de CTB. Dá réir sin, tugann Céim 3 (Rang a Trí agus Rang a Ceathair) de CTB tús áite d'fhorbairt na feasachta cultúrtha agus teanga² i measc páistí. Ag Céim 4 (Rang a Cúig agus Rang a Sé), díríonn NTI ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn na páistí cumarsáid a dhéanamh sa tríú teanga (T3) ag bunleibhéal chun a gcuid feasachta teanga agus idirchultúrtha a fhorbairt. Cuirtear i láthair sa chuid seo na ceithre théama a cuireadh le chéile chun achoimre a dhéanamh ar dhearcthaí na ndaoine siúd a rinne scrúdú ar chur isteach NTI in CTB. Is iad seo a leanas na téamaí sin:

- Foghlaim Teanga: Tosaíochtaí Comhshárailtheacha
- Leanúnachas agus Dul Chun Cinn
- Ullmhacht do NTI
- Ionchuimsiú.

Tugtar achoimre in Aguisín A ar na tráchtanna a thug aghaidh ar shaincheisteanna maidir le cur i bhfeidhm in ionad na sonraíochta.

Téama 1: Foghlaim Teanga – Tosaíochtaí Comhshárailtheacha

Moladh go hard áireamh NTI ar an leibhéal bunscoile agus dúradh gur léiríodh leis dul chun cinn iontach tráthúil do CTB. Léiríodh sna freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí go raibh sé 'ríthábhachtach' NTI a chur leis an gcuraclam athfhorbartha. Mhol rannpháirtithe eile an bhéim sa tsonraíocht ar an ilteangachas, agus dúirt gur tháinig sé sin leis an taighde is déanaí ar fhoghlaim teanga páistí. Glacadh go maith leis na codanna ina gcuirtear chun cinn agus ina

¹ Tagraíonn ilteangachas do na teangacha éagsúla is féidir le duine a úsáid chun tacú lena chuid foghlama agus cumarsáide. Cé gur féidir leis an inniúlacht i ngach ceann de na teangacha sin a bheith éagsúil, le heolas ar theangacha iomadúla is féidir tacú le feasacht mheititheangeolaíoch, rud a fhágann gur féidir litearthacht i dteanga amháin a úsáid chun cabhrú le litearthacht i dteanga eile.

² San fheasacht teanga, feabhsaítear an fheasacht ghinearálta atá ag an bpáiste ar theangacha. Baineann sé le forbairt thuiscint agus fheasacht an pháiste maidir le hábhar, struchtúr agus pátrúin teanga—conas a fheidhmíonn teanga. Forbraítear an t-eolas sin nuair a dhéanann an páiste comparáid agus codarsnacht idir teanga atá ar eolas aige cheana agus teangacha nua, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar a straitéisí foghlama teanga féin.

bpléitear feasacht teanga agus idirchultúrtha, agus dúirt roinnt daoine go spreagfaí scoileanna leis sin an éagsúlacht chultúrtha agus teanga atá sa tsochaí chomhaimseartha a cheiliúradh tuilleadh, agus inniúlachtaí cumarsáideacha páistí a fhorbairt san am céanna. Mar sin féin, nochtadh tuairimí eile ina leith sin freisin. Cuireadh ceisteanna maidir leis an gcaoi a mbeadh múinteoirí agus scoileanna in ann na tosaíochtaí foghlama teanga, a leagtar amach sa tsonraíocht CTB nuashonraithe, a bhainistiú. Mar shampla, bhí inní go leor ann go gcuirfí isteach ar bhaint amach na litearthachta T1 dá gcuirfí NTI in CTB faoi na leithdháiltí ama reatha, go háirithe tar éis na paindéime nó i gcomhthéacsanna DEIS. Chomh maith leis sin, tharraing rannpháirtithe aird ar an inní a bhí orthu go bhféadfaí 'am a bhaint' de T1 agus T2 na scoile, .i. Gaeilge agus Béarla, mar gheall ar NTI. Bhí daoine eile den tuairim gur cheart díriú ar an Teanga ó Bhéal amháin agus ní ar an Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht, b'fhéidir, i gcás NTI.

Tarraingíodh aird go leor ar fud an aiseolais ar an tionchar a bheadh ag tabhairt isteach NTI ar stádas reatha na Gaeilge agus stádas na Gaeilge amach anseo. D'aithin rannpháirtithe go dtacódh an áit lárnach a thabharfaí don fheasacht teanga, le tabhairt isteach NTI chuig CTB, le teagasc na Gaeilge. Dúirt daoine eile go bhféadfadh an bhéim mhéadaithe sin ar chur chuige comhtháite i leith an teagaisc teanga agus na feasachta teanga tacú le scileanna teanga inaistrithe agus dearcthaí feabhsaithe i leith na Gaeilge. Bíodh sin mar atá, léiríodh inní go maolódh tabhairt isteach NTI sna bunscoileanna stádas na Gaeilge i seomraí ranga na hÉireann agus sa tsochaí ar an iomlán. Thairis sin, phléigh múinteoirí na deacrachtaí reatha atá acu i ndáil le dul i ngleic le Torthaí Foghlama T2 i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Luaigh siad go bhféadfadh an taithí a bhí acu le déanaí i ndáil le teagasc T2 difear a dhéanamh do theagasc T3 amach anseo.

Téama 2: Leanúnachas agus Dul Chun Cinn

Sa téama 'Leanúnachas agus Dul Chun Cinn' cuimhnítear ar an áit atá ag NTI laistigh de CTB reatha, agus lasmuigh de. Sna haighneachtaí ó chomhpháirtithe ar fud an chórais oideachais, rinneadh scrúdú ar an gcaoi a dtacódh na Torthaí Foghlama do NTI le dul chun cinn carnach scileanna teanga sa bhunscoil agus ina diaidh³.

Bhíothas dearfach i bprionsabal faoin ailíniú leis an struchtúr CTB reatha, agus an síneadh leis, chun NTI a chur san áireamh. Bhíothas ar aon intinn go raibh fiúntas ag baint leis an ngné nua ('*Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir*'), gné lena gcuirtear an obair, a bhí á déanamh ag roinnt scoileanna ar fud na gcéimeanna uile cheana féin, ar bhonn foirmiúil. Dá ainneoin sin,

³ Bhain roinnt mhaith de na tráchtanna a bhí faoin téama seo ar dtús le *cur i bhfeidhm* na sonraíochta in ionad na nuashonruithe ar CTB. Mar shampla, cuireadh ceisteanna maidir leis an gcaoi ar cheart do scoileanna T3 a roghnú chun leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú don scoláire laistigh de Chéim 4 agus ansin agus é ag aistriú chuig an iar-bhunscoil. Féach Aguisín A chun tuilleadh sonraí a fháil faoin inní a bhí ar rannpháirtithe maidir le cur i bhfeidhm agus moltaí do thacaíocht.

cuireadh ceisteanna fós maidir le Torthaí Foghlama NTI. Mar shampla, measadh go mbeadh sé deacair dul i dtaithí ar chumasc na dTorthaí Foghlama T3 ar fud na dtrí snáithe (Léitheoireacht, Scríbhneoireacht, Teanga ó Bhéal) agus an dá chéim (Céim 3, Céim 4). Luadh go mbeadh sé deacair do na múinteoirí dul chun cinn agus foghlaim a shainaithint go beacht dá mbeadh na Torthaí Foghlama san fhormáid sin. Thairis sin, dúirt rannpháirtithe go raibh na Torthaí Foghlama sách 'uaillmhianach' agus go mbeadh sé fiúntach iad a bheachtú tuilleadh ionas go mbeadh ionchais shoiléire réalaiócha ar fáil i ndáil leis an gcumas inmhianaithe do pháistí a d'fhoghlaimedh T3 ar Chéim 4 (Rang a Cúig agus Rang a Sé). Iarradh go seasmhach go dtacódh an tsonraíocht le múinteoirí ar bhealach níos fearr ach tuilleadh sainiúlachta a thabhairt dóibh i dtaca le leithead agus fairsinge ábhair agus scileanna T3 a bheadh le múineadh i scoileanna. An dúshlán sin maidir le tuiscint shoiléir a fhorbairt ar an méid a mbeifí ag súil leis ó fhoghlaimoirí NTI ar Chéim 3 agus Céim 4 (Rang a Trí go Rang a Sé), nascadh é sin go páirteach leis an easpa treorach i ndáil le measúnú T3. Mhol rannpháirtithe go soláthrófaí míniúcháin níos follasaí agus níos mionsonraí ar na Torthaí Foghlama do NTI i gcás gach céime.

Tugadh dearcadh níos leithne ar an gcaoi a dtagann áireamh NTI i gCuraclam Athfhorbartha na Bunscoile le gnéithe eile de chóras oideachais na hÉireann freisin. Luaigh rannpháirtí amháin gurb iad 'NTI an píosa a bhí ar iarraidh idir an leibhéal bunscoile agus an leibhéal iar-bhunscoile' agus dhearbhaigh rannpháirtithe eile go bhféadfadh NTI bunús láidir a thabhairt don pháiste don fhoghlaim teanga sa todhchaí. Bhí roinnt rannpháirtithe ar son comhordú méadaithe idir áireamh NTI in CTB agus creataí teanga seanbhunaithe eile. Mar shampla, le linn an phlé ar an gcaoi ar cheart do mhúinteoirí measúnú a dhéanamh ar chumas agus inniúlacht chumarsáideach T3, moladh pointí cóimheasa eile d'inniúlacht teanga amhail an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) nó Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) lena mbreithniú chun tacú le tabhairt i gcrích NTI in CTB.

Téama 3: Ullmhacht do NTI

Tugtar aghaidh leis an téama seo ar ullmhacht múinteoirí tabhairt faoi NTI ar an leibhéal bunscoile. Bhraith roinnt rannpháirtithe go dtabharfadh an taithí a fuarthas ar chlár (m.sh. an *Modúl Sampla 'Cuir Fáilte roimh Theangacha'*) roimhe túsphointe láidir dóibh i ndáil le NTI. Dúirt rannpháirtithe eile go raibh siad fós 'ag dul i dtaithí' ar CTB agus ar an aistriú lena mbaineann chuig samhail teagaisc agus foghlama atá bunaithe ar thorthaí foghlama. Chuirfeadh na Torthaí Foghlama breise le haghaidh NTI lena n-ualach oibre sa réimse sin. Ar an bhfreagairt ba mhó, áfach, bhí an imní maidir le Cumas Teanga T3 agus Inniúlacht Oideolaíochta agus Muinín na múinteoirí.

Tarraingíodh aird ar fud an aiseolais ar na cáilíochtaí nó scileanna íosta T3 a bheadh ag teastáil ó mhúinteoirí chun aghaidh a thabhairt ar na Torthaí Foghlama a leagtar amach sa tsonraíocht, go háirithe ar Chéim 4 (Rang a Cúig agus Rang a Sé). Dá mbeadh eispéiris foghlama agus teagaisc ardchaighdeáin le soláthar bunaithe ar uaillmhianta an churaclaim, braitheadh go mbeadh inniúlacht agus muinín in T3 riachtanach m.sh. an stór focal riachtanach, fuaimniú ceart. Bhí imní ar mhúinteoirí go gcuirfeadh an easpa inniúlachta T3 atá acu faoi láthair bac ar fhoghlaim an pháiste agus nach mbeadh ann ach cur i gcéill i ndáil leis an gcur chuige i leith NTI.

Luadh go bhféadfadh múinteoirí leas a bhaint as a gcuid scileanna oideolaíochta teanga ginearálta agus taithí ghinearálta ar theagasc T2 chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt a Thorthaí Foghlama NTI. Mar sin féin, cheistigh rannpháirtithe eile an mbeadh na múinteoirí uile in ann straitéisí oideolaíochta T1 agus T2 a chur i bhfeidhm i dtaca le teagasc T3 go muiníneach agus go héifeachtach. In éagmais eolas ardleibhéil ar an T3 arna roghnú ag scoil le haghaidh teagaisc ar

Chéim 4 (Rang a Cúig agus Rang a Sé), mhaígh rannpháirtithe go mbeadh sé deacair cuir chuige oideolaíochta áirithe a chur i bhfeidhm. Mar shampla, cuirtear chun cinn sna sonraíochtaí 'eispéiris chuí foghlama spráíúla agus tharraingteacha' chun dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama uile. Thug rannpháirtí amháin le fios, ós rud é go bhfuil an súgradh éiritheach, go bhféadfadh deacracht a bheith ag múinteoirí glacadh le súgradh mar oideolaíocht mura bhfuil cumas ardleibhéil acu sa sprioctheanga toisc go mbeadh gá leis sin chun freagairt do thopaicí nó d'úsáid teanga gan choinne na bpáistí. Ar an dul céanna, bheadh sé deacair don mhúinteoir cuir chuige oideolaíochta mholta, amhail an cur chuige cumarsáideach nó Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT), a úsáid chun tacú le foghlaim teanga bharántúil gan an-chur amach ar an sprioctheanga⁴.

Téama 4: Ionchuimsiú

Cuireadh fáilte roimh an bhfócas ar inniúlacht ilteangach agus feasacht idirchultúrtha agus luadh é mar chomhpháirt thábhachtach de na dréachtphíosaí breise in CTB chun tabhairt isteach NTI a léiriú. Cé go rabhtas ar aon intinn den chuid is mó go raibh na píosaí breise NTI ionchuimsitheach de bharr na béime ar an ilteangachas agus feasacht idirchultúrtha, bhraith rannpháirtithe go raibh tuilleadh eagarthóireachta ag teastáil chun an raon éagsúil foghlaimeoirí inár gcóras a léiriú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu. Moladh roinnt eagarthóireachta chun a chinntiú go léireofaí contanam de chuir chuige chumarsáide páistí sna chéad chodanna den tsonraíocht m.sh. comhartha, gothaí, cumarsáid bhreisteach agus mhalartach (CBM). Maidir leis an rogha teanga ar Chéim 4, cheistigh roinnt rannpháirtithe arbh fhéidir Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) a roghnú le haghaidh foghlaim agus teagasc T3 ar Chéim 4. Braitheadh go mbeadh sé sin ionchuimsitheach agus go léireofaí leis an dúil atá ag fás i ndáil le foghlaim na teanga sin. Sainithníodh ráitis shamplacha le haghaidh príomhinniúlachtaí áirithe freisin, réimsí a thairbheodh de tuilleadh beachtaithe, toisc nach gcuimsíonn roinnt ráiteas riachtanas cách, b'fhéidir. Luadh go minic ceisteanna maidir leis an gcaoi a dtacaíonn an tsonraíocht seo le foghlaim teanga na bpáistí a úsáideann ilmodhanna de chumarsáid amhairc agus córais chumarsáide mhalartacha agus bhreisteacha. Cheistigh daoine eile a ábhartha atá NTI i gcás scoileanna speisialta ar an leibhéal bunscoile. Tarraingíodh anuas saincheisteanna leathana freisin, lena n-áirítear an gá lena aithint nach gá go mbeadh teanga agus cultúr idirmhalartaithe, cé go bhfuil siad nasctha le chéile. Rud spéisiúil a tháinig chun cinn sa phlé san aiseolas ná an smaoineamh nár bhain NTI ach le páistí agus múinteoirí ar Chéim 3 agus Céim 4 (Rang a Trí – Rang a Sé) amháin. Thug roinnt daoine le fios go

⁴ Tugadh moltaí chun dul i ngleic le hinniúlacht T3 múinteoirí, m.sh. sainmhúinteoirí, uirlisí úsáide ar líne, cúrsaí foghlama gairmiúla gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a úsáid. Féach Aguisín A chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na saincheisteanna sin maidir le cur i bhfeidhm.

mbeadh sé fiúntach coincheapa an ilteangachais agus na feasachta teanga a leabú ar bhealach níos iomláine i gCéim 1 agus Céim 2 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó).

3.2.3 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

Réamhrá

Nochtadh san anailís ar an aiseolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin go raibh fáilte roimh Dhréachtsonraíocht Churaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil (OSI) ar an iomlán. Shonraigh rannpháirtithe go bhforbraítear leis an tsonraíocht láidreachtaí Churaclam 1999 a bhí páistelárnach agus go dtacaítear léi le tionscnaimh agus dea-chleachtais atá cheana i scoileanna. Ar an mórgóir, braitheadh go bhfuil an acmhainneacht ag an gcuraclam tacú le cumas páistí a bheith ina saoránaigh ghníomhacha eolacha chumasaithe. Tarraingítear aird sna torthaí ar fud an aiseolais OSI ar roinnt ábhar imní, nithe atá le soiléiriú agus moltaí d'fheabhsuithe sonraíochta. Sainithníodh trí théama san anailís ar an aiseolas. Is iad seo a leanas na téamaí sin:

- Inrochtaineacht agus Inúsáidteacht
- Samhlú OSI
- Áitiúil, Náisiúnta agus Domhanda

Téama 1: Inrochtaineacht agus Inúsáidteacht

Bhí meon dearfach ag rannpháirtithe maidir le struchtúr agus cur i láthair na dréachtsonraíochta. Dúirt rannpháirtithe go sonrath go raibh an tsonraíocht 'loighciúil' agus 'orgánach', agus luaigh gur thacaigh an teanga inrochtana achomair a úsáideadh leis sin. Go sonrath, moladh an cur síos ar na gnéithe agus na snáitheanna toisc go raibh siad 'leagtha amach go maith', 'sothuigthe', 'gan bhéarlagair' agus 'inúsáidte ag múinteoirí'. Bhraith roinnt rannpháirtithe, áfach, go raibh an teanga 'ró-acadúil' uaireanta, agus iarradh cur leis an ngluais agus 'ciall [roinnt coincheap] a spíonadh amach' tuilleadh. Moladh hipearnaisc a úsáid laistigh den tsonraíocht, chun téarmaíocht nua a nascadh leis an ngluais. I measc na moltaí eile chun soléiteacht na sonraíochta a fheabhsú bhí aibhsiú eochairfhocal agus úsáid pointí urchair. Mhol rannpháirtithe go n-úsáidfí níos mó siombailí, mar shampla, chun deiseanna le haghaidh comhtháthú laistigh de na sonraíochtaí agus ar fud na sonraíochtaí a shainaithint.

Cuireadh fáilte roimh úsáid na bhfíoracha agus na dtáblaí ar fud na sonraíochta agus nocht rannpháirtithe an tuairim go dtugtar soiléireacht don léitheoir le cur i láthair an ábhair sna formáidí sin.

I measc samplaí sonracha a luaigh rannpháirtithe bhí Tábla 3 (lch 11) lena dtugtar breac-chuntas ar thréithe na seacht bpríomhinniúlacht a d'fhéadfaí a fhorbairt sa réimse curaclaim, agus Tábla 9 (lch 21) lena dtugtar mionsonraí maidir le Conairí Tacaíochta Breise agus a measadh a bheith tacúil i ndáil le hidirdhealú fiúntach. Ar bhonn struchtúrtha bhí dearcthaí éagsúla maidir le cur i láthair tháblaí na dTorthaí Foghlama (Tábla 7 agus Tábla 8, lch 13-18). Bhraith roinnt daoine go mbeadh sé 'níos praiticiúla do mhúinteoirí dá gcuirfí Céim 1 go dtí Céim 4 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Sé) i láthair taobh le taobh', mar a dhéantar in *Curaclam Teanga na Bunscoile* agus *Curaclam Matamaitice na Bunscoile*.

Cé go rabhthas dearfach ar an iomlán i ndáil leis na lipéid snáithe athfhorbartha agus cé gur cuireadh fáilte roimh an idirnascthacht idir an duine agus an dúlra iontu, léiríodh imní i ndáil leis an neamhchothroime idir stair agus tíreolaíocht sna snáitheanna. Shainaithin rannpháirtithe 'cor

tíreolaíochta' sna lipéid snáithe, agus luaigh gur díriodh ar an tíreolaíocht sna Torthaí Foghlama sa snáithe 'An tImshaol agus an Mhaireachtáil Inbhuanaithe' agus gur díriodh ar an stair sna Torthaí Foghlama sa snáithe 'Ár nDomhan a Fhiosrú'. I ndáil le heispéireas foghlama páistí, dúradh go bhféadfaí nach ndéanadh páistí ceann de na hábhair sin ar chor ar bith i dtéarma iomlán dá nglacadh múinteoirí cur chuige a bhaineann le pleanáil uair sa téarma de réir snáithe.

Rinneadh neart tráchtanna maidir le tuiscint a fhorbairt ar thraidisiúin, cultúir, reiligiúin, creidimh, cruinneshamhlacha agus oidhreacht. Cé go rabhthas dearfach ar an mórgóir i ndáil leis an gcineál sin foghlama, bhí go leor plé ann maidir lena ról sa churaclam OSI. I gcás na ndaoine sin a mheas go raibh sé 'dearfach agus cuí don réimse curaclaim', labhair siad ar an tábhacht a bhaineann le 'cruinneshamhail lasmuigh d'Éirinn' agus 'tuiscint ar na reiligiúin uile' a bheith ann, agus luaigh go bhfuil an tsonraíocht ionchuimsitheach toisc go léirítear inti go bhfuil 'gach reiligiún agus reiligiún ar bith tábhachtach'. Chuir roinnt daoine fáilte roimhe mar 'mhír bheag' sa churaclam OSI. I gcodarsnacht leis sin, dúradh go bhfuil Oideachas Eitice, Reiligiúnach agus Creideamh ina ábhar acadúil ann féin, go ngabhann cuir chuige oideolaíochta shonracha leis, agus nár cheart é a chomhchuísiú in OSI. Dúirt daoine eile gurbh ionann foghlaim páistí faoi reiligiún, creidimh agus cruinneshamhlacha agus cruthú creidimh agus Clár an Phátrúin.

Cuireadh fáilte roimh an bhfócas athnuaite ar an gcomhtháthú, agus aithníodh na deiseanna chun bheith ag nascadh le réimsí curaclaim eile. Mar sin féin, iarradh tuilleadh idirdhealaithe idir Torthaí Foghlama staire agus tíreolaíochta sa cháipéis chun cuidiú leis an bpleanáil agus dul chun cinn. Aithníodh ailíniú na sonraíochta le curaclaim eile, agus chuir rannpháirtithe fáilte roimh an teanga choiteann a úsáidtear ar fud na sonraíochtaí. In ainneoin na fáilte móire roimh an úsáid choiteann as Gnéithe, Príomhinniúlachtaí, Coincheapa, Scileanna agus Snáitheanna, áfach, tá éiginnteacht fós ann maidir leis an mbaint atá ag gach ceann acu leis an bpróiseas pleanála, agus cuireadh ceisteanna maidir le cé acu comhpháirt ar cheart féachaint uirthi mar an 'túsphointe'.

Téama 2: Samhlú OSI

Cuireadh fáilte mhór roimh an raon oideolaíochtaí inaitheanta a moladh. Chonacthas go raibh nasc idir an réimse cur chuige agus eispéiris saoil, cúinsí, láidreachtaí agus spéiseanna páistí, rud a fhágann go dtacaítear le prionsabal na hionchuimsitheachta agus lárnacht ghuth an pháiste. Cuireadh fáilte mhór roimh Chaibidil 6a agus na coincheapa atá mar bhonn taca fúithi, is iad sin 'Ag Obair mar Thíreolaí' agus 'Ag Obair mar Staraí', agus measadh 'go dtacaíonn siad le foghlaim ar bhonn fiosraithe atá feiliúnach do pháistí'.

Go deimhin, luadh go minic gur athrú dearfach a bhí sa tagairt fhollasach don fhoghlaim ar bhonn fiosraithe i gcomhthéacs an curaclaim OSI. Iarradh go ndéanfaí ciall an téarma 'fiosrú' a spíonadh amach tuilleadh, áfach, chun tacú le múinteoirí i dtaobh cur i bhfeidhm. Ar an dul céanna, cé go rabhthas ar bís faoi chur chun cinn na gcur chuige foghlama spráíúla, tugadh fainic leis sin gur ghá an tacaíocht riachtanach i ndáil le súgradh agus an chothromaíocht idir na trí chineál súgartha (Faoi stiúir an mhúinteora, Treoraithe agus Saoirse) a bheith i bhfeidhm.

Saináithníodh an fócas ar thimpeallachtaí foghlama, obair allamuigh faoin aer agus foghlaim áitbhunaithe mar láidreacht den dréachtsonraíocht. Le húsáid na timpeallachta áitiúla, measadh gur tarraingíodh 'aird ar chur chuige aeistéitice i leith an dúlra' agus gur tugadh deiseanna chun cleachtas inbhuanaitheachta a shamhaltú agus a dhéanamh ar thalamh na scoile. Cé gur fáiltíodh roimh chothú na feasachta sin ó aois óg, áitíodh gur cheart díriú go follasach ar an bhfoghlaim allamuigh i gCéim 3 agus Céim 4 (Rang a Trí go Rang a Sé) freisin. Ba mhór ag rannpháirtithe an

deis chun nascadh le heispéiris saoil páistí tríd an bhfoghlaim áitbhunaithe, agus cuireadh fáilte roimh chur chun cinn comhpháirtíochtaí agus nasc pobail laistigh den tsonraíocht freisin, nithe a thacódh le páistí agus múinteoirí araon. Measadh go raibh an bhéim ar oideolaíocht idirphlé 'ceannródaíoch' agus lárnach do chur chun cinn níos mó ná peirspictíocht amháin. Bhíothas i bhfabhar léiriú na scéalaíochta mar oideolaíocht sa dréachtsonraíocht, chomh maith leis an mbéim a chuirtear ar ról na teicneolaíochta digítí (agus tugadh tuilleadh samplaí de thacaíochtaí digiteacha ábhartha lena gcur san áireamh).

Cuireadh fáilte roimh shamplaí de mhodhanna measúnaithe a bhaineann go sonrach le OSI, chomh maith leis an gcontanam measúnaithe, mar nithe a bhí ionchuimsitheach agus freagrúil do chomhthéacsanna aonair. In ainneoin na tacaíochta forleithne don réimse oideolaíochtaí agus modhanna measúnaithe a dtarraingítear aird orthu, luaigh rannpháirtithe an gá le léiriú cuí na gcur chuige sin sa chleachtas chomh maith. Mar shampla, d'iarr rannpháirtithe samplaí maidir leis an ní is cur chuige spráil ann i gcás na leibhéal ranga uile (go háirithe i ndáil le ranganna sinsearach) i gcomhthéacs na staire agus na tíreolaíochta. Athdhearbhaíodh tábhacht na n-uirlisí úsáide i ndáil le fiosrú, agus iarradh ceisteanna treoracha samplacha chun tacú le múinteoirí a chinntiú go mbíonn an fiosrú sa seomra ranga díongbháilte, ábhartha agus fiúntach i saol páistí. Dúirt rannpháirtithe freisin go raibh gá le samplaí d'oideolaíocht idirphlé toisc go bhféadfadh sé sin a bheith nua do roinnt múinteoirí.

Nochtadh peirspictíochtaí éagsúla san aiseolas a bhaineann le Torthaí Foghlama. Ar thaobh amháin, moladh na Torthaí Foghlama leathana as an raon a thugtar do mhúinteoirí dul in oiriúint dá gcomhthéacs. Dúradh go raibh siad 'uaimhianach', agus aithníodh gur 'gá [don churaclam] a bheith uaimhianach'. Measadh go gcothaíonn na Torthaí Foghlama na hoideolaíochtaí a ghealltar sa tsonraíocht. Ó thaobh an Oideachais Speisialta de, áitíodh go dtacaíonn an curaclam athfhorbartha le múinteoirí an fhoghlaim a leabú le himeacht aimsire agus go dtugtar cumas gníomhúcháin chun spéiseanna agus eispéiris páistí a fhorbairt. Rinneadh an pointe go dtacódh na Torthaí Foghlama le heagrú na foghlama agus an teagasc i ranganna ilghráid freisin. Thairis sin, luadh gur féidir cur chuige freagrúil a úsáid sa seomra ranga de thoradh na fairsinge sin, rud lena gcuirtear ar chumas múinteoirí téamaí ábhartha tráthúla a fhiosrú go mion, in ionad cur chuige saintreorach a leanúint. Measadh go dtacaíonn Torthaí Foghlama le cumas gníomhúcháin múinteoirí, dá bhrí sin, agus go bhfreastalaíonn siad ar an bhfoghlaim i gcomhthéacs, agus go soláthraíonn siad níos mó solúbthachta chun spéiseanna páistí a fhiosrú.

Mar sin féin, bhí roinnt rannpháirtithe cáinteach i ndáil le 'doiléireacht' na dTorthaí Foghlama. Cé gur theastaigh soiléireacht agus mionsonraí maidir leis an méid 'ba cheart a mhúineadh' ó roinnt rannpháirtithe, bhraith daoine eile go raibh gá le 'roinnt mionsonraí' mar thúsphointe chun 'múinteoirí a stiúradh'. Bhí inní ann go bhféadfaí brath an iomarca ar théacsleabhair de thoradh na heaspa soiléireachta, rud a ligfeadh d'fhoilsitheoirí 'an clár oibre a shocrú' do OSI. Rinneadh tagairt sna freagairtí do mhúinín agus inniúlacht na múinteoirí i ndáil le OSI a mhúineadh 'lasmuigh den téacsleabhar'. Pléadh an t-eolas speisialaithe ar ábhar a bheadh ag teastáil chun stair agus tíreolaíocht a theagasc (go háirithe i ndáil leis an gceantar áitiúil), chomh maith le múinteoirí a chumasú chun cur chuige a bhaineann le coincheapa agus próisis a ghlacadh. Mar sin féin, bhain an inní le soláthar na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí den chuid is mó, in ionad na n-athruithe ar an tsonraíocht atá ag teastáil.

Bhain go leor díospóireachta le fairsinge na dTorthaí Foghlama freisin, go háirithe i dtaobh chothromas na n-eispéireas foghlama i scoileanna agus seomraí ranga. Léiríodh inní chomh maith

go bhféadfadh páistí téamaí airithe, eispéiris agus 'eolas bunúsach' staire agus tíreolaíochta 'a chailleadh' mar gheall ar an easpa ábhar sonrach, agus rogha agus eolas an mhúinteora, chomh maith le comhthéacs na scoile. Dá thoradh sin, iarradh 'topaicí tábhachtacha' a shainiú ar fud na gcéimeanna. Athdhearbhaíodh lárnacht na planála uile-scoile chun tacú le dul chun cinn in OSI ar fud an aiseolais.

Téama 3: Áitiúil, Náisiúnta agus Domhanda

Ba mhór ag rannpháirtithe an fócas méadaithe ar an ábhar 'áitiúil' sa tsonraíocht, agus thug siad le fios go gcuireann sé sin ar chumas scoileanna freagairt dá gcomhthéacs aonair. Cé go bhfuil fáilte roimhe, bhí fianaise ann a thabharfadh le fios go bhfuil gá le tuilleadh soiléireachta i ndáil leis an téarma 'áitiúil' chun a choincheapadh a leathnú ón gceantar áitiúil, chun an teaghlach, pobal, agus oidhreacht agus cultúr an pháiste féin a chur san áireamh.

Measadh go mbeadh sé cuí eispéiris áitiúla an pháiste féin a úsáid mar thúsphointe don fhoghlaim sula mbogfaí ar aghaidh chuig comhthéacs níos leithne sna ranganna sinsearacha. Mar sin féin, fuarthas neart aiseolais a thabharfadh le fios gur gá an bhéim ar ábhar 'áitiúil' a leabú ar fud na gceithre chéim, agus moladh cur chuige bíseach. Léirigh roinnt rannpháirtithe inní go bhféadfaí díriú an iomarca ar shaincheisteanna domhanda, agus dúirt daoine eile go bhfuil an léim ó ábhar 'áitiúil' go dtí ábhar 'domhanda' rómhór. Moladh gur cheart cuimhneamh ar an ábhar 'náisiúnta' sa tsonraíocht a neartú tuilleadh, agus mhol roinnt rannpháirtithe úsáid fhollasach as na téarmaí 'Éireannach' agus 'féiniúlacht náisiúnta' chun feachtas agus léirtheiscint ar oidhreacht na hÉireann a chothú. Léiríodh inní maidir le heolas bunúsach páistí ar stair agus tíreolaíocht na hÉireann, agus moladh cultúr agus stair an Lucht Siúil a áireamh go sonrach freisin. Nochtadh an tuairim gur féidir le roinnt topaicí in OSI, go háirithe i réimse na staire, a bheith achrannach ag brath ar pheirspictíocht agus cúlra duine. Cé go n-aithnítear go ndéantar tagairt fhollasach dó sin sa tsonraíocht, luaigh rannpháirtithe go bhféadfaid an téacs i ndáil leis sin a bheith níos láidre. Iarradh tuilleadh treorach i ndáil leis an gcaoi arbh fhéidir dul i ngleic leis na topaicí sin ar an leibhéal áitiúil.

Ar leibhéal níos leithne, measadh go raibh na téamaí foghlama domhanda molta dearfach. Cé gur measadh go rabhtas oiriúnach don aois ar na Céimeanna ábhartha ar an iomlán, mhol rannpháirtithe a bheith cúramach i ndáil leis an ngá le híogaireacht i dtaca leis na saincheisteanna sin chun inní faoin gcomhshaol agus faoin aeráid, mar shampla, a mhaolú. Chuir rannpháirtithe fáilte roimh teanga na 'maireachtála inbhuanaithe', ach rinneadh fiosrúchán maidir leis an easpa tagairt fhollasach do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Tarraingíodh aird ar an ról a d'fhéadfaid a bheith ag comhpháirtíochtaí agus comhoibriú le gníomhaireachtaí ag a bhfuil acmhainní agus ardinniúlacht cheana féin maidir leis na téamaí foghlama domhanda. Rinneadh moltaí go bhféadfaí stór dinimiciúil gníomhaireachtaí agus lárionaid den sórt sin a áireamh in Uirlisí Úsáide OSI, agus iarradh tuilleadh treorach maidir le planáil don chomhtháthú agus téamaí foghlama domhanda.

Measadh go raibh lárnacht an pháiste mar shaoránach ina láidreacht chruthaithe den tsonraíocht. Cuireadh fáilte roimh fhorbairt tacair sainscileanna, trína gcuid oibre mar stairithe agus tíreolaithe, a chuirfidh ar chumas an pháiste gníomhú go cóir agus go hinbhuanaithe, ar bhealach measúil comhbhách, lena n-ullmhaítear é don tsaoránacht faoi láthair agus amach anseo.

3.2.4 Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI)

Réamhrá

Tugadh isteach le *Creatchuraclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais, 2023) réimse foghlama: Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) ó Rang na Naíonán Sóisearach go dtí Rang a Dó, agus ábhair an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI) agus an Mhatamaitic idir Rang a Trí agus Rang a Sé. Foilsíodh *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* (CMB) i mí Mheán Fómhair 2023 lena i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2024. Ar an iomlán, fuarthas rannpháirteachas dearfach tairbheach ó na rannpháirtithe sa chomhairliúchán, lenar soláthraíodh aiseolas a dhearbhaigh inneachar na dréachtsonraíochta don Oideachas ETI agus moltaí chun a chur i gcrích a mhúnlú tuilleadh. Tarraingíodh aird sa chomhairliúchán nach gá a chur ina luí ar mhúinteoirí go ngabhann luach leis an Oideachas ETI agus go gcabhródh an dréachtsonraíocht go mór le haon eagla maidir lena thabhairt isteach i mbunscoileanna a mhaolú. Ar an iomlán, dúirt rannpháirtithe go raibh an dréachtsonraíocht tráthúil d'fhoghlaim páistí faoi láthair agus amach anseo, agus go n-éascódh sé foghlaim fhiúntach ghníomhach chomhtháite do pháistí, agus gur sholáthair sé bonn láidir agus tuilleadh deiseanna ann lena meas, i ndáil leis an bhfoghlaim, teagasc agus measúnú. Sainaithníodh trí théama san anailís ar an aiseolas. Is iad seo a leanas na téamaí sin:

- Freagairt Thráthúil: Foghlaim Páistí Faoi Láthair agus Amach Anseo
- Foghlaim Páistí: Gníomhach, Fiúntach agus Comhtháite
- Smaoineamh Chun Cinn: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú

Téama 1: Freagairt Thráthúil – Foghlaim Páistí Faoi Láthair agus Amach Anseo

Cuireadh fáilte mhór ar fud na bhformáidí comhairliúcháin roimh thabhairt isteach an Oideachais ETI i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Ba mhór ag rannpháirtithe an chaoi a leagtar amach an fhoghlaim ar bhealach oiliúnach forásach agus ábhartha sa dréachtsonraíocht. Tugadh le fios go bhféadfadh an dréachtsonraíocht cabhrú go mór le freagairt do lárnacht ETIM i saol laethúil páistí faoi láthair agus amach anseo. Luaigh rannpháirtithe go raibh áireamh na teicneolaíochta agus na hinnealtóireachta an-ábhartha agus tráthúil i saol teicneolaíochta an lae inniu.

Mheas rannpháirtithe go raibh leagan amach an réamhrá, na réasúnaíochta agus na n-aidhmeanna inrochtana agus soiléir. Luadh, i dtaobh na tagartha don rannpháirtíocht chriticiúil sna haidhmeanna, go nasctar sin leis na tréithe sna príomhinniúlachtaí, go háirithe, 'A bheith i d'fhoghlaiméoir gníomhach' agus 'A bheith i do shaoránach gníomhach'. Luaigh roinnt rannpháirtithe go dtabharfadh an tsonraíocht spreagadh maidir leis an réimse do mhúinteoirí agus go n-aithnítear le háireamh na teicneolaíochta eispéiris foghlama atá ag tarlú cheana féin i roinnt bunscoileanna. Cuireadh fáilte roimh an teanga a úsáidtear ar fud na sonraíochta agus áireamh gluaise i dtaobh na tacaíochta don fhoghlaim, teagasc agus measúnú. Ina theannta sin, measadh go raibh na deiseanna foghlama a leagtar amach sa dréachtsonraíocht trí thimpeallacht foghlama shaibhir soiléir agus braithheadh gur léiríodh leis na gnéithe, go háirithe, eispéiris foghlama fíorshaoil páistí. Cuireadh fáilte roimh an mbéim fhollasach ar ghnéithe den fhoghlaim lena n-áirítear an inbhuanaitheacht, an bhithéagsúlacht agus an saol amuigh faoin aer freisin.

Roinn rannpháirtithe aiseolas maidir le gnéithe den Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht lena dtarraingítear aird ar láidreachtaí agus dúshláin, agus bhíodhas dearfach faoin mbéim ar scileanna. Bhí rannpháirtithe dearfach faoin bhfócas ar fhorbairt theacht aniar na bpáistí, chomh

maith leis an gcruthaitheacht agus cumarsáid, go háirithe i sochaí an lae inniu a ghluaiseann go tapa agus atá ag forbairt de shíor. Luaigh rannpháirtithe go sonrach gur tugadh aitheantas laistigh den Eolaíocht do na naisc shoiléire leis an bhfoghlaim san iar-bhunscoil. Go sonrach, luadh go bhféadfadh áireamh téarmaí amhail Bitheolaíocht, Ceimic agus Fisic aistriú a éascú ar bhealach dearfach de thoradh a nasc le foghlaim/hábhair na hiar-bhunscoile. Dúirt rannpháirtithe gur soláthraíodh leis an bhfoghlaim san Innealtóireacht aitheantas dearfach don nasc idir an próiseas smaointeoireachta dearaidh san Innealtóireacht agus an próiseas ‘dear agus déan’ ó Churaclam Eolaíochta na Bunscoile, 1999. Ba mhór ag rannpháirtithe go dtabharfadh an bhfoghlaim sa Teicneolaíocht aghaidh ar riachtanais páistí i saol an lae inniu, lena dtabharfaí deiseanna d’fhorbairt scileanna atá riachtanach le bheith rannpháirteach agus don fhás mar fhoghlaiméir i dtimpeallacht a athraíonn. Mar sin féin, léirigh roinnt rannpháirtithe imní maidir le cur chuige cothrom a choinneáil idir acmhainní digiteacha agus neamhdhigiteacha don bhfoghlaim, go háirithe i ndáil le gléasanna agus am scáileáin. D’iarr grúpa amháin tuismitheoirí ó chúlráí éagsúla tuilleadh soiléireachta i ndáil leis an sainmhíniú ar Theicneolaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht, agus dúirt gur féidir leis an téarma tagairt don Teicneolaíocht dhigiteach agus don Teicneolaíocht thraidisiúnta araon, rud as ar féidir tuiscintí éagsúla teacht. Iarradh freisin go mbainfí úsáid fhollasach as téarmaí i gcás na Teicneolaíochta, amhail intleacht shaorga (IS), agus d’aithin rannpháirtithe eile go mbíonn an teicneolaíocht dhigiteach ag forbairt go gasta agus thuig go raibh an téarmaíocht oscailte. Áiríodh san aitheantas sin léirithuisint go bhféadfaí forbairtí éiritheacha sa Teicneolaíocht a éascú agus go bhféadfaí dul i ngleic leo tríd an Oideachas ETI, lena gcruthaítear eispéiris foghlama a sheasfaidh an aimsir go pointe.

Téama 2: Foghlaim Páistí – Gníomhach, Fiúntach agus Comhtháite

Chuir rannpháirtithe fáilte roimh an bhfócas ar an bhfoghlaim ghníomhach chomhoibríoch phraiticiúil do pháistí, agus luaigh roinnt acu go ngabhann an frása ‘foghlaim phraiticiúil agus mheabhach’ croí na físe oideolaíochta don tsonraíocht. Luadh go dtacódh sé sin le heispéiris foghlama ardchaighdeán do pháistí. Ba mhian le roinnt acu go mbeadh an súgradh ina oideolaíocht inaitheanta, agus mheas daoine eile gur leor an fhréamh spráilachta sna Torthaí Foghlama chun tacú leis na heispéiris foghlama spráilúla ar fud na gcleachtas oideolaíochta. Tarraingíodh aird ar an bhfóras go bhfuil na príomhchleachtais oideolaíochta don Oideachas ETI, Fiosrúchán Eolaíochta, Smaointeoireacht Dearaidh agus Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil oiriúnach don bhfoghlaim ghníomhach faoi stiúir an pháiste agus go dtacódís le hullmhúchán an mhúinteora. Léirigh rannpháirtithe roinnt imní maidir leis an bhfáil a d’fhéadfadh a bheith ar pháistí agus iad ag smaoinemh ar fhadhbanna agus dúshláin a bhaineann leis an maoirseacht chomhshaoil i sochaí an lae inniu. Mar sin féin, tharraing rannpháirtithe eile aird ar an gcaoi a bhféadfadh an fócas ar réiteach fadhbanna (lena n-áirítear réiteach fadhbanna san fhíorshaol) sa tsonraíocht tuiscint páistí a éascú, is é sin an tuiscint atá acu ar an gcaoi le freagairt d’fhadhbanna agus dúshláin a bhaineann le maoirseacht chomhshaoil faoi láthair agus amach anseo.

Shainnadh rannpháirtithe agus bhíodas dearfach faoin gcur chuige sa dréachtsonraíocht i ndáil leis an bhfoghlaim chomhtháite ETIM, lena gcuirtear ar chumas páistí a gcuid foghlama a nascadh ar fud na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice agus é sin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna san fhíorshaol agus i gcomhthéacsanna samhlaíthe. Luaigh rannpháirtithe go raibh na ráitis uileghabhálacha (caibidil 6D) soiléir agus inrochtana agus go dtarraingítear aird leo ar spriocanna ETIM chomhtháite. Chuir rannpháirtithe fáilte roimh na céimeanna dearaidh sa chur chuige i leith na foghlama ETIM chomhtháite agus dúradh gur míníodh iad go soiléir agus go dearfach, ach iarradh soiléireacht i ndáil le ról na bpáistí agus an mhúinteora

sa timhriall dearaidh. Chuir rannpháirtithe fáilte roimh an Matamaitic mar chuid den chur chuige i leith na foghlama comhtháite ach d'iarr tuilleadh treorach maidir leis an gcaoi le hOideachas ETI agus *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a chomhtháthú, chomh maith le hOideachas ETI agus réimsí curaclaim eile in *Creatchuraclam na Bunscoile* trí chéile. Rinne rannpháirtithe iarracht aird a tharraingt ar an bhfóras go mbíonn éifeacht iolraitheora ag an gcomhtháthú má dhéantar i gceart é, agus is é is aidhm don dréachtsonraíocht comhtháthú a chur chun cinn ar an mbealach dearfach sin. Mar sin féin, luadh go mbeadh treoir shoiléir ag teastáil ó mhúinteoirí trí na huirlisí úsáide agus tríd an bhforbairt ghairmiúil chun an comhtháthú fiúntach sin a bhaint amach.

Téama 3: Smaoineamh Chun Cinn – Foghlaim, Teagasc agus Measúnú

Tarraingíodh aird ar láidreachtaí Churaclam na Bunscoile, 1999, agus ar an gcaoi a nascann Oideachas ETI iad sin agus ar an gcaoi a bhforbraíonn sé iad. Sainithníodh na naisc sin mar nithe a thacaíonn le múinteoirí de réir mar a thugann siad faoin Oideachas ETI. Mhol roinnt daoine go ndéanfaí tagairt fhollasach do na naisc sin nó go dtarraingeofaí aird orthu. Cé go rabhthas sásta faoi chuid mhór de, dúirt roinnt daoine go raibh tuilleadh béime ag teastáil ar an dul chun cinn ó shuíomh áitiúil go dtí suíomh domhanda ar fud na gcéimeanna sna Torthaí Foghlama. Bhíothas ar aon intinn ar bhealach dearfach faoin tacaíocht a sholáthraítear in *Assessment in the Primary School Curriculum - Guidelines for Schools* (CNCM, 2007) agus moladh treoir chomhchosúil don tsonraíocht seo.

Rinneadh réimse moltaí éagsúla chun cuimhneamh ar leagan amach, teanga agus cur i láthair na sonraíochta, chun tacú lena húsáid do mhúinteoirí sa seomra ranga. Moladh athbhreithniú ar an teanga chun a chinntiú go gcuirfí aon téarma nua disciplíneach sa ghluais. Measadh gurbh fhéidir téacs sa réamhrá agus sa réasúnaíocht a ghiorrú. Cuireadh dearcthaí contrártha in iúl i dtaobh na gcoincheap sa Teicneolaíocht; dúirt roinnt rannpháirtithe go raibh siad soiléir agus simplí, ach mhol rannpháirtithe eile tuilleadh simpliúcháin chun tacú le cumas gníomhúcháin múinteoirí de réir mar a thugann siad faoin bhfoghlaim, teagasc agus measúnú sa réimse sin. Luaigh rannpháirtithe go raibh cur i láthair na ngrafaicí ar fud na dréachtsonraíochtaí dearfach, ach moladh go gcuirfí san áireamh grafaic bhreise do na modhanna measúnaithe nach léireodh aon ordlathas i ndáil leis an modh.

Maidir leo siúd a chonaic na deiseanna a d'fhéadfadh an dréachtsonraíocht a chruthú do chomhpháirtíochtaí ETIM fiúntacha laistigh den phobal go háitiúil agus go náisiúnta, tharraing siad aird go seasmhach ar chomhpháirtíochtaí. Measadh go bhforbraítear leis na comhpháirtíochtaí sin cleachtas scoile i ndáil leis an bhfoghlaim agus teagasc in ETIM. Chomh maith leis sin, tharraing rannpháirtithe aird ar an gcaoi a mbeidh comhpháirtíochtaí agus tacaíocht do theaghlaigh agus foghlaim a bpáistí tábhachtach amach anseo. Go sonrath, d'iarr tuismitheoirí ó chúlraí éagsúla teachtaireachtaí agus cumarsáid níos soiléire maidir leis na cineálacha eispéireas foghlama a bheadh ag páistí sa réimse curaclaim seo. Braitheadh gur socraíodh leis an dréachtsonraíocht ionchais arda maidir leis an bhfoghlaim, teagasc agus measúnú agus tharraing roinnt mhaith rannpháirtithe aird ar an ngá le hacmhainní agus tacaíocht chuí chun é sin a bhaint amach. Tarraingíodh aird ar an tacaíocht sin i gcomhthéacs cothromas a bhaint amach ar fud na scoileanna i dtaobh a gcuid rannpháirteachais agus soláthair i dtaca le heispéiris foghlama. Cheistigh roinnt rannpháirtithe an chaoi a n-éascófaí an bhfoghlaim i gcás páistí an-chumasach, agus an chaoi a gcuirfí dúshlán rompu san bhfoghlaim agus sa teagasc. Léirigh daoine eile inné maidir le hinrochtaineacht na dTorthaí Foghlama do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Bhraith roinnt rannpháirtithe go raibh tagairt níos follasaí don réimse leathan comhthéacsanna scoile ag teastáil ar fud na dréachtsonraíochta chun solúbthacht agus inathraitheacht sna

heispéiris foghlama a chumasú. Luaigh rannpháirtithe go dtacódh sé sin leis na scoileanna uile tabhairt faoin Oideachas ETI chun tacú leis na páistí uile barr a gcumais a bhaint amach.

Dhearbhaigh rannpháirtithe a thráthúla agus atá Oideachas ETI agus an fócas ar fhoghlaim ghníomhach, fhiúntach agus chomhtháite páistí, lena ndéantar meastóireacht dhearfach ar inneachar na dréachtsonraíochta. Rinne rannpháirtithe moltaí freisin, chuir ceisteanna agus thug aiseolas fiúntach chun tacú le tabhairt i gcrích na dréachtsonraíochta. Ar an iomlán, ba léir do rannpháirtithe go ndearnadh naisc sa dréachtsonraíocht le Curaclam na Bunscoile, 1999, agus gur forbraíodh é, agus gur aithníodh go bhfuil an Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht trialach agus ag forbairt i gcónaí.

3.2.5 Folláine

Réamhrá

Laistigh de *Creatchuraclam na Bunscoile* (an Roinn Oideachais, 2023), tugadh isteach an réimse curaclaim nua, Folláine, lena gcuimsítear dhá ábhar thábhachtacha: Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), agus lena ndírítear ar an bhfoghlaim agus teagasc faoi ghnéithe idirnasctha na Folláine. Laistigh den réimse curaclaim sin, tacaítear le cur chuige comhtháite i leith na foghlama agus an teagaisc maidir le Folláine ar Chéim 1 agus Céim 2 (Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó), agus tá fócas níos scoite ar na hábhair Corpoideachas agus OSPS, laistigh de chomhthéacs na Folláine, ar Chéim 3 agus Céim 4 (Rang a Trí go Rang a Sé). Is féidir naisc a dhéanamh ar fud na gcéimeanna idir agus thar na snáitheanna agus na snáithaonaid, agus le réimsí eile curaclaim. Agus é ailínithe leis an gcur chuige comhtháiteach sin, is é is aidhm d'inneachar na dréachtsonraíochta don Fholláine rath an Chorpoideachais agus OSPS i gcuraclam 1999 a fhorbairt, tacú le forbairt fhisiciúil, shóisialta, mhothúcháinach agus spioradálta páistí ar bhealach iomlánaíoch, lena léirítear a dtaithí ar an bhfíorshaol.

Saináithníodh trí théama san anailís ar an aiseolas ón gcomhairliúchán. Is iad seo a leanas na téamaí sin:

- Bunchlocha Láidre do Churaclam Folláine Iomlánaíoch
- Cleachtas a dhéanamh den Oideolaíocht
- Ceangail agus Comhpháirtíochtaí

Téama 1: Bunchlocha Láidre do Churaclam Folláine Iomlánaíoch

Is léir ó na freagraí a fuarthas go gcuirtear fáilte mhór roimh an réimse curaclaim nua seo, agus luaigh rannpháirtithe go bhfuil sonraíocht na Folláine 'forásach agus ionchuimsitheach' agus go bhfuil sé ina 'sócmhainn dhearfach dár scoileanna'. Dar leis na rannpháirtithe, cuireann tosca iomadúla le socrú na mbunchloch láidir don churaclam iomlánaíoch seo.

Ar an gcéad dul síos, bhraith rannpháirtithe go raibh inneachar na Réasúnaíochta agus an Réamhrá sa tsonraíocht soiléir agus cuimsitheach, agus cuireadh fáilte roimh an aitheantas go bhfuil tuilleadh tosca lasmuigh den tsonraíocht a dhéanann difear don fholláine is leithne freisin. Léirigh siad freagairt dhearfach i ndáil le hAidhmeanna an churaclaim freisin, agus mheas gur cuireadh 'smaoineamh maith isteach' ann agus go ndearnadh 'machnamh cúramach' air. Cuireadh fáilte roimh an gcomhtháthú ar fud snáitheanna agus snáithaonad agus measadh é a bheith fóinteach i dtéarmaí phleanáil na múinteoirí. Maidir leis sin, luadh an tsiombail chomhtháite mar ní a bhí

úsáideach chun naisc a shainnint laistigh den churaclam. Anuas air sin, measadh go raibh sé éifeachtach inisealacha a bhaineann leis na Príomhinníúlachtaí a chur isteach in éineacht le gach Toradh Foghlama chun tacú leis an gcomhtháthú le réimsí curaclaim eile, agus thug roinnt rannpháirtithe le fios go bhféadfaí an ghné sin a neartú tuilleadh fós. Bhí comhaontú leathan ann freisin, ar fud na bhfreagraí a fuarthas nuair a cuimhníodh ar thopaic an chomhtháite, go n-oibríonn an Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) go maith le chéile sa réimse curaclaim seo. I ndáil leis an topaic sin, cuireadh fáilte, den chuid is mó, roimh leathnú an Chorroideachais chun Torthaí Foghlama a chuimsiú ar fud na snáitheanna uile den churaclam, agus moladh tacaíocht agus léiríodh roinnt imní i ndáil leis an bhfócas disciplíneach. Measadh go raibh an méadú ar an am a shanntar don Fholláine ina fhorbairt dhearfach freisin. In ainneoin na tacaíochta sin, léiríodh roinnt ábhair imní i gcomhthéacs freisin, maidir leis na dúshláin phleanála agus srianta ar chlár ama, chomh maith le caomhnú na foghlama disciplíní laistigh de churaclam comhtháite.

Ar an dara dul síos, léirigh rannpháirtithe dearchtaí dearfacha maidir leis an gcumas gníomhúcháin agus an tsolúbthacht a thugtar sa dréachtsonraíocht. D'aithin rannpháirtithe an bhéim ar ghuth agus cumas gníomhúcháin an pháiste sna Torthaí Foghlama agus measadh go raibh sé tábhachtach tacú le múinteoirí freastal ar pháistí 'ag an áit a bhfuil siad'. Measadh go n-éascaítear cumas gníomhúcháin múinteoirí agus solúbthacht leis na Torthaí Foghlama leathana a thacaíonn le 'cur chuige freagrúil agus páistelárnach' i leith fhoghlaim agus theagasc na Folláine. Mar sin féin, tugadh le fios sna torthaí freisin go raibh na Torthaí Foghlama ina n-ábhar imní do mhúinteoirí freisin toisc a leithne atá siad, agus mheas roinnt rannpháirtithe go raibh an teanga doiléir, agus d'iarr tuilleadh mionsonraí 'ionas go dtuigfidh múinteoirí an rud dá ndéanann siad tagairt'.

Ar deireadh, bhí na rannpháirtithe dearfach ar an mórgóir maidir leis na cuir chuige i leith na foghlama, an teagasc agus an mheasúnaithe atá mar bhonn taca faoin dréachtsonraíocht Folláine. Cuireadh fáilte, ar an mórgóir, roimh na cleachtais oideolaíochta ar a dtugtar breac-chuntas laistigh den tsonraíocht, agus thug rannpháirtithe le fios go raibh na cuir chuige ar a dtugtar breac-chuntas 'ábhartha agus dea-mhínte', agus ba léir ón aiseolas gur mhór ag rannpháirtithe an t-aitheantas a thugtar do chuir chuige spráúla agus teagasc díreach. Bhíothas dearfach i ndáil leis na snáitheanna agus snáithaonaid freisin, agus bhraith rannpháirtithe 'go dtarraingítear aird leo ar na téamaí cearta' agus go léirítear leo go héifeachtach cur chuige comhtháite i leith na foghlama agus an teagasc san Fholláine. Tarraingíodh aird freisin ar thábhacht an ábhair atá oiriúnach ó thaobh aoise de sa churaclam i measc roinnt rannpháirtithe. I dtaca leis an measúnú, bhíothas ar aon intinn den chuid is mó go bhfuil na cuir chuige ar a dtugtar breac-chuntas laistigh den tsonraíocht cuí, fad a aithnítear go bhféadann sé a bheith deacair measúnú a dhéanamh ar an réimse curaclaim seo. I ndáil leis sin, bhraith roinnt rannpháirtithe go mbeadh roinnt samplaí measúnaithe a bhaineann go sonrach le Corpoideachas agus OSPS úsáideach chun soiléireacht a thabhairt do mhúinteoirí anseo. Cé gur cuireadh fáilte roimh áireamh na gConairí Tacaíochta Breise agus gur measadh iad a bheith ina gcur chuige éifeachtach chun ionchuimsiú na bhfoghlaimeoirí uile lena bhfuil leibhéal éagsúla riachtanais a chur chun cinn sa churaclam don Fholláine, bhraith roinnt rannpháirtithe go mbeadh tuilleadh treorach agus treoraíochta tairbheach sa réimse seo, go háirithe do scoileanna speisialta agus scoileanna ina bhfuil ranganna speisialta.

Téama 2: Cleachtas a dhéanamh den Oideolaíocht

Tar éis na hanailíse ar an aiseolas, fuarthas gur féidir dearchtaí na rannpháirtithe laistigh den téama sin a rangú laistigh d'fhothéama amháin de thrí fhothéama leathana. Déantar machnamh i ngach ceann de na fothéamaí sin ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar an oideolaíocht agus ar an

inneachar lena ndéantar curaclam na Folláine, i dtéarmaí praiticiúla, laistigh de chomhthéacs an tseomra ranga. Is é sin, fiosraítear leis na fothéamaí seo dearcthaí rannpháirtithe i leith inneachar na dréachtsonraíochta lena bhforbraítear curaclam 1999, inneachar curaclaim atá tógtha cothrom le dáta go mór agus tabhairt isteach inneachair curaclaim nua laistigh de churaclam na Folláine; cuirtear gach ceann acu sin i láthair thíos.

Ar an gcéad dul síos, nuair a chuimhnítear ar an inneachar laistigh den dréachtsonraíocht lena bhforbraítear inneachar churaclam 1999, bhíothas dearfach i ndáil leis an bhfócas leanúnach ar phríomhréimsí curaclaim agus bhí moltaí ann maidir le forbairt fhéideartha i gcásanna freisin. Mar shampla, cuireadh fáilte mhór roimh an bhfoghlaim a bhaineann le réimsí amhail caidrimh, luachanna, bulaíocht, cosc ar mhí-úsáid páistí agus cosc ar úsáid/mhí-úsáid substaintí. Go sonrach, fuarthas tráchtanna dearfacha i ndáil leis an snáithaonad 'Feasacht Mhothúchánach agus Cur in Iúl' agus a leathnú ar fud an Corpoideachais agus OSPS. Mheas rannpháirtithe go raibh an bhéim ar rialáil mhothúchánach tairbheach agus moladh tuilleadh forbartha ansin. Le linn an phlé le grúpaí tuismitheoirí imirceacha agus pobail, tháinig topaic an bhia agus an chothaithe chun cinn, agus thug roinnt tuismitheoirí le fios go bhfuil béim níos láidre ag teastáil. Ina theannta sin, ba mhór ag na rannpháirtithe an t-aitheantas idir Corpoideachas, Spórt agus Gníomhaíocht Choirp agus cuireadh béim dá réir sin ar cur chuige cothrom i leith na hiomaíochta.

Ba léir go raibh dearcthaí éagsúla ann, áfach, i ndáil leis an inneachar a bhaineann le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Ina thaobh sin, agus machnamh á dhéanamh ar inneachar sonrach laistigh den snáithaonad 'Forbairt an Duine', d'aithin rannpháirtithe tábhacht na foghlama faoin gcaithreachas ar scoil agus léirigh go mbeadh tuilleadh sainiúlachta laistigh de churaclam na Folláine sa réimse sin ina tacaíocht. Tháinig topaic an choisc ar mhí-úsáid páistí chun cinn le linn an phlé le grúpaí tuismitheoirí imirceacha agus pobail, agus measadh go raibh tagairtí d'ainmneacha na mball coirp, meas ar theorainneacha coirp agus foghlaim faoi rúin ina nithe foghlama tábhachtacha. I ndáil le OCG ar bhonn níos ginearálta, ní raibh aon chomhaontú soiléir ann i measc na dtorthaí i dtaobh dhearcthaí na rannpháirtithe. Mar shampla, mheas roinnt daoine go raibh an t-inneachar oiriúnach don aois agus ina fhoghlaim thábhachtach, ach mheas daoine eile gurb é an baile an áit is oiriúnaí do pháistí a bheith ag foghlaim faoi OCG.

Ar an dara dul síos, fuarthas aiseolas ó rannpháirtithe maidir le réimsí ó churaclam 1999 a bhféadfaí nuashonrú ní ba shuntasáí, ná na cinn ar a dtugtar breac-chuntas thuas, a dhéanamh orthu sa dréachtsonraíocht. Ina thaobh sin, mar shampla, d'aithin rannpháirtithe tábhacht agus luach an inneachair nuashonraithe i ndáil leis na Meáin agus Folláine Dhigiteach, lena léirítear dul chun cinn sa teicneolaíocht ó cuireadh curaclam 1999 i bhfeidhm, agus measadh i dtaobh na dTorthaí Foghlama go raibh siad 'oscailte go leor chun teicneolaíocht nua a chuimsiú amach anseo'.

Cuireadh fáilte roimh fhorbairtí suntasacha laistigh den snáithe nuashonraithe 'Pobal agus Muintearas' i gcomhthéacsanna a bhaineann go sonrach le Corpoideachas agus OSPS, agus fuair na gnéithe a bhaineann le cearta, cothroime agus saoránacht moladh. Maidir leis an bhfoghlaim agus teagasc faoin éagsúlacht sa snáithe seo, measadh go gcuirtear chun cinn leo feasacht agus tuiscint ar 'chultúir agus féiniúlachtaí éagsúla' ar scoil agus sa tsochaí, agus luaitear roinnt moltaí le haghaidh tuilleadh beachtaithe anseo. Treisíodh é sin le linn an phlé le tuismitheoirí ó chúlraí imirceacha, tuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu i soláthar díreach, cúramóirí altrama, agus tuismitheoirí den Lucht Siúil a labhair faoin tábhacht a bhaineann le forbairt na tuisceana agus na

feasachta i measc na bpáistí ar chultúir, féiniúlachtaí agus inniúlachtaí éagsúla, ionas go mothóidh na páistí uile go bhfuil siad ‘mar chuid den slua’, sábháilte agus muintearas a bheith acu.

Agus ar an trío dul síos, dhírigh neart tráchtanna san aiseolas ar inneachar agus coincheapa nua a thugtar isteach sa dréachtsonraíocht maidir le Folláine. I ndáil le Corpoideachas, mar shampla, bhí glacadh forleathan le tabhairt isteach Corpoideachais fhiúntaigh agus na litearthachta fisiciúla, agus d’iarr roinnt rannpháirtithe tuilleadh soiléireachta i réimsí áirithe, amhail Oideachas Gluaiseachta. Chomh maith leis sin, bhraith rannpháirtithe go raibh úsáid na Réimsí Gníomhaíochta Corpoideachais mar mheán chun tacú leis an bhfoghlaim ina ‘léiriú ar athrú’ sa réimse ábhair sin nuair a chuirtear i gcomparáid é le curaclam 1999; chuir siad fáilte roimh fhairsinge ‘an chuir chuige roghchláir’ sin agus mhol go soláthrófaí tuilleadh soiléireachta sa réimse sin, chomh maith le machnamh maidir lena n-áit i leagan amach na sonraíochta. Ba léir tráchtanna breise i ndáil le Réimsí Gníomhaíochta Corpoideachais sonracha sna torthaí freisin; d’fhreagair rannpháirtithe go dearfach i ndáil le háireamh Gníomhaíochtaí Malartacha, lena soláthraítear rogha mhéadaithe, agus ‘rud ann do chách’. Luadh dearcthaí éagsúla i dtaobh áit an damhsa laistigh de churaclam leathan na bunscoile, agus bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim go raibh a chuimsiú, in éineacht le gleacaíocht, laistigh de na Gníomhaíochtaí Ealaíonta agus Aeistéitiúla ina rud dearfach, ach bhí rannpháirtithe eile ar son fócas disciplíneach níos scoite don damhsa sa Chorpoideachas.

I ndáil le léiriú an teaghlaigh laistigh den tsonraíocht, glacadh go maith le cuimsiú éagsúlacht na struchtúr teaghlaigh ar an iomlán. D’aithin rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim a dhéanann páistí faoi réimse éagsúil struchtúir teaghlaigh ‘lena gcabhraíonn leo a bheith feasach agus tuiscint a bheith acu ar an gcaoi le freagairt don mhéid a tharlóidh (agus a tharlaíonn cheana féin) ina saol’, agus fuarthas roinnt moltaí go bhféadfaí tagairt a dhéanamh do phósadh in inneachar na topaice sin. Bhíothas dearfach faoin tagairt shonrach do theaghlaigh altrama le linn plé le cúramóirí altrama agus measadh é a bheith tábhachtach chun cineálacha difriúla teaghlach a normalú. Dúradh go sonracha gur cheart aghaidh a thabhairt ar thopaic an teaghlaigh ar bhealach íogair ‘díphearsantaithe’. Moladh freisin go bhféadfaí cuimhneamh ar an téarma ‘teaghlach cumaisc’ a chur san áireamh. Bhí an tagairt do chlaonadh gnéis, faoi chomhthéacs an fhrith-leithcheala sa churaclam, ina hábhar plé laistigh den aiseolas. Ina thaobh sin, fuarthas gur mheas formhór na rannpháirtithe go raibh an tagairt don topaic sin ionchuismitheach agus tábhachtach ‘toisc go léiríonn sé an éagsúlacht sa tsochaí’, agus sonraíodh daoine eile a bhí in aghaidh é a chur san áireamh. Chomh maith leis sin bhí dearcthaí dearfacha ó rannpháirtithe maidir le tabhairt isteach na bprionsabal in aghaidh an leithcheala, agus fuarthas roinnt moltaí chun breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an topaic sin a neartú tuilleadh i gcuraclam na Folláine. Tarraingíodh aird ar fhreagairt dhearfach san aiseolas freisin i dtaobh an inneachair sa dréachtsonraíocht a bhaineann le toiliú agus teacht aniar.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuarthas aiseolas ó rannpháirtithe maidir le topaicí nach bhfuil sa dréachtsonraíocht maidir le Folláine freisin. Luadh tábhacht na meabhairshláinte, chosc an fhéinmharaithe agus sosanna gluaiseachta, mar shampla, agus an fhéidearthacht i ndáil lena gcur san áireamh.

Roinneadh réimse éagsúil tuairimí maidir le féiniúlacht inscne agus téarmaíocht IADTI+ nach bhfuil i ndruchtsonraíocht na Folláine. Ina thaobh sin bhí rannpháirtithe ann a bhí ar son áireamh sonracha na téarmaíochta LADTI+ agus na tagartha d’fhéiniúlacht inscne laistigh den tsonraíocht, agus bhí sé sin i gcodarsnacht shoiléir leo siúd a mheasann gur ábhar míchuí sin do leibhéal na bunscoile.

Téama 3: Ceangail agus Comhpháirtíochtaí

Baineann an t-aiseolas a fuarthas agus a ndearnadh anailís air sa téama deiridh sin le dearcthaí rannpháirtithe i ndáil le príomhcheangail agus príomh-chomhpháirtíochtaí atá nasctha le cur chun feidhme churaclam na Folláine.

Ar an gcéad dul síos, ba léir go raibh réimse tuairimí éagsúla san aiseolas i dtaobh an cheangail idir curaclam na Folláine agus éiteas scoile nó Clár an Phátrúin. Cuireadh fáilte roimh dheiseanna don ailíniú i roinnt cásanna. Moladh idirdhealú idir an dá rud i gcásanna eile, áfach. Cuireadh fáilte sna torthaí trí chéile roimh an tagairt don spioradáltacht i gcuraclam na Folláine, áfach, cé go raibh na dearcthaí i dtaobh a frámaíthe shonraigh éagsúil.

Ar an dara dul síos, rinne líon suntasach rannpháirtithe tagairt don tábhacht a bhaineann le bunú agus cothabháil na cumarsáide agus na comhpháirtíochta leanúnaí le tuismitheoirí/caomhnóirí i ndáil le teagasc agus foghlaim i gcuraclam na Folláine. Ina thaobh sin, braithheadh gur cheart tuismitheoirí/caomhnóirí a choinneáil ar an eolas de réir mar a chuirtear curaclam na Folláine chun feidhme sna scoileanna, ós rud é gurb iadsan príomhoideoirí a bpáiste/bpáistí, 'ionas gur féidir leo cinntí eolacha a dhéanamh faoi fhoghlaim a bpáistí', amhail tacaíocht bhreise a thabhairt sa bhaile chun foghlaim an churaclaim a threisiú nó rannpháirtíocht a bpáiste ar scoil i ngnéithe áirithe den churaclam a bhreithniú. Le linn an phlé le tuismitheoirí ó chúlraí éagsúla, tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le feasacht agus tuiscint a bheith ag múinteoirí agus scoileanna ar thosca seachtracha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhoghlaim a bpáistí san Fholláine. D'fhéadfadh 'mothúcháin mhóra' a bheith ag baint le topaicí laistigh den Fholláine i gcás páistí áirithe, agus ba cheart iad a tharraingt anuas ar bhealach íogair, lena léirítear eispéiris saoil páistí, mar shampla, a gcultúr, a dtimpeallacht mhaireachtála/baile nó eispéiris tráma amhail caillteanas nó an bás.

Ar deireadh, le linn an chomhairliúcháin, luaigh rannpháirtithe an chomhpháirtíocht thábhachtach a bhunaítear nuair a oibrítear le héascaitheoirí seachtracha. Luadh dearcthaí éagsúla; chuir roinnt rannpháirtithe fáilte roimh ról comhlántach éascaitheoirí seachtracha chun tacú le múinteoirí roinnt gnéithe de churaclam na Folláine a sholáthar, ach mhol rannpháirtithe eile gur cheart a bheith cúramach i ndáil leis sin. In ainneoin an réimse dearcthaí a thugtar anseo, glacadh go maith leis an treoir ar a dtugtar breac-chuntas i sonraíocht na Folláine i ndáil leis an gcur chuige comhoibríoch sin.

Torthaí: Ceistneoirí

3.3 Réamhrá

Le linn an chomhairliúcháin rinneadh ceistneoirí na n-oideoirí agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ar an ardán Microsoft Teams chun aiseolas a bhailiú maidir leis na *Dréachtsonraíochtaí Curaclaim*. Tugadh cuireadh d'oideoirí a bheith rannpháirteach i gceistneoirí a bhaineann leis na dréachtsonraíochtaí curaclaim le haghaidh Oideachas Ealaíon; Churaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha Iasachta; Oideachas Sóisialta agus Imshaoil; Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta; agus Folláine. Anuas air sin, tugadh cuireadh d'oideoirí freagairt do cheistneoir inar pléadh ailíniú Dhréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile leis na príomhtheachtaireachtaí ó *Creatchuraclam na Bunscoile*. Fuarthas 1,256 freagairt ar an iomlán sna sé cheistneoir d'oideoirí.

Tugadh cuireadh do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheith páirteach i gceistneoir chun a gcuid tosaíochtaí agus ionchas do Dhréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile a thabhairt le fios. Fuarthas 615 freagairt ar an gceistneoir sin.

Sna codanna seo a leanas, baintear úsáid as réimse de ghraif/chairteacha chun freagairtí oideoirí agus thuismitheoirí/chaomhnóirí a léiriú. Tá aitheantóir ar leith ag gach graf/cairt atá léirithe. Úsáideadh cineálacha difriúla graf agus cairteacha chun an t-eolas a fuarthas ó na ceistneoirí a léiriú ar an mbealach is fearr.

3.3.1 Ceistneoir Oideora

Tugtar breac-chuntas sna codanna seo a leanas ar na freagraí ó oideoirí ar na ceistneoirí maidir leis na dréachtsonraíochtaí curaclaim le haghaidh Oideachas Ealaíon; *Curaclam Teanga na Bunscoile* – lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta; Oideachas Sóisialta agus Imshaoil; Oideachas Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht; agus Folláine. Ina theannta sin, tá freagraí na n-oideoirí ar an gceistneoir maidir leis an ailíniú idir na dréachtsonraíochtaí curaclaim agus na príomhtheachtairéachtaí ó *Chreatchuraclam na Bunscoile* san áireamh sa chuid seo.

Oideachas Ealaíon


Cuireadh ceist ar oideoirí faoin méid a d'aontóidís nó a d'esaontóidís le ráitis a bhain le *Dréachtchuraclam Oideachais Ealaíon na Bunscoile*. Bailíodh 235 freagra sa cheistneoir seo. D'fhreagair na rannpháirtithe trí rogha amháin as cúig rogha a phiocadh: 'Aontaím go Láidir'; 'Aontaím'; 'Nílím cinnte'; 'Easaontaím'; nó 'Easaontaím go Láidir'.

Iarradh ar na rannpháirtithe freagra a thabhairt ar an ráiteas, 'Tugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha don Oideachas Ealaíon'. Léiríonn an chairt thíos (Fíor 1) freagraí na rannpháirtithe, agus léiríonn na céatadáin líon na bhfreagraí ar gach rogha. D'aontaigh formhór mór na bhfreagraí (63%) leis an ráiteas, agus d'aontaigh 17% eile go láidir. Bhí líon an-bheag freagraí diúltacha ar an ráiteas – is amhlaidh a d'esaontaigh 6%, agus d'esaontaigh 3% eile go láidir. An fháilte sin a cuireadh roimh na trí chaibidil tosaigh sa dréachtsonraíocht, chonacthas ar fud na snáitheanna comhairliúcháin eile í freisin.

Fíor 1: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 1

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha don Oideachas Ealaíon'

Líon na bhfreagraí: 235




Thug oideoirí a mbarúlacha ar an ráiteas: 'Éiríonn leis na Snáitheanna na príomhchatagóirí maidir lena bhfoghlaimeoidh an páiste in Oideachas Ealaíon a shainaithint'. Léiríonn Fíor 2 go raibh na freagraí ar an ráiteas seo dearfach. Tháinig iomlán comhcheangailte 78% de na freagraí faoi na catagóirí 'Aontaím' agus 'Aontaím go Láidir'. Tagann sé sin le torthaí ón gcomhairliúchán uile inar léiríodh barúlacha fabhracha i leith na snáitheanna nua in Oideachas Ealaíon atá ag éirí níos cuíchóirithe.

Fíor 2: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 2


Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Éiríonn leis na Snáitheanna na príomhchatagóirí maidir lena bhfoghlaimeoidh an páiste in Oideachas Ealaíon a shainaithint'

Líon na bhfreagraí: 235




Mar a léirítear le Fíor 3, bhí na rannpháirtithe den tuairim go ndearna na torthaí foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo do gach páiste san Oideachas Ealaíon. As an 235 freagra, 'D'aontaigh' 59% díobh, 'D'aontaigh go Láidir' 14% díobh, agus dúirt 14% díobh 'Nílím cinnte'. Tháinig líon beag freagraí faoi na catagóirí 'Easaontaím' (8%) agus 'Easaontaím go Láidir' (5%).

Fíor 3: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 3




Lean treocht na bhfreagraí dearfacha sa fhreagra ar an ráiteas, 'Tá líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime san Oideachas Ealaíon iomchuí': 49% de na freagraí a bhí i gceist le 'Aontaím', agus shroich 'Aontaím go Láidir' 13% díobh. Bhí méadú ar líon na gcásanna ina ndúradh 'Nílím cinnte' ag 22%, rud a thugann le tuiscint go bhféadfadh éiginnteacht a bheith ann maidir leis na Torthaí Foghlama i gcás na rannpháirtithe sin. Léiríodh go raibh éiginnteacht den chineál céanna le sonrú sna sonraí comhairliúcháin níos leithne le haghaidh Oideachas Ealaíon agus is amhlaidh a d'iarr roinnt daoine treoir agus tacaíocht bhreise i ndáil leis na Torthaí Foghlama. Ba mhionlach iad na rannpháirtithe siúd a d'esaontaigh leis an ráiteas, agus 9% i gceist le 'Easaontaím', agus 7% le 'Easaontaím go Láidir':.

Fíor 4: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 4



Bhí tuairim dhearfach ag na rannpháirtithe ar an iomlán go raibh na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama an Oideachais Ealaíon, mar a léirítear i bhFíor 5. D'aontaigh nó d'aontaigh go láidir iomlán comhcheangailte 76% de na rannpháirtithe go raibh na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama an Oideachais Ealaíon. Bhí 13% de na rannpháirtithe éiginnte faoin ráiteas. Ach níor easaontaigh nó níor easaontaigh go láidir ach 11% díobh go bhfuil na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama.

Fíor 5: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 5




Lean na rannpháirtithe de fhreagairt dhearfach a thabhairt ar an dréachtsonraíocht, mar a léirítear i bhFíor 6. Bhí tromlach mór de na freagraí ar aon fhocal leis an ráiteas go ndearnadh cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán san Oideachas Ealaíon (d'aontaigh 54%, d'aontaigh 19% go láidir). Bhí sé sin ag teacht leis na freagraí a bhí dearfach ar an mórgóir a tugadh ar fud an cheistneora uile. Os a choinne sin, bhí 15% éiginnte, agus d'esaontaigh 7% agus d'esaontaigh 5% eile go láidir. Tagann sé sin leis na torthaí ón gcomhairliúchán uile mar ar fáiltíodh go forleathan roimh na smaointe a cuireadh chun cinn i gCaibidil 6 den dréachtsonraíocht.

Fíor 6: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, ráiteas 6

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán san Oideachas Ealaíon'

Líon na bhfreagraí: 235




Iarradh ar na rannpháirtithe na tosaíochtaí seo a leanas a rangú le haghaidh tacaíochtaí praiticiúla maidir le hUirlisí Úsáide ar líne a fhorbairt don Oideachas Ealaíon:

- Súgradh agus foghlaim spráúil
- Tacú le cumas gníomhúcháin linbh
- Foghlaim ar bhonn tionscadail/ faidhbe/ fiosraithe
- Ionchuimsiú agus an teagasc freagrúil ó thaobh cultúir de
- Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta
- Measúnú agus dul chun cinn
- Eispéiris foghlama chomhtháite
- Timpeallachtaí foghlama
- Ag tacú le haistrithe oideachasúla sa bhunscoil
- Comhpháirtíochtaí leis an mbaile agus leis an bpobal

Léiríonn Fíor 7 céatadán na bhfreagraí inar roghnaíodh gach tacaíocht mar an tosaíocht ab airde.

Fíor 7: Ceistneoir oideora, Oideachas Ealaíon, na ranguithe tosaíochta is airde



D'aontaigh formhór mór na bhfreagraí go bhfuil tacaíochtaí do 'Shúgradh agus Foghlaim Spráúil' ar an tosaíocht is tábhachtaí. Bhí sé sin ar an bhfreagra ba choitianta a tugadh i bhfad ag 46%. Bhí bearna mhór idir an tosaíocht ab airde agus an dara tosaíocht ab airde a rangáíodh agus is amhlaidh a fuair 'Eispéiris foghlama chomhtháite'; agus 'Foghlaim ar bhonn tionscadail/ faidhbe/ fiosraithe' araon an ráta freagartha céanna ag díreach faoi bhun 10%. Bhí an luach agus an tábhacht a measadh a bheith ag baint leis an súgradh agus an fhoghlaim spráúil don réimse curaclaim seo le sonrú ar an mbealach céanna sna sonraí comhairliúcháin níos leithne.

Nuashonruithe ar Churaclam Teanga na Bunscoile lena n-áireofar na Nuatheangacha lasachta


Cuireadh ceist ar oideoirí faoin méid a aontaíonn/easaontaíonn siad le ráitis a bhain leis na dréacht-nuashonruithe ar *Churaclam Teanga na Bunscoile* chun na Nuatheangacha lasachta a chur san áireamh. Bhí éagsúlacht mhór sna freagraí ar na ráitis seo agus ba iad ‘Aontaím’ agus ‘Easaontaím go Láidir’ na freagraí ba choitianta a fuarthas.

Fuarthas 457 freagra ar an gceistneoir san iomlán, rud a thugann le fios gur bhain ráta freagartha ní b’airde leis an gceistneoir seo ná leis na ceistneoirí eile a bhain leis na ceithre réimse curaclaim eile. Is díol suntais é go raibh an ráta freagartha ar an gceistneoir seo ní b’airde ná ar na ceistneoirí eile. Is díol suntais é freisin gur mhó na cásanna a fuarthas sa cheistneoir seo ná na ceistneoirí eile ina raibh an rogha ‘Easaontaím go Láidir’ á roghnú go comhsheasmhach i gcás gach ráitis. Léirítear freagraí na rannpháirtithe ar an ráiteas ‘Tugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha do na Nuatheangacha lasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile’ i bhFíor 8. Léiríonn an chairt go raibh éagsúlacht sna freagraí. Ba iad na trí rogha a piocadh ba mhinice ná ‘Easaontaím go Láidir’ (27%), ‘Aontaím’ (26%), agus ‘Nílím cinnte’ (22%).

Fíor 8: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 1

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Tugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha do na Nuatheangacha lasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile’

Líon na bhfreagraí: 457




Tá na torthaí a thaispeántar i bhFíor 9 níos dearfaí ach léiríonn siad tuairimí difriúla i measc na rannpháirtithe fós. 32% de na freagraí ar an ráiteas a bhí i gceist le 'Aontaím', 26% díobh a bhí i gceist le 'Easaontaím go Láidir', agus 20% a bhí i gceist le 'Easaontaím'. B'ionann 'Nílím cinnte' agus 17% de na freagraí, agus an tráth céanna ba é 5% de na freagraí a bhí i gceist le 'Aontaím go Láidir'.

Fíor 9: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 2

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Éiríonn leis na Snáitheanna na príomhchatagóirí maidir lena bhfoghlaimeoidh an páiste i Nuatheangacha lasachta a shainaithint'

Líon na bhfreagraí: 457




Léiríonn Fíor 10 nach raibh na rannpháirtithe chomh cinnte céanna faoin gcaoi a ndearnadh cur síos ar na próisis trína bhfoghlaimeoidh an páiste i Nuatheangacha lasachta sna gnéithe. D' easaontaigh formhór na bhfreagraí (52%) leis an ráiteas, cé gur aontaigh 25%, agus d'aontaigh 5% go láidir.

Fíor 10: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 3


Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déanann na Gnéithe cur síos soiléir ar na próisis trína bhfoghlaimeoidh an páiste i Nuatheangacha lasachta'

Líon na bhfreagraí: 457



Tugadh freagraí éagsúla ar an ráiteas maidir leis na Torthaí Foghlama mar a léirítear i bhFíor 11. D'esaontaigh 28% go láidir leis an ráiteas, cé go raibh 28% eile ar aon fhocal leis an ráiteas 'Déanann na Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo do gach páiste i Nuatheangacha lasachta'.

Fíor 11: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 4




Nuair a iarradh orthu a dtuairim a thabhairt maidir le cé acu a bhí nó nach raibh líon na dTorthaí Foghlama le haghaidh gach céime oiriúnach do Nuatheangacha lasachta, tháinig méadú ar líon na bhfreagraí 'Easaontaím go Láidir' go 33%. Rud a bhí suntasach freisin ba ea gur thit na rátaí freagartha 'Aontaím' agus 'Easaontaím' araon. D'fhan líon na bhfreagraí 'Nílím cinnte' ar leibhéal comhchosúil le ráitis roimhe sin ag 19%.

Fíor 12: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 5

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tá líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime iomchuí do Nuatheangacha lasachta'

Líon na bhfreagraí: 457




Bhí tuairimí éagsúla ann a mhéid a bhaineann le cé acu a bhí nó nach raibh na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama na Nuatheangacha lasachta. Leanadh den rogha 'Easaontaím go Láidir' a phiocadh ar bhonn comhsheasmhach ar leibhéal comhchosúil le ráitis roimhe seo, ag 27%. D'aontaigh/d'aontaigh go láidir méid iomlán 29% go bhfuil na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama.

Fíor 13: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 6

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tá na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama na Nuatheangacha lasachta'

Líon na bhfreagraí: 457




Bhí éagsúlacht mhór ann sna freagraí a tugadh ar an ráiteas 'Déantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán i Nuatheangacha lasachta'. Mar an gcéanna le ráitis roimhe seo, ba iad na trí rogha ba choitianta ná 'Easaontaím go Láidir' (27%), 'Aontaím' (25%), agus 'Nílím cinnte' (24%).

Fíor 14: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, ráiteas 7

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán i Nuatheangacha lasachta'

Líon na bhfreagraí: 457




Iarradh ar na rannpháirtithe na tosaíochtaí seo a leanas a rangú le haghaidh tacaíochtaí praiticiúla maidir le hUirlisí Úsáide ar líne a fhorbairt do na Nuatheangacha lasachta:

- Súgradh agus foghlaim spráúil
- Tacú le cumas gníomhúcháin linbh
- Foghlaim ar bhonn tionscadail/ faidhbe/ fiosraithe
- Ionchuimsiú agus an teagasc freagrúil ó thaobh cultúir de
- Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta
- Measúnú agus dul chun cinn
- Eispéiris foghlama chomhtháite
- Timpeallachtaí foghlama
- Ag tacú le haistrithe oideachasúla sa bhunscoil
- Comhpháirtíochtaí leis an mbaile agus leis an bpobal

Léiríonn Fíor 15 céatadán na bhfreagraí inar roghnaíodh gach tacaíocht mar an tosaíocht ab airde.

Fíor 15: Ceistneoir oideora, Nuatheangacha lasachta, na ranguithe tosaíochta is airde



Léiríonn na torthaí go láidir go gcreideann na rannpháirtithe go bhfuil 'Súgradh agus foghlaim spráúil' ar an tosaíocht is airde. Roghnaigh os cionn 50% 'Súgradh agus Foghlaim Spráúil' mar a gcéad rangú. Tá sé sin i gcodarsnacht le 'Eispéiris Foghlama Chomhtháite' nach bhfuair ach 10% de na ranguithe céadtosaíochta.


Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Iarradh ar oideoirí freagra a thabhairt ar ráitis a bhain le *Dréachtchuraclam d'Oideachas Sóisialta agus Imshaoil na Bunscoile*. Taifeadadh 136 freagra sa cheistneoir seo. Thug na rannpháirtithe a dtuairimí maidir le cé acu a thugann nó nach dtugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Thug formhór na bhfreagraí le fios go bhfuil siad oiriúnach agus d'aontaigh 56% díobh agus d'aontaigh 14% go láidir. D'eaontaigh 6%, d'eaontaigh 12% go láidir agus bhí 12% éiginnte. Tagann sé sin le sonraí a bailíodh ó shnáitheanna eile den chomhairliúchán a thugann le fios go bhfuil fáilte leathan roimh na caibidlí tosaigh den dréachtsonraíocht i ngeall ar a inrochtana agus a shoiléire atá siad.

Fíor 16: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 1

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil'

Líon na bhfreagraí: 136




D'fhreagair na rannpháirtithe go dearfach ar an ráiteas: 'Éiríonn leis na Snáitheanna na príomhchatagóirí maidir lena bhfoghlaiméoidh an páiste san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil a shainaitint'. D'aontaigh 18% go láidir leis an moladh, agus d'aontaigh 46%. D'eaontaigh mionlach de 15%, agus d'eaontaigh 9% go láidir, agus an tráth céanna chuir 12% in iúl go raibh siad éiginnte. Tá sé sin ar aon dul le tuairimí a bailíodh ar fud an chomhairliúcháin inar cuireadh in iúl, d'ainneoin go rabhthas dearfach ar an mórgóir i leith na lipéad snáithe athfhorbartha i ngeall ar a n-idircheangailteacht, roinnt ábhair inmí maidir le héagthroime fhéideartha idir stair agus tíreolaíocht laistigh de na snáitheanna.

Fíor 17: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 2

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Éiríonn leis na Snáitheanna na príomhchatagóirí maidir lena bhfoghlaiméoidh an páiste san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil a shainaitint'

Líon na bhfreagraí: 136




Nuair a cuireadh an cheist orthu an ndearna na gnéithe cur síos soiléir ar na próisis trína bhfoghlaiméoidh an páiste in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, d'aontaigh 49% díobh. Ba é an chéad fhreagra ba choitianta eile ná 'Aontaím go Láidir' (15%), rud a lean an treocht maidir le glacadh dearfach leis an ráiteas. Bhí deimhniú air sin freisin ar fud snáitheanna eile den chomhairliúchán ina raibh dearfacht láidir maidir le gnéithe is comhchoiteann le réimsí curaclaim eile a chuimsiú sa tsonraíocht agus maidir leis an ailíniú a cuireadh ar fáil leis sin. Bhí 9% de na rannpháirtithe éiginnte, agus d'eaontaigh 15% eile agus d'eaontaigh 12% go láidir.

Fíor 18: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 3

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déanann na Gnéithe cur síos soiléir ar na próisis trína bhfoghlaímíonn an páiste in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil'

Líon na bhfreagraí: 136




Cuireadh an cheist ar na rannpháirtithe a mhéid a d'aontaigh nó a d'esaontaigh siad leis an ráiteas, 'Déanann na Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaím agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo do gach páiste in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil'. Chuir formhór na bhfreagraí in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas seo, agus is amhlaidh a d'aontaigh 40% leis agus d'aontaigh 13% leis go láidir. Léiríonn sé sin go gcreideann díreach os cionn leath na n-oideoirí a ndearnadh suirbhé orthu go n-éiríonn leis na Torthaí Foghlama cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaím agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo don pháiste in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Is mór idir sin agus 16% a d'esaontaigh agus 15% a d'esaontaigh go láidir. Tagann sé sin leis na sonraí cáilíochtúla a bailíodh sa chomhairliúchán toisc gur chuir roinnt rannpháirtithe fáilte roimh na torthaí foghlama leathana a leagadh amach in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil don chumas gníomhúcháin a thugtar do mhúinteoirí chun tógáil ar spéiseanna agus eispéiris na bpáistí. Mar sin féin, bhí roinnt rannpháirtithe ann freisin a chuir in iúl go raibh na Torthaí Foghlama doiléir agus nach raibh a ndóthain sainiúlachta iontu.

Fíor 19: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 4

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Déanann na Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo do gach páiste san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil’

Líon na bhfreagraí: 136




Nuair a cuireadh a cheist orthu an bhfuil líon na dTorthaí Foghlama do gach céim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil oiriúnach, bhí aontú leathan ann ó 49% de na freagraí (Fíor 20) – d’aontaigh 36% díobh agus d’aontaigh 13% eile go láidir. Is mór idir sin agus 15% agus 18% a d’easaontaigh agus a d’easaontaigh go láidir faoi seach.

Fíor 20: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 5


Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Tá líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil iomchuí’

Líon na bhfreagraí: 136



Nuair a fiafraíodh díobh ar aontaigh siad go raibh na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil, d'fhreagair na rannpháirtithe go dearfach. D'aontaigh 39% de na rannpháirtithe, agus d'aontaigh 24% díobh go láidir, rud a léiríonn méadú dearfach nach beag ó ráitis roimhe seo. D'esaontaigh 13% eile de na rannpháirtithe agus d'esaontaigh 11% díobh go láidir. Tá comhghaol dlúth idir sin agus an dearfach a cuireadh in iúl i snáitheanna eile den chomhairliúchán i dtreo Thábla 3 (Ich 12) den dréachtsonraíocht, ina leagtar béim ar shamplaí den chaoi ar féidir tacú leis na Príomhinniúlachtaí sa chleachtas.

Fíor 21: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 6




Bhí na rannpháirtithe den tuairim go ndéantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, agus d'aontaigh 45% leis an ráiteas agus d'aontaigh 16% díobh go láidir. Luíonn an toradh sin go maith leis na sonraí cáilíochtúla a bailíodh maidir leis na cleachtais oideolaíochta atá mar bhonn agus taca le teagasc ar ardchaighdeán san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, rud ar cuireadh fáilte mhór roimhe. D'esaontaigh 15% de na freagraí go láidir agus d'esaontaigh 11%, agus bhí 13% díobh éiginnte.

Fíor 22: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráiteas 7

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil'

Líon na bhfreagraí: 136




Iarradh ar na rannpháirtithe na tosaíochtaí seo a leanas a rangú le haghaidh tacaíochtaí praiticiúla maidir le hUirlisí Úsáide ar líne a fhorbairt don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil:

- Súgradh agus foghlaim spráúil
- Tacú le cumas gníomhúcháin linbh
- Foghlaim ar bhonn tionscadail/ faidhbe/ fiosraithe
- Ionchuimsiú agus an teagasc freagrúil ó thaobh cultúir de
- Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta
- Measúnú agus dul chun cinn
- Eispéiris foghlama chomhtháite
- Timpeallachtaí foghlama
- Ag tacú le haistrithe oideachasúla sa bhunscoil
- Comhpháirtíochtaí leis an mbaile agus leis an bpobal

Léiríonn Fíor 23 céatadán na bhfreagraí inar roghnaíodh gach tacaíocht mar an tosaíocht ab airde.

Fíor 23: Ceistneoir oideora, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, na ranguithe tosaíochta is airde



Fuair ‘Súgradh agus Foghlaim Spráúil’ an líon ba mhó freagraí céadtosaíochta ag 34%. Chuir roinnt mhaith freagraí in iúl freisin go raibh ‘Foghlaim ar bhonn Tionscadail/ Faidhbe/ Fiosraithe’ (18%) agus ‘Timpeallachtaí Foghlama’ (13%), ina dtosaíocht le haghaidh tacaíochtaí praiticiúla maidir le hUirlisí Úsáide ar líne a fhorbairt don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.

Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta


Tugadh cuireadh d’oideoirí a dtuairimí a roinnt agus freagra a thabhairt ar shraith ráiteas a bhain le *Dréachtchuraclam Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta na Bunscoile*, ag roghnú ó fhreagraí idir ‘Aontaím go Láidir’ agus ‘Easaontaím go Láidir’. Ghlac 137 rannpháirtí páirt sa cheistneoir seo agus thug freagra ar gach ceann de na ráitis.

Iarradh ar na rannpháirtithe freagra a thabhairt ar ráiteas go dtugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha don Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta. D’aontaigh tromlach mór de na rannpháirtithe, 57% díobh, leis an ráiteas agus d’aontaigh 16% eile go láidir (Fíor 24). Léirigh an toradh sin na peirspictíochtaí a bailíodh trí fhormaidí comhairliúcháin eile, inar chuir na rannpháirtithe fáilte roimh ábhar agus eagar an réamhrá, na réasúnaíochta agus na n-aidhmeanna ar an mórgóir toisc iad a bheith inrochtana agus soiléir. D’esaontaigh 15% de na rannpháirtithe/d’esaontaigh siad go láidir go dtugann na chéad trí chaibidil comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha.

Fíor 24: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 1

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha don Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Innealtóireachta'

Líon na bhfreagraí: 137




Bhí na rannpháirtithe dearfach faoin ráiteas 'Éiríonn leis na Snáitheanna na príomhchatagóirí maidir lena bhfoghlaimeoidh an páiste in Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta a shainaithint' agus is amhlaidh a d'aontaigh 56% díobh agus d'aontaigh 18% díobh go láidir (Fíor 25). D'esaontaigh méid beag de na freagraí nó d'esaontaigh siad go láidir agus bhí 12% éiginnte.

Fíor 25: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 2

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Éiríonn leis na Snáitheanna na príomhchatagóirí maidir lena bhfoghlaimeoidh an páiste in Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta a shainaithint'

Líon na bhfreagraí: 137




Tháinig patrún dearfach chun cinn mar fhreagairt ar an gceist seo (Fíor 26), agus d'aontaigh formhór na rannpháirtithe nó d'aontaigh siad go láidir (iomlán comhcheangailte 70%) go ndéanann na Gnéithe cur síos soiléir ar an bpróiseas trína bhfoghlaimeoidh an páiste san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht. Bhí an toradh seo cosúil leis na dearchtaí a cuireadh in iúl i bhformáidí comhairliúcháin eile, mar a raibh na rannpháirtithe ar aon intinn gur léirigh na gnéithe go soiléir eispéiris foghlama ar ardchaighdeán san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht. Tháinig méadú beag ar líon na bhfreagraí a d'esaontaigh leis an ráiteas freisin (iomlán comhcheangailte 19%).

Fíor 26: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 3

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déanann na Gnéithe cur síos ar an bpróiseas trína bhfoghlaimeoidh an páiste san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht'

Líon na bhfreagraí: 137




Lean an patrún de fhreagraí dearfacha, mar a léirítear i bhFíor 27, agus 49% ag aontú agus 14% ag aontú go láidir go ndéanann na Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo do gach páiste san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta. Ba mhór idir sin agus mionlach ní ba lú a d'esaontaigh (13%) agus a d'esaontaigh go láidir (8%).

Fíor 27: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 4

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Déanann na Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaím agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo do gach páiste san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta’

Líon na bhfreagraí: 137




Nuair a iarradh orthu smaoineamh ar cé acu atá nó nach bhfuil líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta iomchuí, d’aontaigh 47% agus d’aontaigh 12% go láidir mar a thaispeántar i bhFíor 28. Bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim nach bhfuil líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime iomchuí, agus d’easaontaigh 12% agus d’easaontaigh 12% eile go láidir.

Fíor 28: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 5

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Tá líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta iomchuí’

Líon na bhfreagraí: 137




D'aontaigh os cionn leath na rannpháirtithe (52%) go bhfuil na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, agus is amhlaidh a d'aontaigh 14% eile go láidir. Léiríodh an toradh sin freisin ar fud formáidí comhairliúcháin eile ina raibh na rannpháirtithe den tuairim go bhféadaidís na Príomhinniúlachtaí sna Torthaí Foghlama a shainaithint go soiléir. Léiríonn Fíor 29, mar is amhlaidh an cás le ceisteanna áirithe roimhe seo, go raibh líon na rannpháirtithe a d'eaontaigh leis an ráiteas (iomlán comhcheangailte 17%) sách íseal.

Fíor 29: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 6

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tá na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta'

Líon na bhfreagraí: 137




Ag teacht leis an treocht atá ann ar fud an cheistneora don Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, bhí formhór na bhfreagraí dearfach i leith an ráitis go ndéantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta. D'aontaigh 58% leis an ráiteas, agus d'aontaigh 12% go láidir. Bhí líon na rannpháirtithe a d'eaontaigh (8%) nó a d'eaontaigh go láidir (13%) i bhfad ní ba lú.

Fíor 30: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráiteas 7

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta'

Líon na bhfreagraí: 137




Iarradh ar na rannpháirtithe na tosaíochtaí seo a leanas a rangú le haghaidh tacaíochtaí praiticiúla maidir le hUirlisí Úsáide ar líne a fhorbairt don Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta:

- Súgradh agus foghlaim spráúil
- Tacú le cumas gníomhúcháin linbh
- Foghlaim ar bhonn tionscadail/ faidhbe/ fiosraithe
- Ionchuimsiú agus an teagasc freagrúil ó thaobh cultúir de
- Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta
- Measúnú agus dul chun cinn
- Eispéiris foghlama chomhtháite
- Timpeallachtaí foghlama
- Ag tacú le haistrithe oideachasúla sa bhunscoil
- Comhpháirtíochtaí leis an mbaile agus leis an bpobal

Léiríonn Fíor 31 céatadán na bhfreagraí inar roghnaíodh gach tacaíocht mar an tosaíocht ab airde.

Fíor 31: Ceistneoir oideora, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, na ranguithe tosaíochta is airde



Léiríonn na torthaí gur mheas na rannpháirtithe go raibh 'Foghlaim ar Bhonn Tionscadail/ Faidhbe/ Fiosraithe' ar an tosaíocht ab airde le haghaidh tacaíochta in Uirlisí Úsáide ar líne as na roghanna a tugadh; fuair an rogha sin 50% de na roghanna céadtoosaíochta. Léiríodh é sin ar fud formáidí comhairliúcháin eile inar iarr na rannpháirtithe eiseamláirí de thionscadail/ghníomhaíochtaí comhtháite ETIM sa chleachtas sna huirlisí úsáide. Tháinig 'Súgradh agus Foghlaim Spraiúil' go gairid ina dhiaidh sin ag 49%. Ba iad na tosaíochtaí ab ísle rangú ná 'Ag tacú le hAistrithe Oideachais', 'Ionchuimsiú agus Teagasc atá Freagrúil ó thaobh Cultúir de' agus 'Comhpháirtíochtaí leis an mBaile agus leis an bPobal'; ní bhfuair ceann ar bith acu siúd aon fhreagra céadtoosaíochta.

Folláine

Cuireadh ceist ar oideoirí faoin méid a aontaíonn/easaontaíonn siad le ráitis a bhain le *Dréachtchuraclam Folláine na Bunscoile*. Bhí ráta freagartha 196 ag baint leis an gceistneoir seo. Bhí na freagraí ar an gceistneoir seo dearfach ar an mórgóir, agus d'aontaigh formhór na bhfreagraí leis na ráitis nó d'aontaigh siad go láidir leo. Ba bheag freagra a d'esaontaigh leis na ráitis a tugadh.


Léiríonn Fíor 32 freagraí ar an ráiteas go dtugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha don Fholláine. Is léir ó Fhíor 32 go raibh formhór na bhfreagraí ar aon intinn leis an ráiteas (65%), agus is amhlaidh a d'aontaigh 41% leis agus d'aontaigh 24% leis go láidir. Mar sin féin, ní rud é go raibh an uile dhuine ar aon tuairim, agus níor aontaigh roinnt rannpháirtithe leis an ráiteas (d'esaontaigh 14% agus d'esaontaigh 9% go láidir). Léiríonn sé sin

dearcthaí ar fud formáidí comhairliúcháin eile inar cuireadh fáilte leathan roimh na caibidlí tosaigh, ach sonraíodh roinnt ábhair inní chomhthéacsúla maidir le pleanáil agus eolas disciplíneach a chaomhnú laistigh de réimse curaclaim comhtháite.

Fíor 32: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 1

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tugann Caibidlí 1-3 comhthéacs, réasúnaíocht agus aidhmeanna oiriúnacha don Fholláine'

Líon na bhfreagraí: 196




D'aontaigh na rannpháirtithe ar an mórgóir gur éirigh leis na snáitheanna na príomhchatagóirí a shainithint maidir lena bhfoghlaimí an páiste san Fholláine agus d'aontaigh 23% go láidir agus d'aontaigh 39%, mar a léirítear i bhFíor 33. D'esaontaigh mionlach de na rannpháirtithe (15%) nó d'esaontaigh siad go láidir (9%). Léiríodh é sin ar fud an chomhairliúcháin agus cuireadh fáilte leathan roimh na Snáitheanna agus na Snáithaonaid toisc go sainaithníonn siad na catagóirí agus na téamaí oiriúnacha don fhoghlaim san Fholláine.

Fíor 33: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 2

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Éiríonn leis na Snáitheanna na príomhchatagóirí maidir lena bhfoghlaimeoidh an páiste in san Fholláine a shainaitheint'

Líon na bhfreagraí: 196




Léiríonn Fíor 34 an fhreagairt dhearfach leanúnach ar ráitis sa cheistneoir Folláine. D'aontaigh formhór na bhfreagraí (35%), nó d'aontaigh siad go láidir (21%), go ndearna na Gnéithe cur síos soiléir ar na próisis trína bhfoghlaimeodh an páiste san Fholláine.

Fíor 34: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 3

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déanann na Gnéithe cur síos ar na próisis trína bhfoghlaimeoidh an páiste san Fholláine'

Líon na bhfreagraí: 196




Léiríonn Fíor 35 gur aontaigh/aontaigh go láidir díreach os cionn leath na rannpháirtithe (53%) go ndearna na Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaime agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo do gach páiste san Fholláine. Bhí a mhalairt de thuairim ag rannpháirtithe eile maidir leis na Torthaí Foghlama a bheith ag cur síos ar an bhfoghlaime agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo don pháiste san Fholláine, agus is amhlaidh a d' easaontaigh 30% díobh nó d' easaontaigh siad go láidir leis an ráiteas. Bhí 17% sa bhreis de na rannpháirtithe éiginnte. Tá sé sin ar aon dul le torthaí i bhformáidí comhairliúcháin eile inar glacadh go dearfach le hábhar na dTorthaí Foghlama ar an mórgóir; measadh go raibh sé oiriúnach agus gur thacaigh sé le cur chuige freagrúil, agus daoine eile ag iarraidh soiléireacht agus treoir níos fearr i gcás gnéithe ar leith.

Fíor 35: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 4

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Déanann na Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaím agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo do gach páiste san Fholláine’

Líon na bhfreagraí: 196




Agus iad ag cuimhneamh ar cé acu atá nó nach bhfuil líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime san Fholláine iomchuí, chuir os cionn leath na bhfreagraí (53%) in iúl gur aontaigh siad nó gur aontaigh siad go láidir (Fíor 36). Mar ab amhlaidh i gcásanna áirithe roimhe seo, d’easaontaigh mionlach cuibheasach mór de na freagraí go raibh líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime san Fholláine iomchuí (30%).

Fíor 36: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 5


Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Tá líon na dTorthaí Foghlama i gcomhair gach céime san Fholláine iomchuí’

Líon na bhfreagraí: 196



Tugann na torthaí (Fíor 37) le tuiscint go n-aontaíonn na rannpháirtithe go bhfuil na Príomhinniúlachtaí feiceálach i dTorthaí Foghlama na Folláine. Chuir os cionn leath na bhfreagraí (57%) in iúl gur aontaigh siad nó gur aontaigh siad go láidir. Chuir díreach faoi bhun trian amháin de na freagraí (27%) in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir. Ar an iomlán, tugann sé sin le fios go gcreideann na rannpháirtithe go bhfuil na Príomhinniúlachtaí feiceálach sna Torthaí Foghlama. Mar an gcéanna, i bhformáidí comhairliúcháin eile, glacadh go dearfach le cuimsiú na gceannlitreacha do Phríomhinniúlachtaí sna Torthaí Foghlama agus measadh go raibh sé sin ina thaca le cur chuige comhtháite san Fholláine.

Fíor 37: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 6




Fiafraíodh de na rannpháirtithe ar aontaigh siad leis an ráiteas go ndéantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán san Fholláine (Féach Fíor 38). Is amhlaidh a d'aontaigh formhór na bhfreagraí (39%) nó a d'aontaigh siad go láidir (20%) leis an ráiteas. D'easaontaigh méid is lú ná an ceathrú cuid de na freagraí (14%) nó d'easaontaigh siad go láidir (11%). D'fhan líon na bhfreagraí 'Nílím cinnte' ar leibhéal comhchosúil ar fud an cheistneora agus roghnaigh 16% de na rannpháirtithe 'Nílím cinnte' mar fhreagairt ar an ráiteas seo. Is léiriú é sin ar thorthaí ar fud an chomhairliúcháin inar chuir na rannpháirtithe fáilte roimh an gcur chuige i leith na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe a leagtar amach i gCaibidil 6.

Fíor 38: Ceistneoir oideora, Folláine, ráiteas 7

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Déantar cur síos soiléir i gCaibidil 6 ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán san Fholláine'

Líon na bhfreagraí: 196




Iarradh ar na rannpháirtithe na tosaíochtaí seo a leanas a rangú le haghaidh tacaíochtaí praiticiúla maidir le hUirlisí Úsáide ar líne a fhorbairt don Fholláine:

- Súgradh agus foghlaim spráúil
- Tacú le cumas gníomhúcháin linbh
- Foghlaim ar bhonn tionscadail/ faidhbe/ fiosraithe
- Ionchuimsiú agus an teagasc freagrúil ó thaobh cultúir de
- Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta
- Measúnú agus dul chun cinn
- Eispéiris foghlama chomhtháite
- Timpeallachtaí foghlama
- Ag tacú le haistrithe oideachasúla sa bhunscoil
- Comhpháirtíochtaí leis an mbaile agus leis an bpobal

Léiríonn Fíor 39 céatadán na bhfreagraí inar roghnaíodh gach tacaíocht mar an tosaíocht ab airde.

Fíor 39: Ceistneoir oideora, Folláine, na ranguithe tosaíochta is airde



Léiríonn na torthaí gur mheas na rannpháirtithe go raibh ‘Súgradh agus Foghlaim Spráúil’ ar an tosaíocht ab airde le haghaidh tacaíochta san Fholláine; fuair an rogha sin 42% de na freagraí céadtosaíochta. Fuarthas tacaíocht cuíosach ard freisin i gcás ‘Comhpháirtíochtaí leis an mBaile agus leis an bPobal’ (12%), ‘Ionchuimsiú agus Foghlaim atá Freagrúil ó thaobh an Chultúir de’ (11%), agus ‘Tacú le Cumas Gníomhúcháin Linbh’ (10%). Tagann sé sin le torthaí i bhformáidí comhairliúcháin eile inar cuireadh fáilte roimh an bhfócas ar chuir chuige spráúla, ionchuimsiú agus guth agus cumas gníomhúcháin an pháiste. Mar an gcéanna, tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhpháirtíochta le tuismitheoirí ar fud an chomhairliúcháin.

Ailíniú le Creatchuraclam na Bunscoile

Cuireadh ceist ar oideoirí a mhéid a aontaíonn/easaontaíonn siad le sraith ráiteas a bhain leis na dréachtsonraíochtaí curaclaim, agus a n-ailíniú le *Creatchuraclam na Bunscoile, Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus an *Creat don tSraith Shóisearach*. Fuarthas 95 freagra ar an gceistneoir seo.


Cuireadh ráitis an tsuirbhé i bhfriotal ach ráiteas a chruthú bunaithe ar na dréachtsonraíochtaí curaclaim. Mar shampla: 'Tógann na dréachtsonraíochtaí curaclaim ar láidreachtaí *Churaclam na Bunscoile* (1999) agus tugann siad aghaidh ar athrú leanúnach'.

Cuireadh ceist ar oideoirí a mhéid a aontaíonn/easaontaíonn siad leis an ráiteas go dtógann na dréachtsonraíochtaí curaclaim ar láidreachtaí *Churaclam na Bunscoile* 1991 agus go dtugann siad aghaidh ar athrú leanúnach. Mar a léirítear i bhFíor 40, tugtar le tuiscint sna freagraí a tugadh gur mhó an líon cásanna inar aontaigh na rannpháirtithe leis an ráiteas – d'aontaigh 44% leis an ráiteas agus d'aontaigh 12% eile go láidir leis. D'eaontaigh 17% leis an ráiteas, d'eaontaigh 14% eile go láidir, agus bhí 13% éiginnte.

Fíor 40: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 1


Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tógann na dréachtsonraíochtaí curaclaim ar láidreachtaí *Churaclam na Bunscoile* (1999) agus tugann siad aghaidh ar athrú leanúnach'

Líon na bhfreagraí: 95



Léiríonn Fíor 41 gur aontaigh formhór na bhfreagraí go gcuireann na dréachtsonraíochtaí curaclaim cumas gníomhúcháin agus solúbthacht chun cinn do scoileanna. ‘Aontaím’ nó ‘Aontaím go Láidir’ a bhí i leath na bhfreagraí (55%). ‘Easaontaím’ a bhí i gceist le 17% díobh agus ‘Easaontaím go Láidir’ a bhí i 14%, agus chuir 13% ‘Easaontaím go láidir’ in iúl.

Fíor 41: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 2




D’aontaigh leath na bhfreagraí nó d’aontaigh siad go láidir (55%) go raibh baint ag na dréachtsonraíochtaí curaclaim le *Aistear* agus leis an *gCreat don tSraith Shóisearach*. Bhí líon ní ba mhó de na freagraí ná mar a chonacthas roimhe seo éiginnte faoin ráiteas seo, agus roghnaigh 26% ‘Nílím cinnte’. Bhí líon na bhfreagraí a chuir ‘Easaontaím’ nó ‘Easaontaím go Láidir’ in iúl (24%) ní b’íse.

Fíor 42: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 3

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Tá baint ag na dréachtsonraíochtaí curaclaim le Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige agus leis an gCreat don tSraith Shóisearach’

Líon na bhfreagraí: 95




Nuair a iarradh orthu freagairt don ráiteas ‘Déanann na dréachtsonraíochtaí curaclaim na Príomhinniúlachtaí ó *Chreachuraclam na Bunscoile* a leabú sna Torthaí Foghlama’, chuir formhór na bhfreagraí (iomlán comhcheangailte 53%) in iúl gur aontaigh oideoirí leis an ráiteas. ‘Easaontaím’ (14%) nó ‘Easaontaím go Láidir’ (12%) a bhí i gceist le díreach os cionn an cheathrú cuid de na freagraí.

Fíor 43: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 4


Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Déanann na dréachtsonraíochtaí curaclaim na Príomhinniúlachtaí ó *Chreachuraclam na Bunscoile* a leabú sna Torthaí Foghlama’

Líon na bhfreagraí: 95



Nuair a fiafraíodh díobh cé acu ar aontaigh nó nár aontaigh siad leis an ráiteas ‘Díríonn na dréachtsonraíochtaí curaclaim ar scileanna, meonta, luachanna agus dearchtaí na bpáistí a fhorbairt’, chuir formhór na bhfreagraí in iúl gur aontaigh na rannpháirtithe leis. Ba é ‘Aontaím’ an freagra ba choitianta (43%), agus ina dhiaidh sin bhí ‘Easaontaím’ (21%), ‘Nílím cinnte’ (19%), ‘Aontaím go láidir’ (9%), agus ‘Easaontaím go láidir’ (8%).

Fíor 44: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 5




Léiríonn Fíor 45 go raibh na torthaí measctha mar fhreagairt ar an ráiteas ‘Cuireann na dréachtsonraíochtaí curaclaim an measúnú i gcroílár an teagaisc agus na foghlama’. Ba é ‘Aontaím’ an freagra ba choitianta (38%), mar sin féin roghnaigh líon cuíosach mór de na rannpháirtithe ‘Nílím cinnte’ (26%), nó ‘Easaontaím’ (22%). D’aontaigh 8% go láidir, agus d’easaontaigh 6% go láidir.

Fíor 45: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 6

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Cuireann na dréachtsonraíochtaí curaclaim an measúnú i gcroílár an teagaisc agus na foghlama’

Líon na bhfreagraí: 95




Fiafraíodh de na rannpháirtithe a mhéid a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis an ráiteas 'Cuireann na dréachtsonraíochtaí curaclaim cur chuige comhtháite i leith na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe chun cinn'. Bhí formhór na bhfreagraí dearfach, agus b'ionann 'Aontaím' agus 'Aontaím go Láidir' le chéile agus 57% de na freagraí. B'ionann 'Easaontaím' agus 'Easaontaím go Láidir' agus díreach os cionn an cheathrú cuid de na freagraí (27%).

Fíor 46: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 7

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas ‘Cuireann na dréachtsonraíochtaí curaclaim cur chuige comhtháite i leith na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe chun cinn’

Líon na bhfreagraí: 95




Thug na rannpháirtithe freagraí an-éagsúil ar an ráiteas ‘Tá na dréachtsonraíochtaí curaclaim oiriúnach do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta’. Rud is annamh, bhí ‘Nílím cinnte’ ar an bhfreagra ba choitianta (28%). Roghnaíodh ‘Aontaím’ agus ‘Easaontaím’ an líon céanna uaireanta (21% an ceann). B’ionann ‘Easaontaím go Láidir’ agus 19% de na freagraí, agus an tráth céanna ní raibh ach 11% de na freagraí i gceist le ‘Aontaím go Láidir’. Is ionann na céatadán chomhcheangailte le haghaidh ‘Easaontaím’ agus ‘Easaontaím go Láidir’ agus 40%, agus is ionann na céatadán chomhcheangailte le haghaidh ‘Aontaím’ agus ‘Aontaím go Láidir’ agus 32%, rud a thugann le tuiscint go raibh tromlach beag de na rannpháirtithe den tuairim nach raibh na dréachtsonraíochtaí oiriúnach do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Fíor 47: Ceistneoir oideora, ailíniú, ráiteas 8

Freagra na n-oideoirí ar an ráiteas 'Tá na dréachtsonraíochtaí curaclaim oiriúnach do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta'

Líon na bhfreagraí: 95



3.3.2 Ceistneoir do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí


Iarradh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí freagairt do shraith ráiteas a bhain le Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile. Bhí ráta freagartha 615 ag baint leis an gceistneoir seo san iomlán. Fiafraíodh díobh a mhéid a d'aontaigh siad le gach ráiteas, agus roghnaigh gach duine ceann de na freagraí seo a leanas: 'Aontaím go Láidir'; 'Aontaím'; 'Nílím cinnte'; 'Easaontaím'; agus 'Easaontaím go Láidir'.

Fiafraíodh de na rannpháirtithe a mhéid a d'aontaigh/d'easaontaigh siad leis an ráiteas 'Tógann dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile ar láidreachtaí an churaclaim reatha agus tugann siad aghaidh ar thosaíochtaí atá ag athrú d'fhoghlaim mo pháiste/pháistí'. Bhí formhór na bhfreagraí ar aon intinn leis an ráiteas toisc gur chuir 39% díobh 'Aontaím' in iúl agus chuir 36% eile 'Aontaím go Láidir' in iúl. Roghnaigh 12% de na rannpháirtithe 'Nílím cinnte', roghnaigh 9% 'Easaontaím', agus roghnaigh 4% 'Easaontaím go Láidir'.

Fíor 48: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 1

Freagraí na dTuismitheoirí/na gCaomhnóirí ar an ráiteas 'Tógann dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile ar láidreachtaí an churaclaim reatha agus tugann siad aghaidh ar thosaíochtaí atá ag athrú d'fhoghlaim mo pháiste/pháistí'

Líon na bhfreagraí: 615




Nuair a iarradh orthu freagairt don ráiteas 'Tugann dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile níos mó solúbthachta do mhúinteoirí le cinntiú go bhfreastalaíonn an curaclam ar riachtanais mo pháiste/pháistí', chuir formhór mór na rannpháirtithe in iúl gur aontaigh siad (31%) nó gur aontaigh siad go láidir (39%) leis an ráiteas. Is é an freagra a thug 17% de na rannpháirtithe ná 'Nílím cinnte', agus an tráth céanna chuir iomlán comhcheangailte 13% díobh in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir.

Fíor 49: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 2


Freagraí na dTuismitheoirí/na gCaomhnóirí ar an ráiteas 'Tugann dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile níos mó solúbthachta do mhúinteoirí le cinntiú go bhfreastalaíonn an curaclam ar riachtanais mo pháiste/pháistí'

Líon na bhfreagraí: 615



Léiríonn Fíor 50 a mhéid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis an ráiteas 'Nascann dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile le foghlaim mo pháiste/pháistí sa bhaile, sa réamhscoil agus san iar-bhunscoil'. B'ionann 'Aontaím go Láidir' agus 'Aontaím' agus 36% de na freagraí an dá cheann, rud a thugann le fios go raibh aontú ann i bhformhór na bhfreagraí a bailíodh. 'Nílím cinnte' an freagra a thug 17% de na rannpháirtithe, agus an tráth céanna 'Easaontaím' agus 'Easaontaím go Láidir' a bhí i gceist le 11% díobh i dteannta a chéile.

Fíor 50: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 3




D'aontaigh na rannpháirtithe ar an mórgóir gur dhírigh Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile ar scileanna, eolas, meonta, luachanna agus dearchtaí a bpáistí a fhorbairt. Mar a léirítear i bhFíor 51, 'Aontaím go Láidir' nó 'Aontaím' a bhí i gceist le 79% de na freagraí a cuireadh isteach. Bhí líon íseal freagraí i gceist le 'Nílím cinnte', 'Easaontaím', agus 'Easaontaím go Láidir' uile.

Fíor 51: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 4

Freagraí na dTuismitheoirí/na gCaomhnóirí ar an ráiteas 'Díríonn dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile ar scileanna, eolas, meonta, luachanna agus dearchtaí mo pháiste/pháistí a fhorbairt'

Líon na bhfreagraí: 615




Nuair a fiafraíodh díobh a mhéid a d'aontaigh/d'easaontaigh siad leis an ráiteas 'Cuireann Dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile luach ar an measúnú mar ghné lárnach den teagasc agus den fhoghlaim', bhí tromlach na bhfreagraí dearfach. 'Aontaím' agus 'Aontaím go Láidir' a bhí i dtromlach (71%) na bhfreagraí. Roghnaíodh 'Nílím cinnte' ní ba mhinice mar fhreagra ar an ráiteas seo ná mar ab amhlaidh i gcásanna roimhe seo, ag ardú go 18%. Roghnaíodh 'Easaontaím' agus 'Easaontaím go Láidir' ar aon roinnt bheag uaireanta (11%).

Fíor 52: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 5


Freagraí na dTuismitheoirí/na gCaomhnóirí ar an ráiteas 'Cuireann dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile luach ar an measúnú mar ghné lárnach den teagasc agus den fhoghlaim'

Líon na bhfreagraí: 615



Mar fhreagra ar an ráiteas ‘Cuireann dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile cur chuige comhtháite i leith na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe chun cinn do mo pháiste/pháistí’, d’aontaigh agus d’aontaigh go láidir iomlán comhcheangailte 73% (Fíor 53). San iomlán, 39% de na freagraí a bhí i gceist le ‘Aontaím go Láidir’.

Fíor 53: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 6




D’fhreagair na tuismitheoirí/caomhnóirí go dearfach don ráiteas ‘Tá dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile oiriúnach do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta’. Bhí ‘Aontaím go láidir’ ar an rogha ba choitianta arís eile, ag 34%, agus b’ionann ‘Aontaím’ agus 29% de na freagraí.

Fíor 54: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 7

Freagraí na dTuismitheoirí/gCaomhnóirí ar an ráiteas ‘Tá dréachtsonraíochtaí curaclaim na bunscoile oiriúnach do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta’.

Líon na bhfreagraí: 615




D'aontaigh na rannpháirtithe gurb amhlaidh a thacaíonn Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile le forbairt na seacht bPríomhinniúlacht a léirítear i gCreatchuraclam na Bunscoile. 'Aontaím go láidir' a bhí i gceist le beagnach leath na bhfreagraí (49%). 32% díobh a bhí i gceist le 'Aontaím'. Cuireadh in iúl i roinnt bheag freagraí gur easaontaigh rannpháirtithe áirithe nó go raibh siad éiginnte.

Fíor 55: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, ráiteas 8

Freagraí na dTuismitheoirí/na gCaomhnóirí ar an ráiteas ‘Tacaíonn dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile le forbairt na seacht bPríomhinniúlacht a léirítear i gCreatchuraclam na Bunscoile’


Líon na bhfreagraí: 615



Oideachas Ealaíon

Cuireadh sraith ceisteanna ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhain lena raibh siad ag súil leis ó réimse curaclaim an Oideachais Ealaíon. Tugadh ráitis do na rannpháirtithe agus iarradh orthu a chur in iúl a mhéid a d'aontaigh siad leo ach ceann de na roghanna seo a leanas a roghnú: 'Aontaím go Láidir; Aontaím; Nílím cinnte; Easaontaím; Easaontaím go Láidir'.

Fíor 56: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Oideachas Ealaíon, ráitis 1-4




Bhí na freagraí ar gach ceann de na ráitis a bhain le hOideachas Ealaíon thar a bheith dearfach. Ar fud na gceithre ráiteas, roghnaigh na rannpháirtithe 'Aontaím go Láidir' 74% den am. Ba é 'Aontaím' an chéad fhreagra ba choitianta eile, agus b'ionann é agus nach mór an ceathrú cuid de na freagraí. Léiríonn an chart a thaispeántar i bhFíor 56 díograis agus tacaíocht láidir don Oideachas Ealaíon i measc thuismitheoirí/chaomhnóirí.

Nuashonruithe ar Churaclam Teanga na Bunscoile lena n-áireofar na Nuatheangacha lasachta (NTI)

Cuireadh dhá cheist ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhain lena raibh siad ag súil leis ó chuimsiú na Nuatheangacha lasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Tugadh ráitis do na rannpháirtithe agus iarradh orthu a chur in iúl a mhéid a d'aontaigh siad leo ach ceann de na roghanna seo a leanas a roghnú: 'Aontaím go Láidir; Aontaím; Nílím cinnte; Easaontaím; Easaontaím go Láidir'.

Fíor 57: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Nuatheangacha lasachta, ráitis 1-2




Bhí na thuismitheoirí/caomhnóirí an-dearfach mar fhreagra ar na ráitis thuas. Roghnaigh os cionn 60% de na rannpháirtithe 'Aontaím go Láidir'. Léiríonn sé sin go bhfuil an méid a bhfuil na rannpháirtithe ag súil leis ó chuimsiú na Nuatheangacha lasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile ag teacht go maith le huailmhianta agus cuspóir an réimse curaclaim seo. Ba bheag freagra a d'easaontaigh leis na ráitis, mar sin féin, bhí beagán ní ba mhó cásanna ann inar easaontaíodh leis an ráiteas 'Ba mhaith liom go bhfoghlaimeodh mo pháiste le cumarsáid a dhéanamh ag bunleibhéal i dtríú teanga i rang 5 agus 6'.

Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

Cuireadh dhá cheist ar na rannpháirtithe a bhain lena raibh siad ag súil leis ó Réimse Curaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil. Cuireadh dhá ráiteas ar fáil do na rannpháirtithe agus iarradh orthu a chur in iúl a mhéid a d'aontaigh siad leo ach ceann de na roghanna seo a leanas a roghnú: 'Aontaím go Láidir; Aontaím; Nílím cinnte; Easaontaím; Easaontaím go Láidir'.

Fíor 58: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ráitis 1-2




Chuir formhór na bhfreagraí in iúl gurb amhlaidh is mian le thuismitheoirí/caomhnóirí go gcuirfeadh an tOideachas Sóisialta agus Imshaoil ar chumas a bpáistí a bheith ina mbaill ghníomhacha thuisceanacha fhreagracha dá bpobail. Arís eile, ba é 'Aontaím go Láidir' (66%) an rogha ba choitianta, agus 'Aontaím' (25%) ina dhiaidh sin. Roghnaíodh gach ceann de 'Nílím cinnte', 'Easaontaím' agus 'Easaontaím go Láidir' ar bhonn i bhfad ní ba lú. Lean na thuismitheoirí/caomhnóirí de fhreagairt an-dearfach a thabhairt i leith an ráitis 'Ba mhaith liom go gcothódh OSI tuiscint, léirthuisicint agus eolas mo pháiste maidir leis an domhan ina bhfuil cónaí air'. 'Aontaím go láidir' agus 'Aontaím' a bhí i gceist le formhór na bhfreagraí. Roghnaíodh 'Nílím cinnte', 'Easaontaím' agus 'Easaontaím go Láidir' cúpla uair.

Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI)

Cuireadh trí cheist ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhain lena raibh siad ag súil leis ó réimse curaclaim an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta. Cuireadh ráitis ar fáil do na rannpháirtithe agus iarradh orthu a chur in iúl a mhéid a d'aontaigh siad leo ach ceann de na roghanna seo a leanas a roghnú: 'Aontaím go Láidir; Aontaím; Nílím cinnte; Easaontaím; Easaontaím go Láidir'.

Fíor 59: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta, ráitis 1-3




B'fhéidir gur fiú a thabhairt faoi deara go raibh na freagraí ar na ráitis a bhain leis an Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta thar a bheith dearfach; rud a chuireann in iúl go bhfuil an-luí ann leis an réimse curaclaim seo. Roghnaigh na rannpháirtithe 'Aontaím go Láidir' 80% den am ar a laghad mar fhreagra ar gach ráiteas. Ní bhfuair aon ráiteas níos mó ná ráta freagartha 1% i gcás 'Easaontaím'.

Folláine

Cuireadh trí cheist ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhain lena raibh siad ag súil leis ó réimse curaclaim na Folláine. Cuireadh ráitis ar fáil do na rannpháirtithe agus iarradh orthu a chur in iúl a mhéid a d'aontaigh siad leo ach ceann de na roghanna seo a leanas a roghnú: 'Aontaím go Láidir; Aontaím; Nílím cinnte; Easaontaím; Easaontaím go Láidir'.

Fíor 60: Freagraí ar an gceistneoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí, Folláine, ráitis 1-5



Ba é 'Aontaím go Láidir' an freagra ba choitianta ar ráitis a bhain leis an bhFolláine agus é sin go mór fada. Mar sin féin, in ainneoin na bhfreagraí thar a bheith dearfach ar na ráitis seo, is díol suntais é gur roghnaíodh 'Easaontaím go Láidir' ní ba mhinice ná 'Easaontaím' mar fhreagra ar na ceithre ráiteas, rud a thugann le fios gur ann do líon beag rannpháirtithe a bhfuil tuairim an-láidir acu i dtaobh topaicí a bhaineann leis an réimse curaclaim seo. Ba é an ráiteas, 'Ba mhaith liom go bhforbródh mo pháiste caidrimh shláintiúla agus go bhfaigheadh sé tuiscint shoiléir ar fhorbairt agus ar ghnéasacht an duine atá oiriúnach dá aois agus dá chéim forbartha' a fuair an freagra ba lú dearfach agus 'Easaontaím go Láidir' i gceist le 14% de na freagraí uile. Mar sin féin, is ísle fós a bhí an freagra diúltach sin ar an ráiteas nuair a chuirtear i gcomparáid é leis na freagraí i gcás 'Aontaím go Láidir' (61%) agus 'Aontaím' (16%). Ar an mbealach céanna, i bhformáidí

comhairliúcháin eile, chuir na rannpháirtithe tuairimí éagsúla in iúl maidir leis an ábhar a bhain le forbairt agus gnéasacht an duine; mheas roinnt rannpháirtithe go raibh na moltaí cuí agus tábhachtach; d'éiligh daoine eile díobh béim ní ba láidre nó soiléireacht ní b'fhearr; agus an tráth céanna d'easaontaigh daoine eile le hábhar a bhaineann le hoideachas gnéasachta a chuimsiú sa bhunoideachas.

Cuid 4: Aighneachtaí: Achoimre Fheidhmeach

Sna hait seo a leanas déantar cur síos ar na téamaí uileghabhálacha a tháinig chun cinn sna haighneachtaí scríofa ó eagraíochtaí/grúpaí agus ó dhaoine aonair, agus ina dhiaidh sin tá na téamaí a tháinig chun cinn laistigh de gach ceann de na réimsí curaclaim atá faoi chomhairliúchán. Is díol suntais é gur cuireadh roinnt mhaith tuairimí agus barúlacha contrártha in iúl ar fud na n-aighneachtaí, rudaí a bhíonn ina gcúis teannais go minic. Mar ab amhlaidh i gcás formáidí comhairliúcháin eile, rinneadh anailís ar an aiseolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin agus cuirtear i láthair go neamhchlaonta é thíos.

4.1 Téamaí uileghabhálacha ar fud na n-aighneachtaí scríofa

4.1.1 Torthaí foghlama: Buntáistí agus dúshlán

Mhol na heagraíochtaí an fhairsinge, an tsolúbthacht, agus an cumas gníomhúcháin múinteora agus linbh arna gcur ar fáil ag na Torthaí Foghlama ar bhonn níos ginearálta. Mar sin féin, bhí roinnt daoine den tuairim go bhféadfadh na Torthaí Foghlama a bheith éiginnte, doiléir agus ró-uailithe, rud a fhágann go bhfuil roinnt Torthaí Foghlama deacair a thuiscint. Cheistigh roinnt rannpháirtithe cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an t-athrú ó bheith ag díriú ar 'cad ba cheart a fhoghlaim' go 'conas foghlaim' a bheith ina chúis le heasnamh díongbhálte ábhair sa chaoi nach mbeadh tuismitheoirí/an pobal ar an eolas faoin méid a mhúinfear dá bpáistí.

Tugadh le fios go dtabharfaí solúbthacht do mhúinteoirí a mbeadh neart eolais agus muiníne acu le fairsinge na dTorthaí Foghlama ach go bhféadfadh an fhairsinge chéanna a bheith ina bacainn do mhúinteoirí atá nuacháilithe nó nach bhfuil chomh muiníneach nó chomh hinniúil céanna i réimsí curaclaim áirithe. Tugadh rabhadh go bhféadfadh an téacsleabhar bearna ábhair a líonadh in éagmais acmhainní oiriúnacha, agus go bhféadfaí cineál bíseach *Churaclam na Bunscoile (1999)* a chailleadh.

Mhol formhór na n-eagraíochtaí go mbeadh acmhainní mionsonraithe agus tuairisciúla ag gabháil leis na Torthaí Foghlama laistigh d'uirlisí úsáide:

- chun an chuma a bheadh ar na Torthaí Foghlama sa chleachtas a léiriú
- chun dul chun cinn ar fud na dTorthaí Foghlama a thaispeáint
- chun léirmhínte nó míthuiscintí difriúla ar an tsolúbthacht a chosc (m.sh. go mbreathnófaí ar inneachar áirithe mar inneachar a bhfuil níos lú nó níos mó tábhachta ag baint leis ná inneachar eile)
- chun treoir fhoirmiúil a chur ar fáil don mheasúnú, rud a chinnteodh comhréiteach idir léirmhíniú múinteora ar Thorthaí Foghlama agus ionchais Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna nó na bainistíochta scoile.

Bhí an chothromaíocht dhúshlánach idir Torthaí Foghlama leathana agus solúbtha agus an t-inneachar le sonrú go láidir ar fud na n-aighneachtaí aonair freisin. Tarraingíodh aird sna haighneachtaí ar na dúshlán a bhaineann leis an easpa sonraithe ar an inneachar agus leis an éiginnteacht a bhaineann le cainníocht 'anaithnid' an inneachair a mhúinfí, go háirithe i ndáil le topaicí fogaire laistigh de OCG (m.sh. caithreachas), agus freisin i dtaca leis an téarmaíocht a úsáidtear, cuir i gcás 'ionchuimsitheacht' agus 'ilchineálacht'. Is fiú a thabhairt faoi deara gur chuir roinnt aighneachtaí aonair in aghaidh chuimsiú Thorthaí Foghlama OSPS lena ndéantar topaicí

níos íogaire ar nós ‘féiniúlacht inscne’ agus ‘féiniúlacht ghnéis’ a athghrádú, ar nithe iad nach raibh le fáil i ndrúchtsonraíocht na Folláine go deimhin. Bhí claonadh sna haighneachtaí sin formáid theimpléadach a leanúint ina léirítear na haighneachtaí réamhfhormáidithe a fuarthas, agus sa chás sin, bhí siad bunaithe ar mhífhaisnéis agus/nó ar bhréagaisnéis.

D’éiligh roinnt aighneachtaí go gcuirfí an comhairliúchán ar atráth go dtí go mbeadh ‘inneachar’ na ndrúchtsonraíochtaí forbartha go críochnúil trí bhíthin na n-uirlisí úsáide. An tráth céanna, d’aithin aighneachtaí aonair ó chleachtóirí oideachais an tairbhe a bhaineann le Torthaí Foghlama leathana ach rinne siad é sin a chothromú freisin le hiarrataí ar uirlisí úsáide fairsinge (mar a leagtar amach thuas).

4.1.2 Spioradáltacht, clár pátrúin, éiteas, reiligiún, creidimh

Tharraing roinnt eagraíochtaí aird ar an débhríocht a bhaineann leis na luachanna atá mar bhonn agus taca leis na drúchtsonraíochtaí. Luadh laghdú a measadh a bheith ann ar na tagairtí do spioradáltacht ar fud na ndrúchtsonraíochtaí mar shampla. Mheas siad go raibh an fhoghlaim a bhaineann le cultúir, reiligiún agus creidimh leagtha amach gan éiteas reiligiúnach, agus cheistigh siad a bhailí a bheadh sé na téamaí sin a fhiosrú in éagmais córas creidimh, a mbeadh nasc bunúsach ann leis de ghnáth.

Os a choinne sin, chuir eagraíochtaí eile in iúl gur ghá na téamaí sin a fhiosrú lasmuigh de pheirspictíocht chreideamh-bhunaithe, ar mhaithe le ‘turasóireacht reiligiúnach’ nó ‘eiliú’ ar pháistí nach bhfuil an creideamh céanna acu a sheachaint. Thug siad dá n-aire go raibh sé de cheart ag tuismitheoirí teagasc reiligiúnach oiriúnach a chinneadh dá bpáistí (mar aon leis an rogha gan bheith páirteach ann) agus gur ghá na téamaí seo a fhiosrú ar bhealach iolraíoch. Cheistigh siad cé acu a mhúiní nó nach múiní réimsí curaclaim eile trí ‘lionsa’ an éitis scoile nó cé acu a rachadh nó nach rachadh dearcadh nó suibhachtúlacht an mhúinteora aonair i bhfeidhm orthu.

Moladh gur cheart ábhar curaclaim faoi leith a chruthú le haghaidh Reiligiúin, Creideamh agus Cruinneshamlacha laistigh de OSI. Bhí freagraí ó dhaoine aonair roinnte idir iad siúd a bhí i bhfabhar béim a leagan ar luachanna dearbhaithe na ndrúchtsonraíochtaí agus ról measta an éitis maidir le bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim agus faoin teagasc i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, rud a bhí ar aon dul le haighneachtaí contrártha na n-eagraíochtaí.

4.1.3 Cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus tacaíochtaí

Chuir na rannpháirtithe neart aiseolais ar fáil maidir leis na tacaíochtaí a mbeadh gá leo chun Drúchtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile a chur i bhfeidhm go rathúil. Léiríonn an t-aiseolas a cuireadh ar fáil na tacaíochtaí siúd a leagadh amach i gcás foinsí aiseolais eile le linn an chomhairliúcháin. Bhí siad sin lárthair thart ar phlean daingean, FGL/oiliúint don phearsanra oideachais ábhartha uile, am leordhóthanach, uirlisí úsáide cuimsitheacha, maoiniú le haghaidh acmhainní (lena n-áirítear soláthar agus cothabháil TF) agus eispéiris, mar aon le dearbhú go gcuirfear na hacmhainní uile ar fáil i nGaeilge taobh leis na coibhéisí Béarla.

Cé nach bhfuil baint dhíreach ag an gcur chun feidhme le fócas an aiseolais tríd an gcomhairliúchán seo (murab ionann agus tacaíochtaí curaclaim), tá sé ceangailte go docht le cur i láthair agus braistint na réimsí curaclaim nua / na n-ábhar nua.

4.1.4 An ionchuimsitheacht a bhaineann le Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile

Chuir na rannpháirtithe fáilte roimh an ionchuimsitheacht a bhaineann leis na dréachtsonraíochtaí agus na conairí breise a cuireadh i láthair ach d'iarr soiléiriú breise maidir le cur i bhfeidhm na gconairí sin ar chleachtas ranga sa bhunoideachas agus san oideachas speisialta. Luadh go gcuidíonn contanaim dul chun cinn le múinteoirí atá ag obair i suíomhanna ina bhfuil páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tacaíocht a thabhairt dóibh ar a gconair chun foghlama. Moladh freisin go bhféadfaí tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le gach páiste ar a gconair chun foghlama, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais níos casta acu. Luaigh siad freisin nach bhféadfaí páistí áirithe (m.sh. iad siúd atá faoi mhíchumas trom nó domhain) a chur ar aon phointe de chontanam dul chun cinn agus gur cheart machnamh a dhéanamh ar a gconairí-sean freisin.

Cuireadh fáilte roimh an bhfócas ar shúgradh ar gach leibhéal den bhunoideachas, go háirithe ó na rannpháirtithe siúd a oibríonn i suíomhanna RSO toisc go bhféadfadh gach páiste rochtain a fháil ar na réimsí agus na hábhair sin sa churaclam. Léiríodh cúis inmáir maidir le tacaíocht a thabhairt do shúgradh bríoch ó Chéim 2 (Rang a hAon agus Rang a Dó) ar aghaidh, agus luadh go mbeadh acmhainní agus oiliúint cabhrach ina leith seo.

Moladh gur cheart tagairt shonrach a dhéanamh don éagsúlacht a bhaineann le taithí an duine. Moladh gur cheart tagairt shonrach a dhéanamh don téarma 'míchumas' sa chomhthéacs seo freisin. Luadh freisin nár ann do ráitis atá ionchuimsitheach ó thaobh cúrsaí LADTI+ de agus moladh gur cheart é sin a chur san áireamh agus a chomhtháthú ar bhealach aoisoiriúnach. Mar sin féin, léiríodh an tuairim in aighneachtaí eile nach mbeadh tagairt do chúrsaí LADTI+, go háirithe féiniúlacht inscne, oiriúnach sna sonraíochtaí deiridh.

4.1.5 Cur i láthair na sonraíochtaí curaclaim

Dhírigh roinnt mhaith aiseolais ar an ngá atá leis na dréachtsonraíochtaí a dhéanamh chomh soiléir gonta inrochtana agus is féidir. Luaigh na rannpháirtithe a thábhachtaí atá sé go mbeifí in ann do bhealach a dhéanamh trí na dréachtsonraíochtaí go tapa agus go héasca agus teacht ar an bpríomheolas gan stró. Rinneadh moltaí sonracha, ina measc; struchtúr comhsheasmhach ar fud na ndréachtsonraíochtaí uile, níos lú cuir chuige oideolaíochta, agus úsáid na teanga soiléire. Léiríodh in aiseolas breise barúlacha a bailíodh trí shonraí comhairliúcháin eile.

4.1.6 Éire, an Eoraip agus an Ghné Dhomhanda

Thagair go leor eagraíochtaí do ghné Éireannach agus/nó Eorpach a bheith in easnamh, agus an tábhacht a bhaineann lena leithéid a chuimsiú. Tugadh le fios go raibh gá le tuilleadh béime a leagan ar oidhreacht na hÉireann, agus staid na hÉireann san Eoraip, a iniúchadh agus a cheiliúradh. Luaigh na rannpháirtithe go raibh gné dhomhanda agus frámáil dhomhanda na ndréachtsonraíochtaí an-fhollasach. Tuairiscíodh é sin ar bhealach idir dhearfach agus diúltach ar fud na n-aighneachtaí.

4.1.7 An pholaitíocht agus a bheith i do shaoránach gníomhach/domhanda

B'iomáí aighneacht ina ndearnadh machnamh ar an bpolaitíocht agus an tsaoránacht ghníomhach a bheith ann laistigh de na dréachtsonraíochtaí. Chuir siad sin tuairimí dearfacha agus diúltacha i láthair araon. Cuireadh in iúl sna tuairimí dearfacha an chaoi a raibh cuimsiú na dtéamaí sin forásach, agus páistí ag foghlaim faoi théamaí atá tábhachtach i saol an lae inniu, cuir i gcás an aeráid, an comhshaol, maireachtáil inbhuanaithe, cearta an duine, daonlathas, cothromas agus ceartas sóisialta.

Os a choinne sin, léiríodh in aighneachtaí áirithe nár théamaí aoisoiriúnacha iad sin do pháistí le dul i ngleic leo agus go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le mothúcháin neamhshláine agus eagla faoin domhan inniu. Tugadh le fios go gcothódh na dréachtsonraíochtaí glúin de ghníomhaithe, seachas a bheith ag díriú ar na bunghnéithe (m.sh. litearthacht agus uimhearthacht) den ghnóthachtáil oideachais.

4.2 Aiseolas is sonrath do réimsí agus ábhair áirithe sa churaclam

Cé is moite de na téamaí athfhillteacha a tháinig chun cinn ar fud na n-aighneachtaí, thagair roinnt rannpháirtithe do réimsí agus/nó ábhair shonracha sa churaclam. Rinneadh iad sin a chatagóiriú de réir

- tréithe dearfacha
- tréithe dúshlánacha
- athruithe molta
- moltaí i dtaobh cur chun feidhme.

4.2.1 Oideachas Ealaíon

Mhol eagraíochtaí an bhéim a leagadh ar ionchuimsiú laistigh de Dhréachtsonraíocht Churaclaim an Oideachais Ealaíon. Tugadh moladh sna haighneachtaí uile do chultúir éagsúla, foirmeacha ealaíne, cuir chuige chéadfacha agus chorpraithe, gluaiseacht, fuaim agus leathnú na foghlama sa Drámaíocht a bheith ann. Moladh cineál comhtháite na sonraíochta freisin. Chuir na rannpháirtithe fáilte roimh chuimsiú na bpróiseas iomadúil atá nasctha le déanamh ealaíon do pháistí sna snáitheanna.

Bhí na dúshláin agus na moltaí, a cuireadh i láthair, láraithe thart ar an ngá atá leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An sainmhíniú ar fhoirmeacha ealaíne a leathnú, agus fócas breise a chuimsiú ar fhoirmeacha ealaíne cultúrtha agus traidisiúnta an tráth céanna
- Deiseanna a leathnú agus a shoiléiriú le haghaidh comhtháthú ar fud na n-ealaíon agus réimsí curaclaim eile
- Mínithe níos soiléire a chur ar fáil ar chuir chuige chorpraithe i leith na n-ealaíon, lena n-áirítear na buntáistí a bhaineann le folláine arna gcur ar fáil san oideachas ealaíon
- Níos mó sonraí a chur ar fáil ar fhoghlaim agus dul chun cinn ar fud na gcéimeanna
- Breithniú a dhéanamh ar na coincheapa a roghnaíodh i réimse na Drámaíochta
- Aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá timpeallacht foghlama shábháilte sna hEalaíona

- Tuilleadh comhleanúnachais agus comhsheasmhachta a lorg le sonraíochtaí eile

Cé is moite de na moltaí comhchoiteanna maidir le cur chun feidhme ar a dtugtar breac-chuntas thuas, cuimsíodh ar na cinn siúd a bhain go sonrach leis na hEalaíona tacaíochtaí chun comhtháthú a léiriú, gluais leathnaithe, banc sínte d'ábhair chlosamhairc, sleachta ceoil molta agus méideanna ranga níos lú ar mhaithe le spás a chur ar fáil don Oideachas Ealaíon.

4.2.2 Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta (NTI)

B'iontach dearfach an fhreagairt ó roinnt mhaith eagraíochtaí ar chuimsiú Nuatheanga lasachta laistigh de Churaclam Teanga na Bunscoile (CTB) agus an ghné ilteangach agus idirchultúrtha a bhain leis na Torthaí Foghlama. Thug siad dá n-aire go raibh sé ailínithe go maith le hoideachas domhanda agus saoránachta mar aon le páistí a bheith ag gníomhú mar ghníomhaithe sóisialta trína réimse scileanna teanga. Bhí formhór na ndúshlán a sainaitníodh maidir le cuimsiú Nuatheangacha lasachta láraithe thart ar lóistíocht agus cur chun feidhme Nuatheangacha lasachta i mbunscoileanna, seachas ar inneachar na dréachtsonraíochta féin. Bhain pointí sonracha ar fud na n-aighneachtaí leis na nithe seo a leanas:

- an gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an CTB reatha sula gcuirfear teanga eile lena struchtúr
- easpa inniúlachta múinteoirí i réimse na Nuatheangacha lasachta
- dúshlán a bhaineann le foghlaim agus teagasc na Gaeilge a bheith ina mbac ar Nuatheangacha lasachta a chur leis
- an t-am laghdaithe do Theanga 1 agus Teanga 2 na scoile (Béarla agus Gaeilge) agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar litearthacht na bpáistí.
- I measc na moltaí le haghaidh mionleasuithe, bhí:
- roinnt téarmaíochta a shoiléiriú
- cur chuige gníomhdhírthe a chuimsiú thar chur chuige cumarsáideach
- cuid maidir le measúnú a chur leis
- soiléireacht maidir le tagairtí do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus na tagairtí sin a mhionleasú
- an ghné nua 'Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir' a leathnú go Céim 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó)
- mionsonraí a chur leis maidir le hoiriúntais do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

B'íomaí ceist agus ábhar imní a bhí ann maidir leis an gcur chun feidhme. Cuimsíodh orthu sin ábhair imní agus ceisteanna comhchosúla leis na cinn siúd ar a dtugtar breac-chuntas áit eile sa tuarascáil seo (Féach Aguisín A).

4.2.3 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

Moladh an fócas ar théamaí na foghlama domhanda agus an ghné dhomhanda. Mhol na rannpháirtithe na deiseanna arna gcur ar fáil sa dréachtsonraíocht do pháistí chun dul i mbun eispéiris foghlama amuigh faoin aer agus le haghaidh foghlaim áitbhunaithe. Moladh freisin an

fócas ar chomhpháirtíochtaí agus ar fhoghlaim bunaithe ar thionscadail. Ba mhór ag na rannpháirtithe gur cuimsíodh ‘fiosrúchán’ agus ‘scéal’.

Mar a luadh thuas faoi théamaí uileghabhálacha, sonraíodh an ról atá ag éiteas na scoile agus/nó luachanna na ndrúchtsonraíochtaí a bhfuil téamaí amhail reiligiúin, creidimh agus cruinneshamlacha le fiosrú thart orthu. Rinne roinnt rannpháirtithe cáineadh ar an bhfócas ar fhoghlaim dhomhanda freisin, agus iad den tuairim gur cheart na téamaí OSI sin a fhrámáil ar bhealach níos neamhchlaonta. Luadh an gá atá le modhanna measúnaithe a shoiléiriú sa réimse seo, mar aon leis an ngá atá le soiléireacht níos fearr maidir le comhpháirteanna curaclaim atá nasctha agus sainiúil.

Luadh fairsinge na dTorthaí Foghlama, go háirithe i ndáil leis an Tíreolaíocht. Measadh go mbeadh gá le huirlisí úsáide cuimsitheacha sa drúchtsonraíocht chun cur síos a dhéanamh ar na Torthaí Foghlama sa chleachtas. Luadh go raibh mearbhall ann maidir le struchtúr na ndrúchtsonraíochta agus struchtúr na gcomhpháirteanna den churaclam. Moladh, i gcás cuid de na scileanna, amhail mapáil, go mbeadh tairbhe le baint as a gciall a spíonadh amach agus iad a mhíniú, agus gurbh inmhianaithe ‘fiosrúchán’ a chur isteach mar oideolaíocht. Mar a luadh thuas, luadh go raibh gá le OSI a chur i gcomhthéacs áitiúil na hÉireann ar bhealach níos fearr.

4.2.4 Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI)

Moladh an drúcht-Sonraíocht Churaclaim OTI. I measc na ngnéithe suntasacha bhí an tábhacht a chuirtear ar chomhpháirtíochtaí, an cur chuige i leith foghlaim ETIM chomhtháite agus briseadh síos ar choincheapa atá mar bhonn agus taca leis an Teicneolaíocht.

Ar na dúshlán a sainaithníodh bhí an t-aistriú ó churaclam bíseach go Torthaí Foghlama leathana agus doiléire, ar tuairiscíodh ina leith i roinnt bheag aighneachtaí nach raibh siad chomh inmhianaithe céanna le cuspóirí ábhair Churaclam na Bunscoile 1999, agus an easpa comhtháthaithe leis an Matamaitic. Iarradh go gcuimseofaí liostaí follasacha de scileanna ETIM laistigh den tsonraíocht. Luadh gur cuireadh fócas díreireach ar an Eolaíocht agus gur ghá na Torthaí Foghlama don Teicneolaíocht agus don Innealtóireacht a leathnú.

Tugadh le fios san aiseolas go raibh an sainmhíniú ar Theicneolaíocht cúng, agus nár bhain sé ach leis an teicneolaíocht dhigiteach agus an smaointeoireacht ríomhaireachtúil amháin. Moladh gur cheart tuilleadh deiseanna comhtháthaithe agus naisc thraschuraclaim a dhéanamh. Moladh tuilleadh oibre bunaithe ar thionscadail don Innealtóireacht mar bhealach chun an cineál praiticiúil a bhaineann léi a fheabhsú. Moladh go gcuirfí briseadh síos ar an Innealtóireacht ar fáil sna hagusíní, i gcomhréir leis an mbriseadh síos siúd a sholáthraítear don Teicneolaíocht. Moladh tuilleadh topaicí lena gcuimsiú sa Teicneolaíocht agus san Innealtóireacht. Bhain dearcthaí áirithe ó aighneachtaí aonair leis na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le ró-úsáid gléasanna digiteacha.

4.2.5 Folláine

Moladh an drúchtsonraíocht as réimsí staidéir atá ábhartha i sochaí an lae inniu a chuimsiú. Ina measc siúd a luadh bhí oideachas sábháilteachta agus na meán, cuimsiú an teagaisc agus na foghlama faoi theaghlaigh éagsúla, toiliú, teorainneacha, féinriar colainne, luachanna agus rialáil mhothúcháinach. Chuir na rannpháirtithe fáilte roimh an mbéim bunaithe ar láidreachtaí san

'Oideachas mothúchánach agus caidreamhach,' go sonrath i ndáil le 'teacht aniar'. Sonraíodh, i ré na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise, go dtugann an curaclam seo cumhacht do pháistí chun a sláinte agus a bhfolláine féin a chosaint.

Ba mhór idir na dúshláin a sainaithníodh leis an gcuraclam Folláine agus na cinn siúd a liostaítear ar bhealach dearfach thuas. Bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim nach raibh réimsí/téamaí áirithe d'fhiosrúchán ar an gcuraclam Folláine aoisoiriúnach agus go bhféadfaidís teacht salach ar dheartháir reiligiúnacha, pearsanta nó tuismitheora. Thug na rannpháirtithe úd dá n-áire freisin go raibh na Torthaí Foghlama ró-fhairsing le go bhféadfaí aon tuiscint shoiléir a bhaint as an ábhar a mhúiní faoi na réimsí/téamaí seo, agus d'iarr siad go gcuirfí na huirlisí úsáide i gcrích sula mbaileofaí a gcuid barúlacha. Ba léir i roinnt aighneachtaí gur measadh seasamh maidir le gníomhaíochas agus ábhar polaitiúil a bheith glactha laistigh den dréachtsonraíocht Folláine.

Cuireadh an siar is aniar céanna idir na deartháir ar tugadh breac-chuntas orthu sna téamaí uileghabhálacha agus OTI i láthair ar fud na mbarúlacha don Fholláine. Luadh gur cheart litearthacht mheabhairshláinte agus tuiscint ar an méid is féidir cur isteach ar ár meabhairshláinte agus cuidiú léi a chuimsiú sa dréachtsonraíocht, agus moladh gur cheart tagairt dhíreach a dhéanamh sa tsonraíocht do choincheap an 'duine fásta maith amháin'.

Fuarthas aiseolas inar iarradh go mbainfí tagairtí d'fhéiniúlacht inscne ón bhFolláine d'ainneoin nach bhfuil féiniúlacht inscne san áireamh sa dréachtsonraíocht. Mar sin féin, luadh in aighneachtaí eile nach raibh tagairt dhíreach ann d'fhéiniúlacht inscne agus éilíodh go gcuirfí san áireamh sa tsonraíocht í ar bhealach aoisoiriúnach amach anseo. Moladh anuas air sin gur cheart bulaíocht LADTI+ a chuimsiú go sonrath le tagairtí don bhulaíocht. Ina theannta sin, bhí moltaí ann gur cheart tagairtí do na saintréithe cosanta uile faoi dhlí na hÉireann a neartú sa tsonraíocht.

A mhéid a bhaineann leis an gCorpoideachas, fuarthas aiseolas dearfach maidir le cuimsiú sainmhínte ar Chorpoidéachas, gníomhaíocht choirp agus spórt. Cheistigh roinnt rannpháirtithe an chaoi le heispéiris foghlama chomhtháite a chur san amchlár agus a ainmniú ag Céim 1 agus Céim 2, agus cibé acu a thabharfaí Folláine nó Corpoidéachas orthu siúd. Luadh freisin go mbeadh míniú níos fearr ar théarmaíocht an Chorpoidéachais inmhianaithe agus éilíodh míniú breise freisin ar gach snáithaonad laistigh den 'Oideachas Gluaiseachta'.

Cuid 5: Comhairliúchán le Páistí: Achoimre Fheidhmeach

5.1 Réamhrá

I mí na Samhna 2023, d'éirigh le hInstitiúid Oideachais Marino leis an tairiscint a chuir siad isteach ar chonradh le haghaidh tionscadal taighde, arna choimisiúnú ag CNCM, chun dul i gcomhairle le páistí i dtaca lena mbarúlacha ar a dtaithí ar chúrsaí curaclaim. An '*Comhairliúchán le páistí mar chuid d'athfhorbairt Churaclaim na Bunscoile*', déanann sé dul chun cinn ar staidéar ar tugadh faoi roimhe seo, mar atá comhairliúchán le páistí tráth *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2022. Cosúil leis an staidéar roimhe seo, is é rud a bhí i gceist leis an tionscadal sin ná dul i mbun plé le páistí maidir lena dtaithí ar chúrsaí curaclaim ar scoil. Cuimsítear 15 scoil sa sampla don chomhairliúchán le páistí maidir leis na sé phríomhtheachtaireacht den

churaclam Bunscoile athfhorbartha. Rinneadh an staidéar taighde ina dhá chéim. I gcéim a haon, thug an fhoireann taighde faoi agallaimh ghrúpa le páistí, dhá rang i ngach ceann de na 15 scoil. Bhain an dara céim den staidéar taighde le sraith de sheacht gcás-staidéar, a rinneadh i seacht scoil a roghnaíodh as an sampla bunaidh céanna de 15 scoil. Rinneadh iad sin chun eolas domhain a fháil ar thaithe na bpáistí ar na cúig réimse curaclaim: Teanga; Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI); Folláine; Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI); agus Oideachas Ealaíon. In dhá cheann de na seacht gcás-staidéar díriodh ar bharúlacha ó pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ó pháistí ón Lucht Siúil.

Is é comhthéacs an chomhairliúcháin ná Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile agus inneachar don churaclam Bunscoile athfhorbartha a fhorbairt. Foilsíodh *Creat Curaclaim na Bunscoile* i mí an Mhárta 2023. Tá na sonraíochtaí curaclaim le haghaidh gach réimse curaclaim á bhforbairt faoi láthair trí chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara éagsúla. Táthar ag súil go gcuirfidh na torthaí ón staidéar taighde seo bonn eolais faoi na sonraíochtaí curaclaim deiridh. Mar ab amhlaidh i gcás an staidéir roimhe seo, (Kiely *et al*, 2022), bhí na sé príomhtheachtaireacht a bhí mar bhonn agus taca le *Creatchuraclam na Bunscoile* ina mbunús le haghaidh na gceisteanna a cuireadh ar na páistí (Féach Aguisín G le haghaidh na bPríomhtheachtaireachtaí).

Bhailigh an fhoireann taighde an dá thacar sonraí (céim a haon: 15 scoil; céim a dó: seacht scoil) i scoileanna. Ní hionann sin agus an comhairliúchán roimhe seo le páistí in 2022, inarbh iad na múinteoirí ranga a bhailigh na sonraí. Ó tharla gur tugadh faoin staidéar roimhe seo de réir mar a bhí scoileanna ag teacht amach as paindéim COVID-19, cinneadh go gcuirfí teorainn le líon na ndaoine den phearsanra seachtrach a bhí ag dul isteach i scoileanna, agus dá réir sin cuireadh breisoiliúint ar mhúinteoirí chun na sonraí a bhailiú trí cheardlanna oiliúna ar líne agus tacaíocht ón bhfoireann taighde.

5.2 Modheolaíocht

I gcás chéim a haon den tionscadal taighde, tugadh faoi agallaimh ghrúpa le páistí in dhá rang i ngach ceann de na 15 scoil. I gcás chéim a dó, tugadh faoi agallaimh ghrúpa ghairide le páistí, (dá ngairfear 'céim a dó, tasc 1' anseo feasta) bunaithe ar réimse curaclaim ar leith, in dhá rang i ngach ceann de sheacht scoil. Ina dhiaidh sin bhí modheolaíocht a roghnaigh na páistí, (dá ngairfear 'céim a dó, tasc 2' anseo feasta) inar thug siad sonraí breise ar réimse curaclaim ar leith. Roghnaigh na páistí as sraith modheolaíochtaí, mar a leanas: turais 'siúl agus caint' ar na réimsí curaclaim ábhartha den rang agus den scoil, líníochtaí, léarscáileanna coincheapa/comhrá, úsáid greamán *emoji* chun rudaí a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo i réimsí curaclaim a chur in iúl, tosaitheoirí abairtí ar bhileog oibre agus líníochtaí treoraithe ar eispéreas teanga corpraithe. Cuireadh ball den fhoireann teagaisc i ngach ceann de na seacht scoil faoi agallamh freisin, (dá ngairfear 'céim 2, tasc 3' anseo feasta), an múinteoir ranga go hiondúil ach i gcásanna áirithe príomhoide na scoile nó múinteoir arna ainmniú ag príomhoide na scoile. Tugadh faoi na hagallaimh sin chun tuiscint a fháil ar chomhthéacs na scoile ar leith.

5.3 Sampla

I measc na 15 scoil sa sampla bhí suíomhanna uirbeacha agus tuaithe, scoileanna DEIS agus neamh-DEIS, scoileanna ingearacha, scoileanna Béarla, scoileanna Gaeilge, scoil Ghaeltachta amháin, dhá scoil speisialta, agus scoil phríomhshrutha amháin ina bhfuil líon mór páistí ón Lucht Siúil.

5.4.1 Torthaí

Seo a leanas torthaí ón dá chéim den taighde, ag tosú leis na torthaí ó chéim a haon -

Príomhtheachtaireacht 1: Ag forbairt ar rath churaclam 1999 agus ag freagairt do dhúshláin agus forbairtí nua

Chuir na páistí in iúl go raibh siad an-sásta leis an gCorpoideachas agus leis na hEalaíona agus gurbh fhearr leo iad. Labhair siad faoin gcaoi a gcuireann na hábhair sin saoirse, taiscéalaíocht shamhlaíoch agus cumas gníomhúcháin ar fáil mar aon leis an am a chaitear le cairde. Teastaíonn ó pháistí go mbeadh níos mó deiseanna acu le bogadh, dul i mbun foghlaim ghníomhach, go mbeadh deiseanna acu le bheith ag comhrá agus don léiriú cruthaitheach. Ní maith leo a bheith ina suí ar feadh tréimhsí fada agus ní thaitníonn leabhair oibre leo.

Taitníonn an Ghaeilge le páistí i scoileanna Gaeilge agus go háirithe is maith leo a bheith ag foghlaim na Gaeilge trí ábhair eile, cuir i gcás an Drámaíocht. Bíonn sé deacair ar pháistí i scoileanna Béarla an Ghaeilge a fhoghlaim trí athrá agus ceisteanna a fhreagairt, ach is amhlaidh a thaitníonn gníomhaíochtaí leo, cuir i gcás píotsaí a dhéanamh trí Ghaeilge nó Corpoideachas a dhéanamh trí Ghaeilge.

Príomhtheachtaireacht 2: Cumas gníomhúcháin agus solúbthacht a chothú i scoileanna

Tá gá le tuilleadh cumas gníomhúcháin agus neamhspleáchais in eispéiris foghlama do pháistí, is cuma cén aois iad. Dar leis na páistí, bíonn an múinteoir, an príomhoide, an rialtas, an t-uachtarán, saineolaithe ábhair, cuir i gcás seandálaithe, i gceannas agus ní mór do na páistí rudaí a dhéanamh a deirtear leo a dhéanamh. D'fhéadfadh difríocht mhór a bheith ann idir an sainmhíniú a thugann páistí agus daoine fásta ar rogha. Má thugtar raon teoranta roghanna dóibh le haghaidh tasc ar leith, ní rogha é sin, dar leo.

Príomhtheachtaireacht 3: Naisc a thógáil idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna

Bhraith páistí i ranganna na naíonán naisc leis an réamhscoil ó thaobh spraoi, cairde agus múinteoirí deasa de. Bíonn páistí sna ranganna sinsearacha ag tnúth le gnéithe áirithe den iar-bhunscoil, cuir i gcás níos mó saoirse agus ábhair phraiticiúla nua ach bíonn faitíos orthu faoin ualach oibre, cairdeas a chruthú agus an deacracht a bhaineann le hinneachar an churaclaim.

Príomhtheachtaireacht 4: Tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste

Is mór ag páistí topaicí curaclaim a 'rachaidh chun sochair dóibh' tráth níos déanaí anonn sa saol, cuir i gcás matamaitic agus litearthacht. Bíonn siad sách dírithe air sin agus ar úsáideacht na n-ábhar dá ngairmeacha beatha amach anseo. Bíonn ó pháistí tuilleadh a fháil amach fúthu féin agus faoin saol ina maireann siad, faoi chultúir agus teangacha eile.

Príomhtheachtaireacht 5: An bealach a gcuirtear an curaclam i láthair agus an struchtúr atá leis a athrú

Is maith le páistí iad féin a thumadh go domhain in dhá ábhar sa lá más iad Ealaín agus Corpoideachas na hábhair. Mar sin féin, tuairiscíonn siad go bhfuil faitíos orthu roimh leadrán agus eagla go gcaillfidh siad amach ar ábhair eile mura mbíonn fócas domhain ach ar ábhar amháin nó dhó.

Príomhtheachtairacht 6: Cuir chuige Oideolaíochta

Ar go leor bealaí, bhí na torthaí ó chéim a haon den staidéar ar aon dul le torthaí ón tuarascáil ar an gcomhairliúchán le páistí ar *Dhréachtchuraclam na Bunscoile* (Kiely *et al*, 2022). Tuairiscíonn páistí gur mhaith leo foghlaim níos gníomhaí, foghlaim atá bunaithe ar theicneolaíocht agus ar bhonn súgartha, níos mó deiseanna a bheith ag obair amuigh faoin aer agus le páirtí/comhscoláire. Léiríonn páistí go soiléir gur fearr leo modheolaíochtaí na foghlama spráíúla agus gníomhaí. Is mór acu teagasc spráíúil, cuir i gcás cluichí, le haghaidh ábhair a bhíonn deacair orthu, go háirithe i ranganna sinsearacha. Is léir an tionchar a bhíonn ag na modheolaíochtaí teagaisc a úsáidtear i ngach ábhar ar a gcuid eispéireas ar an gcuraclam. Ina theannta sin, is minic a bhíonn tionchar ag na leabhair oibre ar leith a úsáidtear le haghaidh réimsí/ábhair churaclaim ar eispéiris na bpáistí ar an réimse curaclaim céanna. Léirigh an tacar sonraí reatha go mbíonn grá láidir ag páistí don léitheoireacht. Léirigh na sonraí freisin go raibh feacht ar chleachtais mheasúnaithe agus chuir na páistí samplaí de chleachtais féinmeasúnaithe, piarmheasúnaithe agus measúnaithe ag an múinteoir ar fáil. Labhair na páistí faoi dheiseanna le bheith ag obair ina n-aonar, i mbeirteanna agus i ngrúpaí agus rinne siad plé ar bhuanna agus lochtanna na hoibre i ngrúpaí agus an phiarmheasúnaithe.

5.4.2 Torthaí ón dara céim den taighde: Cás-Staidéir ar na cúig réimse curaclaim

Cás-Staidéar A: Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

Taitníonn le páistí níos sine dul i ngleic le gnéithe áirithe den Stair agus den Tíreolaíocht, go háirithe stair na hÉireann agus foghlaim faoi thíortha eile, agus mheas páistí níos óige, go háirithe, nach raibh sé chomh suimiúil céanna a bheith ag foghlaim faoin gcomhshaoil, cé gur aithin siad an tábhacht a bhaineann leis. Is cosúil go bhfuil obair thionscadail lárnach sa Stair agus sa Tíreolaíocht go háirithe agus baineann na páistí an-taitneamh aisti. B'fhearr leo cuir chuige idirghníomhacha, imscrúdaitheacha agus spráíúla i leith OSI thar obair théacsbhunaithe. Bhí tionchar ag na cuir chuige foghlama a úsáideadh ar eispéireas foghlama na bpáistí ar an réimse curaclaim. Bhí deiseanna ag na páistí cuairt a thabhairt ar shuíomhanna, foirgnimh, iarsmalanna agus leabharlanna áitiúla, rud a chuir lena n-eispéireas foghlama ar an ábhar. Níor chosúil go raibh tuiscint mheiteachognaíoch ag na páistí sa chás-staidéar seo ar scileanna an staraí nó an tíreolaí.

Cás-Staidéar B: Oideachas Ealaíon

B'ansa leis na páistí Oideachas Ealaíon as an tsaoirse a thugann sé dóibh le bheith cruthaitheach, triail a bhaint as smaointe, a bheith gníomhaíoch ina gcuid roghanna agus a bheith in ann dreas cainte a dhéanamh lena gcomhscoláirí agus iad ag obair. Luadh arís agus arís eile na hAmharcealaíona mar ábhar is fearr le páistí sna ranganna sóisearacha agus sinsearacha. Cuireadh ábhair imní in iúl maidir leis an am a chuirtear ar fáil don Oideachas Ealaíon. Is cosúil go mbaintear den amchlár é ar uairibh, agus go dtugtar tús áite do réimsí curaclaim eile. Léiríonn na torthaí go bhfuil gá le fócas breise ar fhorbairt scileanna san Oideachas Ealaíon.

Cás-Staidéar C: Folláine

Ba dhíol suntais é go leagtar béim láidir ar fholláine na bpáistí ar fud na scoileanna uile, ní hamháin sa scoil ina ndearnadh an Cás-Staidéar. Tugtar tús áite go huilíoch don bhraistint gur spás sábháilte cothaitheach atá sa scoil do pháistí. Díritear go láidir ar an bhfolláine mhothúchánach agus ar an rialáil mhothúchánach agus ar an teanga a bhaineann le folláine mhothúchánach sa scoil chás-staidéir seo, chomh maith le sábháilteacht ar líne/dhigiteach. Tá cur chuige uile-scoile ag baint leis an bhfolláine agus ó thaobh an churaclaim de, déantar í a chomhtháthú ar fud na

n-ábhar, seachas a bheith teoranta do theagasc OSPS agus an Chorpoideachais amháin. Bíonn páistí feasach agus labhraíonn siad amach faoi na hábhair agus na gníomhaíochtaí a chothaíonn a bhfolláine, agus luann siad Corpoideachas agus OSPS agus na healaíona, mar aon le bheith ag súgradh lena gcairde, ag úsáid leabharlann na scoile, agus a gcuid a bheith le rá acu ar choistí amhail comhairle na scoláirí agus coiste na scoileanna glasa.

Cás-Staidéar D: Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI)

Léirigh torthaí ón gcás-staidéar seo cleachtais shofaisticiúla i ndáil leis an teicneolaíocht a chomhtháthú leis an Eolaíocht agus leis an Innealtóireacht ar aon. Tuairiscíonn na páistí go n-úsáideann siad táibléid iPad le haghaidh 'beagnach gach rud', lena n-áirítear doiciméadú ar phróisis a bhaineann le turgnaimh eolaíochta agus próisis innealtóireachta. Tacaítear le heispéiris churaclaim trí thurais allamuigh agus rannpháirtíocht i dtaispeántais agus imeachtaí amhail Seachtain na hEolaíochta agus Bleaist Eolaíochta. I measc na modheolaíochtaí a úsáideadh tá cuid mhaith den chomharfhoghlaim.

Cás-Staidéar E: Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta (NTI)

Léirigh na torthaí go raibh feasacht ilteangach éigin ag na páistí ar theanga, rud a léirigh go raibh inniúlacht acu teangacha a phlé agus comparáid a dhéanamh idir teangacha sa scoil chás-staidéir seo, ar Ghaelscoil í. Bhí na páistí feasach ar an gcaoi ar féidir teangacha a fhoghlaim tríd an gcultúr (m.sh. amhránaíocht agus spórt) agus trína n-úsáid sa phobal (m.sh. comharthaíocht san ollmhargadh áitiúil, fógraí ar iompar poiblí). Agus iad ag foghlaim teanga, bhí taithí ag na páistí ar a bheith ag obair i mbeirteanna, ar theagasc díreach agus ar úsáid an chláir bháin idirghníomhaigh agus téacsleabhar. Ba chosúil go raibh dearcadh láidir agus fabhrach ag na páistí sa scoil seo i leith teangacha breise a fhoghlaim agus d'aithin siad na buntáistí cultúrtha a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin, cur i gcás an inniúlacht cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus tú ag taisteal thar lear.

Cuid 6: Conclúid

6.1 Réamhrá

Bhí an próiseas comhairliúcháin an-eolasach, agus dóibh siúd ar mhian leo a gcuid barúlacha a roinnt ar na dréachtsonraíochtaí, cuireadh deiseanna ar fáil ann déanamh amhlaidh. Chuimsigh na rannpháirtíochtaí comhairliúcháin idir imeachtaí aiseolais aonuaire agus rannpháirtíochtaí níos marthanaí agus níos doimhne. Tá CNCM buíoch dóibh siúd a ghlac páirt agus a thug aiseolas ar na dréachtsonraíochtaí. Cé go raibh formhór mór an aiseolais dearfach, is amhlaidh is lú meas a tugadh i roinnt aiseolais, go háirithe trí na haighneachtaí, ar an obair a cuireadh i gcrích go dtí seo agus ar na próisis forbartha curaclaim trínar tugadh faoi sin. Ba mhinic na haighneachtaí áirithe sin a bheith bunaithe ar mhífhaisnéis agus/nó bréagaisnéis agus iad de ghuth ionsaitheach go minic. Agus é sin á rá, is tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndearnadh anailís ar an aiseolas uile a bailíodh le linn an chomhairliúcháin, beag beann ar an inneachar, agus go ndearnadh tuairisc ar na príomhthorthaí uaidh sa tuarascáil seo. Mar a bheadh coinne leis, bhain roinnt aiseolais le saincheisteanna agus téamaí a bhí ina bhfócas don chomhairliúchán níos luaithe ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* a tháinig chun críche i mí an Mhárta 2022, m.sh. leithdháiltí ama molta, struchtúr an churaclaim agus réimsí nua foghlama a chuimsiú. Ó tharla go raibh an t-aiseolas breise sin taobh amuigh de pharaiméadair an chomhairliúcháin seo, ní bheidh tionchar aige ar thabhairt chun críche na Sonraíochtaí Curaclaim ná ar inneachar *Chreachuraclam na Bunscoile* a d'fhaomh an tAire Oideachais in 2023. Mar sin féin, ar mhaithe le hiomláine, cuimsítear an t-aiseolas sin sa tuarascáil seo.

Mar is amhlaidh i gcás gach comhairliúcháin de chuid CNCM, breithneoidh an Chomhairle na torthaí agus déanfar cinntí ansin maidir leis na gníomhartha is gá chun na sonraíochtaí curaclaim a thabhairt chun críche. Déantar an chinnteoireacht sin a chur i gcomhthéacs le raon beartas, reachtaíochta agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta a chuireann bonn eolais faoi ghníomhaíochtaí CNCM. Áirítear leo sin, ach gan bheith teoranta dóibh, [Creatchuraclam na Bunscoile; Plean Straitéiseach 2022 – 2025 de chuid CNCM; an tAcht Oideachais, \(1998\); an tAcht um Chomhionannas, \(2004\); an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu \(2004\); agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh \(1989\)](#). Ina theannta sin, ailíníonn an chinnteoireacht le straitéisí amhail [Straitéis Litearthachta, Uimhearhachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024 – 2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta](#); agus treoraíocht amhail [Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim: Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta \(Rialtas na hÉireann, 2021\)](#).

Mar a luadh i Réamhrá na tuarascála seo, fuarthas méideanna móra aiseolais ó raon leathan rannpháirtithe. Dá bharr sin, cuireadh éagsúlacht shuntasach de pheirspictíochtaí éagsúla in iúl ar fud an aiseolais, agus cé gur tháinig comhaontú chun cinn ar an mórgóir, is ann do roinnt samplaí de shaincheisteanna conspóideacha. Agus breithniú á dhéanamh ar an anailís ina hiomláine, leagtar béim san aiseolas ar na príomhphointí a chuirfidh bonn eolais faoi obair CNCM maidir leis na sonraíochtaí curaclaim a thabhairt chun críche.

Gabhtar achoimre ar na torthaí foriomlána agus na torthaí ar gach ceann de na cúig Dhréachtsonraíocht Churaclaim thíos.

6.2.1 Tógáil ar láidreachtaí Churaclam 1999

Tugadh moladh don chaoi a gcoinnítear láidreachtaí Churaclam 1999 sna dréachtsonraíochtaí curaclaim, agus cuireadh fáilte roimh an leanúnachas i roinnt dá phríomhghnéithe, lena n-áirítear an cur chuige páistelárnach agus na modhanna gníomhacha foghlama atá ann. Cé gur thacaigh go leor le struchtúr na ndréachtsonraíochtaí, cuimsiú bríoch na bPríomhinniúlachtaí, agus na tosaíochtaí le haghaidh fhoghlaim na bpáistí, cuir i gcás foghlaim dhigiteach agus amuigh faoin aer, tháinig ábhair inní chun cinn maidir le róbhéim a d'fhéadfadh a bheith á cur ar an teicneolaíocht, ualach oibre méadaithe, agus an gá atá le tuilleadh tacaíochta do mhúinteoirí agus ceannairí scoile chun freastal ar riachtanais éagsúla, go háirithe i gcás Riachtanais Speisialta Oideachais.

6.2.2 Cumas Gníomhúcháin

Fuarthas aiseolas dearfach ar an mórgóir maidir le coincheap an chumais gníomhúcháin, agus díriodh ar chumas gníomhúcháin gairmiúil na múinteoirí go príomha. Luaigh rannpháirtithe go dtacaíonn na dréachtsonraíochtaí curaclaim leis an gcumas gníomhúcháin agus go gcumasaíonn siad é trí na Torthaí Foghlama, na Príomhinniúlachtaí agus na cuir chuige éagsúla i leith measúnú, trí sholúbthacht agus comhtháthú a chumasú. Mar sin féin, is amhlaidh a chuir an comhairliúchán tús le plé agus díospóireacht agus tarraingíodh ábhair inní anuas faoin aistriú ar mheon an mhúinteora a theastaíonn, neamhspleáchas a chothromú le cuntasacht, agus srianta a d'fhéadfadh a bheith ann ó phleananna uile-scoile, tástálacha caighdeánaithe, agus téacsleabhair. Measadh go raibh cur amach ar thosca comhthéacsúla fíor-riachtanach chun cumas gníomhúcháin éifeachtach a fheidhmiú. Cé go raibh tacaíocht láidir ann do chumas gníomhúcháin múinteoirí, leagadh béim ar thuiscint agus tacaíocht chomhsheasmhach a chinntiú ó na páirtithe leasmhara uile. Ní dhearnadh an oiread céanna plé ar chumas gníomhúcháin linbh, ach measadh go dtacaítear leis freisin i gcomhthéacs na bPríomhinniúlachtaí agus na gcur chuige i leith measúnú atá sa churaclam athfhorbartha, rud a fhágann gur féidir guthanna na bpáistí a chuimsiú agus a chloisteáil ar bhonn níos airde ná an curaclam a bhí ann roimhe seo.

6.2.3 Torthaí Foghlama

Fuarthas freagraí éagsúla ar an aiseolas ar Thorthaí Foghlama mar ghné ghinearálta de na sonraíochtaí curaclaim uile. Chuir rannpháirtithe áirithe fáilte mhór roimh sholúbthacht agus oscailteacht na dTorthaí Foghlama, ach d'áitigh daoine eile acu go raibh fadhb ag baint leis an tsolúbthacht agus an oscailteacht chéanna sin. Dearnadh amháin is ea go dtugann na Torthaí Foghlama deis do mhúinteoirí freagairt dá gcomhthéacs foghlama agus dá gcuid páistí, ach le dearcadh eile aithníodh gur fhág sé sin go raibh éagsúlú rómhór ann san fhoghlaim, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héagthroime. Tugadh le fios freisin gur cheart tuilleadh soiléireachta a bheith ann maidir leis na naisc idir na Conairí Tacaíochta Breise agus na Torthaí Foghlama chun tacú le múinteoirí ina gcuid pleanála agus cleachtais.

6.2.4 Cuir chuige oideolaíochta agus measúnú

Cuireadh fáilte mhór roimh éagsúlacht na gcur chuige oideolaíochta a cuireadh chun cinn sna dréachtsonraíochtaí curaclaim, agus ba shuntasach an dearfach a cuireadh in iúl maidir le hoideolaíochtaí spráúla a chuimsiú. Mar sin féin, luadh go minic an gá atá le treoraíocht bhreise lena dtacófaí le múinteoirí, go háirithe iad siúd sna ranganna sinsearacha, oideolaíochtaí spráúla a

chomhtháthú go rathúil ina gcuid cleachtais. Cé gur cuireadh fáilte roimh an bhfócas ar aistrithe agus dul chun cinn ar fud na ndrúchtsonraíochtaí curaclaim ar an mórgóir, éilíodh arís agus arís eile go mbeadh cumarsáid agus comhoibriú ní b'fhearr ann idir páirtithe leasmhara, tuismitheoirí san áireamh, ar fud na n-earnálacha luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile. Cé gur aithníodh go léiríonn na drúchtsonraíochtaí curaclaim smaointeoireacht atá ag athrú i leith an mheasúnaithe le blianta beaga anuas, tháinig freagairtí éagsúla chun cinn freisin maidir le cuir chuige oideolaíochta agus modhanna measúnaithe, agus bhí inní ar roinnt daoine faoi chur i bhfeidhm agus cothromaíocht.

6.2.5 Cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Churaclaim

Réimse comhaontaithe amháin a d'eascair as an gcomhairliúchán a bhfuarthas aiseolas suntasach ina leith ba ea an inní an-mhór i measc na bpáirtithe leasmhara uile faoi chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an churaclaim agus na tacaíochtaí a bhfuil gá leo chuige sin. Is fíor a rá gur tharla an comhairliúchán ina iomláine agus inní ann faoi chur i bhfeidhm, riachtanais tacaíochta, agus acmhainn an chórais. Cé nach raibh CNCM leagtha amach ar eolas a bhailiú ar na saincheisteanna sin, toisc go raibh bailiú sonraí dírithe ar inneachar na ndrúchtsonraíochtaí curaclaim, d'éirigh sé an-soiléir go bhfuil na saincheisteanna sin ar a laghad chomh tábhachtach céanna do pháirtithe leasmhara agus atá an curaclam féin. Tá achoimre ar an aiseolas ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an churaclaim le fáil in Aguisín A.

6.3.1 Oideachas Ealaíon

An cur chuige atá ag éirí níos comhtháite agus níos cuíchóirithe i leith an Oideachais Ealaíon agus an coincheapadh a dhéantar ar gach páiste mar Dhéantóir Ealaíon sa drúchtsonraíocht, cuireadh fáilte roimh na nithe sin ar fud an chomhairliúcháin. Cé go raibh tuairim dhearfach ag na rannpháirtithe ar an mórgóir maidir le naisc a rinneadh leis an saol mór agus comhthéacsanna cultúrtha éagsúla na n-ealaíon, d'éiligh roinnt daoine díobh go ndéanfaí tagairt níos mó do bheocht shaibhir an chultúir, na hoidhreacht, na ceardaíochta agus na bhfoirmeacha ealaíne traidisiúnta atá againn in Éirinn. Fuarthas méid mór aiseolais ar na Torthaí Foghlama. Cé gur aithníodh go gcuirtear solúbthacht ar fáil le cineál fairsing na dTorthaí Foghlama, tugadh le fios freisin go rachadh sé chun sochair dóibh dá mbeadh tuilleadh soiléireachta agus sainiúlachta ann. Bhí comhaontú ann i ndáil leis an tábhacht a bhaineann le próiseas san Oideachas Ealaíon. Rinneadh tagairt don ghá atá le caighdeán agus dul chun cinn a chinntiú in ábhair na n-ealaíon, agus glacadh go han-mhaith leis na coincheapa agus an forbheathnú gaolmhar ar dhul chun cinn. Ar deireadh, tarraingíodh ábhair inní anuas maidir le staid an damhsa, ar réimse é seo a bhfuil gá le tuilleadh soiléireachta i ndáil leis an bhfoghlaim ann.

6.3.2 Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha Iasachta (NTI)

Cuireadh fáilte mhór roimh an ilteangachas, mar a shonraítear sa nuashonrú NTI ar Churaclam Teanga na Bunscoile, toisc go léiríonn sé riachtanais na hÉireann sa lá atá inniu ann. Mar sin féin, tarraingíodh inní nach beag anuas maidir leis an gcaoi a gcuirfí NTI chun feidhme i scoileanna agus an chaoi a ndéanfadh múinteoirí tosaíochtaí foghlama teanga a chothromú. Bhí na torthaí maidir le *Dul Chun Cinn agus Leanúnachas* agus *Ionchuimsiú* an-ábhartha maidir leis an bhfís do *Chreachuraclam na Bunscoile* ina dtacaítear le gach foghlaimeoir a lánchumas a bhaint amach. Bhí

comhaontú ann gur gá treoir mheasúnaithe a chuimsiú chun cuidiú le múinteoirí dul chun cinn na bpáistí le NTI a shainaithe agus tacú leis. Moladh an fócas méadaithe ar fheasacht theangeolaíoch agus chultúrtha mar rud a chothaíonn léirtheiscint ar an ilchineálacht. Tarraingíodh saincheistanna anuas arís agus arís eile i ndáil le hinniúlacht na múinteoirí agus muinín oideolaíochta in NTI. Nuair a bhreathnaítear ar na torthaí a bhaineann le tabhairt isteach NTI i gCuraclam Teanga na Bunscoile le chéile, is amhlaidh a tharraingítear aird iontu ar an tionchar cómhálartach a bhíonn ag saincheistanna a bhaineann le cur i bhfeidhm, forbairt ghairmiúil na múinteoirí, agus ardaidhmeanna don churaclam.

6.3.3 Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Sonraítear i dtorthaí an chomhairliúcháin go dtógann dréachtsonraíocht an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil ar láidreachtaí Churaclam 1999, go neartaíonn sé roinnt mhaith cleachtais éifeachtacha i scoileanna, agus go bhfuil an acmhainneacht aige tacú le cumas páistí a bheith ina saoránaigh ghníomhacha eolacha chumasaithe. Cé go raibh tuairim dhearfach ann ar an mórgóir ar struchtúr, inrochtaineacht agus inúsáidteacht na sonraíochta, tarraingíodh ábhair inní anuas maidir leis an gcothromaíocht idir stair agus tíreolaíocht laistigh de na snáitheanna. Cuireadh fáilte mhór roimh na cleachtais oideolaíochta, agus cuireadh an tuairim in iúl go nascann siad go bríoch le taithí saoil na bpáistí, go dtacaíonn siad le hionchuimsiú, agus go gcuireann siad le lárnacht ghuth an pháiste. Mar sin féin, tarraingíodh roinnt ceistanna anuas i ndáil leis na Torthaí Foghlama beartaithe, agus sainaitheodh gur gné a bhfuil tuilleadh machnaimh le déanamh ina leith é cothromaíocht a dhéanamh ar an idirghníomhú idir cumas gníomhúcháin a thabhairt do mhúinteoirí agus sainiúlacht chuí a chur ar fáil maidir le hinneachar an churaclaim. Measadh gur rud dearfach é ar an mórgóir gur cuimsíodh na téamaí foghlama domhanda a moladh, cé gur sonraíodh roinnt inní maidir le ró-fhócas a d'fhéadfadh a bheith ann ar shaincheistanna domhanda agus easpa choibhneasta béime ar théamaí Éireannacha/náisiúnta.

6.3.4 Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta

Cuireadh fáilte roimh chuimsiú an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta sa churaclam bunscoile athfhorbartha mar fhorbairt ábhartha agus shuntasach do pháistí na hÉireann i sochaí an lae inniu, agus an tráth céanna mar gur thóg sé ar láidreachtaí an churaclaim bunscoile reatha. Bhí dearfach ann tríd is tríd maidir le foghlaim ghníomhach agus chomhoibríoch a chur chun cinn ar fud na sonraíochta. Cé gur cuireadh fáilte mhór roimh an gcur chuige i leith foghlaim chomhtháite, inar tarraingíodh réimsí na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice le chéile, braitheadh go bhféadfaí tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil maidir le ról an mhúinteora agus an pháiste ar fud an phróisis. Ó tharla go bhféadfadh sé nach mbeadh cur amach láidir ag múinteoirí áirithe ar ghnéithe d'inneachar na sonraíochta seo, go háirithe sa Teicneolaíocht, rinneadh tagairt ar bhonn seasmhach don ghá atá le deiseanna foghlama gairmiúla ar ardchaighdeán mar rud a bhfuil tábhacht ag baint leis. Bhí comhaontú ann freisin go mbeadh an-tábhacht ag baint leis na hUirlisí Úsáide ar Líne ar mhaithe le cur i bhfeidhm rathúil an churaclaim seo a chinntiú.

6.3.5 Folláine

Cuireadh fáilte roimh thabhairt isteach na Folláine ar an mórgóir, ina ndéantar Corpoideachas agus OSPS a chomhtháthú, agus moladh é as an gcur chuige iomlánaíoch cothromaithe a ghlactar ann. Luadh roinnt ábhair inmáidir le pleanáil, Torthaí Foghlama leathana, agus an fhoghlaim ábharbhunaithe a chaomhnú, cé gur leagadh béim ar chumas gníomhúcháin múinteora agus linbh agus gur tarraingíodh aird ar shiombail chomhtháthaithe mar rud atá cabhrach. Glacadh go maith le Torthaí Foghlama tríd is tríd, go háirithe inneachar a dhéanann forbairt ar churaclam 1999, mar aon le réimsí nua, ina measc litearthacht fhisiciúil, teacht aniar agus folláine dhigiteach. Tháinig athruithe molta agus dearchtaí éagsúla chun cinn i ndáil le réimsí gníomhaíochta corpoideachais, struchtúir theaghlaigh éagsúla agus OCG. Léiríodh san aiseolas freisin peirspictíochtaí an-difriúil maidir le topaicí nach bhfuil sa dréachtsonraíocht, cuir i gcás meabhairshláinte, sosanna gluaiseachta, féiniúlacht inscne, agus téarmaíocht LADTI+. Luadh a thábhachtaí atá comhpháirtíocht leanúnach le tuismitheoirí, mar aon le tuairimí éagsúla i ndáil lena oiriúnaí atá na naisc le clár pátrún agus éascaitheoirí seachtracha. Ar an iomlán, cuireann an dréacht bonn láidir ar fáil, ach tá gá le tuilleadh soiléireachta i réimsí áirithe.

6.4 Na chéad chéimeanna eile chun na sonraíochtaí curaclaim a thabhairt chun críche

Cuirfidh na torthaí ón gcomhairliúchán le páistí agus páirtithe leasmhara níos leithne bonn eolais faoi na sonraíochtaí curaclaim agus iad á dtabhairt chun críche sna míonna amach romhainn. Tacóidh na páirtithe oideachais leis an obair sin agus déanfaidh siad í a chur chun cinn trí na cúig [Mheitheal Forbartha Bunscoile de chuid CNCM, an Bord don Luath-Óige agus don Bhunscoil](#), agus [an Chomhairle](#). I measc na bpríomhthosaíochtaí agus na bpríomhábhar machnaimh chun na sonraíochtaí a thabhairt chun críche, tá:

- Athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar Thorthaí Foghlama agus Conairí Dul Chun Cinn chun soiléireacht agus treoir níos fearr a thabhairt do mhúinteoirí ina gcuid ullmhúcháin agus cleachtais;
- An teanga agus an téarmaíocht a úsáidtear ar fud na gcáipéisí a chuíchóiríú ar mhaithe le comhsheasmhacht agus soiléireacht d'fhonn feabhas a chur ar an inrochtaineacht fhoriomlán;
- Fócas níos fearr ar thraidisiúin, oidhreacht agus cultúr na hÉireann; mar aon le staid na hÉireann san Eoraip;
- Soiléireacht níos fearr ar chineál, cuspóir agus ról an chomhtháthaithe agus an tsúgartha sa churaclam.

I ndiaidh na tréimhse plé sin ar fud struchtúir CNCM, roinnfear na sonraíochtaí curaclaim leis an Aire Oideachais lena mbreithniú in earrach 2025. An tráth céanna, an obair i dtaobh tacú le treoir do pleanáil/ullmhúchán agus teagasc curaclaim, cuirfear chun cinn í trí ábhair uirlisí úsáide a fhorbairt agus cleachtas a eiseamláiriú. A luaithe a chuirfear Curaclam athfhorbartha na Bunscoile i gcrích, cuimseofar ann *Creatchuraclam na Bunscoile* (RO, 2023), Sonraíochtaí Curaclaim agus na hUirlisí Úsáide ar Líne. Go suntasach, rachaidh CNCM i mbun plé leis an Roinn Oideachais, trína struchtúir, chun tacú leis an gcuraclam a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme sna blianta

amach romhainn, agus úsáid á baint as aiseolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin mar phríomhthagairt. Déantar é sin uile ar mhaithe le fíis an churaclaim a bhaint amach, a bhfuil sé d'aidhm aici:

Bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste chun go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhail de phobail agus den tsochaí i gcaitheamh a n-óige, de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunoideachas agus an t-oidreachas speisialta, agus tríd an iar-bhunoideachas. Agus é ag tógáil ar an taithí a bhí acu roimhe seo, féachtar ar pháistí mar dhaoine uathúla, ábalta agus comhbhách, agus ar mhúinteoirí mar ghairmithe tiomanta, sciliúla agus gníomhaíocha.

Tacaíonn sé le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán atá cuimsitheach agus fianaisebhunaithe agus aithníonn sé ceart gach páiste dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá gcuid foghlama agus forbartha (RO, 2023, 5).

Tagairtí

Braun, V. agus Clarke, V. (2006) 'Using thematic analysis in psychology'. *Qualitative Research in Psychology*, 3(2), lgh 77 – 101. An Oifig Stáiseanóireachta.

Comhairle na hEorpa (2001), *Common European framework of reference for languages (CEFR): learning, teaching, assessment*. Ar fáil ag: <https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/>

Rialtas na hÉireann (1999) *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, (2015) *Creat don tSraith Shóisearach*. Ar fáil ar: <https://ncca.ie/media/3145/creat-don-tsraith-shoisearach-2015.pdf>

An Roinn Oideachais (2023) *Curaclam Matamaitice na Bunscoile*. Ar fáil ar: <https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Mathematics/?lang=ga-ie>

An Roinn Oideachais (2023) *Creatchuraclam na Bunscoile*. Ar fáil ar: <https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/the-primary-curriculum-framework/>

An Roinn Oideachais (2024) *Cuir Fáilte roimh Theangacha - Modúl Sampla Teanga 2024/2025*. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/780eb-cuir-failte-roimh-theangacha-modul-sampla-teanga-202223/>

An tAcht Oideachais 1998, Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta. Ar fáil ar: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/51/enacted/en/html>

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta. Ar fáil ar: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2004/act/30/enacted/en/html>

An tAcht um Chomhionannas, 2004. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta. Ar fáil ar: <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2004/act/24/enacted/en/html>

Rialtas na hÉireann (2019) *Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann Ar fáil ar: <https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/curriculum-areas/primary-language/>

Rialtas na hÉireann (2021) *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta*. Ar fáil ar: <https://ncca.ie/media/5017/ullmhu-cha-n-don-teagasc-agus-don-fhoghlaim.pdf>

Rialtas na hÉireann (2023) *Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta*. Ar fáil ar: [gov.ie - Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití \(www.gov.ie\)](https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/780eb-cuir-failte-roimh-theangacha-modul-sampla-teanga-202223/)

Kiely, J., Haals Brosnan, M., Uí Chianáin, A., Colum, M. agus Dunne, C. (2022) *Report on the consultation with children on the Draft Primary Curriculum*. Ar fáil ar: [final-report-on-the-consultation-with-children-on-the-new-draft-primary-curriculum_june-2022.pdf \(ncca.ie\)](https://ncca.ie/final-report-on-the-consultation-with-children-on-the-new-draft-primary-curriculum_june-2022.pdf)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2007) *Assessment in the primary school curriculum: Guidelines for schools*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: <https://ncca.ie/media/1351/assessment-guidelines.pdf>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009) *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: <https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/>

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) (2017) *Comhairliúchán i dtaca leis na moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic: Tuarascáil deiridh*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/2717/consultationreport_gaeilge_feabhra.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) *Plean Straitéiseach, 2022–2025*. Ar fáil ar: [https://ncca.ie/media/5517/plean-straitiseach-2022-2025.pdf \(ncca.ie\)](https://ncca.ie/media/5517/plean-straitiseach-2022-2025.pdf)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024) *Dréachtsonraíocht Churaclam an Oideachais Ealaíon*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/iwkfuxyn/dréachtsonraíocht_curaclaim_oideachaisealaíon_2024.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024) *Dréachtsonraíocht an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil (OSI)*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/omlbczpz/dréachtsonraíocht_churaclam_anoideachaisshóisialta_2024.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024) *Dréachtsonraíocht Churaclam an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/hqgdkl3f/dréachtsonraíocht_oideachais-eolaíochta-teicneolaíochta-agus-innealtóireachta_ga.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024) *Dréachtsonraíocht Churaclam na Folláine*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/omlbczpz/dréachtsonraíocht_churaclam_anoideachaisshóisialta_2024.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024) *Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear dréachtchuraclam na Nuatheangacha Iasachta (NTI)*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/qvzf504h/dréachtchuraclamteanganabunscoile_nuatheangacha_iasachta.pdf

Teastas Eorpach na Gaeilge. Ar fáil ar: <https://www.teg.ie/>

Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. (1989) *United Nations convention on the rights of the child*. Ar fáil ar: <https://www.ohchr.org/en/instruments-mechanisms/instruments/convention-rights-child>

Aguisín A: Cumarsáid

Tá achoimre thíos ar phríomhghnéithe den Straitéis Cumarsáide a cuireadh i bhfeidhm le linn an chomhairliúcháin.

- D'eisigh CNCM preasráiteas ar dháta seolta an chomhairliúcháin (an 6 Márta) agus scaipeadh é ar pháirtithe leasmhara agus asraonta meán cumarsáide éagsúla. Bhí cruinniú roimh eisiúint an phreasráitis le comhfhreagraithe oideachais ar siúl an 5 Márta 2024.
- Suíomh gréasáin comhairliúcháin tiomnaithe ar ncca.ie. Bhí gné-ailt agus meirgí nuachta ar fud ncca.ie agus consultationonline.ie.
- Cuimsíodh roinnt míreanna nuachta in r-nuachtlitir CNCM info@ncca, a eisíodh chuig breis agus 9,000 síntiúsóir dhá uair i rith an chomhairliúcháin.
- Gníomhach ag lorg clúdaigh ón bpreas náisiúnta agus áitiúil. Foilsíodh ailt i raon leathan nuachtán (m.sh. Irish Times, Irish Examiner, Sunday Independent, Donegal Daily, Kilkenny People, Wicklow People agus Tipperary Live) agus na meáin ar líne (m.sh. journal.ie, newstalk.ie, joe.ie agus schooldays.ie).
- Rinneadh agallaimh ar fud cainéil raidió éagsúla, lena n-áirítear raidió náisiúnta agus áitiúil. Bhí gnéchláir bhreise ar chláir raidió i rith an chomhairliúcháin.
- Seoladh ríomhphost eolais chuig gach bunscoil agus scoil speisialta sa tír, lena n-áirítear nóta ar an gcomhairliúchán le roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí ina scoil.
- Bhí clúdach fairsing ar fud gach cainéil meán sóisialta de chuid CNCM (Facebook, Instagram, LinkedIn agus Twitter / X), inar cuireadh eolas ar fáil faoin gcomhairliúchán agus inar spreagadh rannpháirtíocht. Baineadh úsáid as líon beag poist bolscaireachta chun díriú ar spriocphobail agus imeachtaí fócasghrúpa a chur chun cinn.
- Chuathas faoi dhéin príomhpháirtithe leasmhara, ag lorg a gcuid tacaíochta maidir le feasacht a scaipeadh ar an gcomhairliúchán. Chuidigh na páirtithe leasmhara le heolas a roinnt faoin gcomhairliúchán trí nuachtlitreacha agus foilseacháin sheanbhunaithe, idir chinn fhisiciúla agus ar líne.
- Chuathas i mbun oibre le scoileanna i bhFóram Scoileanna CNCM chun cuidiú le feasacht a scaipeadh ar an méid a chuireann siad leis an bpróiseas forbartha agus chun rannpháirtíocht sa chomhairliúchán a spreagadh óna bpobail scoile níos leithne.
- Bhí mír theilifíse ar News2Day de chuid RTÉ dar teideal '*Children have their say on the Primary School curriculum*'.
- Rinneadh físeán bolscaireachta a fhorbairt agus a úsáid ina raibh glór páistí, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, seantuismitheoirí, CRSanna agus daoine eile, inar spreagadh an pobal lena gcuid a rá maidir leis na moltaí.
- Rinneadh bileog eolais a fhorbairt agus a dháileadh ina raibh cóid QR chun léitheoirí a thabhairt chomh fada le suíomh gréasáin an chomhairliúcháin.
- Freastalaíodh ar phríomhimeachtaí, agus baineadh leas as seastáin faisnéise, chun dul i dteagmháil le múinteoirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile, m.sh. Comhdháil Taighde ESAI (Maigh Nuad), Comhdháil Bhliantúil INTO (Doire) agus Fóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara SDG (Páirc an Chrócaigh).

Aguisín B: Aiseolas ar Thacaíochtaí maidir le Cur chun Feidhme an Churaclaim

Réamhrá

I rith an chomhairliúcháin, thug na rannpháirtithe aiseolas suntasach i ndáil le cur i bhfeidhm Churaclam athfhorbartha na Bunscoile, cé go raibh an comhairliúchán dírithe ar inneachar na ndruchtsonraíochtaí curaclaim. I gcomhréir le gealltanús CNCM maidir le tuairisc a thabhairt ar gach dearcadh a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin, leagtar amach san Aguisín seo an t-aiseolas ar chur i bhfeidhm. Ar an iomlán, mheas na rannpháirtithe nach mór tacaíochtaí a bheith ag gabháil leis an gcuraclam athfhorbartha lena chinntiú go dtabharfar isteach, go gcuirfear i bhfeidhm agus go leabófar go rathúil é. Tarraingíodh aird ar thacaíochtaí sna réimsí seo a leanas: maoiniú agus acmhainní a chur ar fáil; ceannaireacht; forbairt ghairmiúil; comhoibriú, cnuasú agus comhpháirtíochtaí; uirlisí úsáide; am; forbairt cumais; teachtaireachtaí; agus tacaíocht shonrach do NTI. Bhíothas den tuairim freisin go raibh sé ríthábhachtach tacú le folláine múinteoirí agus ceannairí scoile i rith an phróisis cur i bhfeidhm.

Maoiniú agus Acmhainní a Chur ar Fáil

Bhí na rannpháirtithe meáite ar an ngá le maoiniú agus acmhainní a chur ar fáil do Churaclam Athfhorbartha na Bunscoile. Ar na príomhphointí a tarraingíodh anuas, bhí:

- Teastóidh maoiniú agus acmhainní leordhóthanacha chun sonraíochtaí curaclaim nua na bunscoile a chur i bhfeidhm go rathúil. Beidh acmhainní ag teastáil ó scoileanna chun tacú le gach réimse den churaclam, lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta ar fud an churaclaim. Ba cheart acmhainní a dháileadh go cothrom i measc scoileanna.
- D'fhéadfaí acmhainní agus raon déantúsán atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de a chur ar fáil ar líne chun tacú leis an gcuraclam trí thairseach nó trí Ionaid Oideachais áitiúla / réigiúnacha. Thug na rannpháirtithe le fios go gcuirfidís fáilte roimh threoraíocht maidir le húsáid agus infhaighteacht acmhainní.
- Chuirfeadh na rannpháirtithe fáilte freisin roimh laghdú ar mhéid ranganna chun teagasc an churaclaim nua a éascú mar aon le treoraíocht maidir le cearta tuismitheoirí chun a iarraidh go roghnófaí nach mbeadh a bpáistí páirteach i ngnéithe áirithe den churaclam.

Ceannaireacht

Bhí aitheantas san aiseolas go bhfuil tionchar mór ag cultúr na scoile ar chur i bhfeidhm an churaclaim. Shainaithin na rannpháirtithe go raibh príomhról ag ceannairí scoile maidir le cultúr na scoile a mhúnlú agus cur i bhfeidhm an churaclaim a stiúradh ar leibhéal na scoile, agus luadh na príomhphointí seo a leanas mar chuid den aiseolas:

- Ní mór am a thabhairt do cheannairí scoile chun ciall a bhaint as na sonraíochtaí curaclaim nua. Ba cheart do ghairmithe ceannaireachta a bhfuil taithí acu a bheith i gceannas ar FGL do cheannairí scoile, agus ba cheart dul i mbun comhair le OIDE chun FGL a phleanáil do cheannairí scoile amach anseo.
- I measc na dtacaíochtaí riachtanacha eile a sainaithníodh, tá treoir maidir le ceannaireacht dháilte, am scaoilte do leas-phríomhoidí, agus poist freagrachta a athbhunú i gcás réimsí curaclaim ar leith, chun tacú leis an bpróiseas cur i bhfeidhm ar leibhéal na scoile.

Cuir Chuige i leith Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Thug na rannpháirtithe barúlacha an-soiléir maidir lena n-éileamh ar fhorbairt ghairmiúil chuimsitheach chun tacú leo agus na sonraíochtaí curaclaim nua á gcur i bhfeidhm. Leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le FGL ar fud an chórais oideachais, cé gur cuireadh roinnt inní in iúl maidir le tuirse FGL a d'fhéadfadh a bheith ann agus na sonraíochtaí nua á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. I measc cuid de na príomhthorthaí tá:

- B'fhearr leis na rannpháirtithe cur chuige ilmhódach / hibrideach i leith FGL, lena n-áirítear cur chuige éagsúla chun riachtanais múinteoirí agus ceannairí scoile agus éagsúlacht na gcomhthéacsanna scoile a léiriú.
- Mar shamplaí de chuir chuige i leith FGL ar glacadh go maith leo, luaigh na rannpháirtithe an cur chuige atá ann faoi láthair i leith FGL le haghaidh *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*, FGL a chuirtear ar fáil mar chuid de Thionscadal na Scoileanna Cruthaitheacha, agus an cur chuige céimnithe maidir le cur i bhfeidhm *Churaclam na Bunscoile 1999*. Ba léir ón aiseolas nach mbeadh samhail chascáideach oiriúnach, is múnla ina gcuirtear FGL ar fáil do roinnt múinteoirí i scoil agus dá réir sin cuireann siadsan FGL ar fáil dá gcomhghleacaithe.
- Chuirfí fáilte roimh chuir chuige phearsanta ar an láthair, cinn chumaiscthe agus cinn ar líne i leith FGL atá scoilbhunaithe, dírithe ar an scoil uile agus a bhaineann go sonrach le comhthéacs. Ina theannta sin, sainaitníodh gurbh fhearr samhail tacaíochta mharthanach, agus go ndéanfaí athbhreithnithe ar FGL sna céimeanna luatha lena shainaitint cé na tacaíochtaí breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.
- Moladh cur chuige bunaithe ar láidreachtaí ina mbeadh solúbthacht agus neamhspleáchas ag scoileanna chun an réimse curaclaim a rachaidís i ngleic leis ar dtús a roghnú. Le cur chuige den sórt sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar ábhair inní maidir le braistintí i dtaobh ordlathas na n-ábhar.
- D'iarr na rannpháirtithe freisin go mbeadh laethanta pleanála uile-scoile ann, rud a d'fhágfadh go ndúnfaí an scoil, agus tacaíocht ann ó Oide.
- Luaigh na rannpháirtithe an gá atá le FGL a thacaíonn le fíor-oideolaíocht atá freagrúil ó thaobh cultúir de, a bhaineann le pobail chleachtais; a chuimsíonn rochtain ar shaineolaithe i gcás inarb ábhartha maidir le topaicí; atá nasctha le cleachtas reatha; a thacaíonn le múinteoirí a gcuid acmhainní féin a fhorbairt; a chuireann le heolas cúlra múinteoirí agus ceannairí scoile; a chuireann treoir ar fáil maidir le foghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha; agus a léiríonn an chaoi a mbaineann agus a n-ailíníonn réimsí curaclaim le chéile.
- Moladh gur cheart córas painéal soláthair a chur ar fáil ar leibhéal an chórais chun múinteoirí agus ceannairí scoile a éascú le dul i mbun FGL.

Cnuasú, Pobail Chleachtais, Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí

D'aithin na rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le comhoibriú, comhpháirtíochtaí agus pobail chleachtais ar mhaithe le cleachtas a roinnt, pleanáil a dhéanamh le chéile agus foghlaim óna chéile chun tacú le cur i bhfeidhm sonraíochtaí curaclaim nua agus cumarsáid a mhéadú idir múinteoirí, ceannairí scoile agus scoileanna. I measc cuid de na príomhthorthaí faoin topaic seo bhí:

- Luaigh na rannpháirtithe gur beag deis a fhaigheann múinteoirí bunscoile le cleachtas a roinnt nó breathnú ar mhúinteoirí eile cé is moite den bhaint atá acu le *Droichead*. Tharraing na rannpháirtithe aird ar an acmhainneacht atá ann laistigh de scoileanna chun deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí le cleachtas agus smaointe a roinnt le comhghleacaithe, agus chun breathnú ar chleachtas trí staidéar ceachta, taispeáint ceachta, malartú ranga agus/nó comhroinnt scileanna.

- Féadfaidh pobail a bheith ina n-acmhainn thábhachtach do scoileanna. I measc samplaí de chomhpháirtíocht faoi lán seoil, tá Tionscadal na Scoileanna Cruthaitheacha agus Music Generation. Moladh go ndéanfaí naisc le healaíontóirí, gailearaithe agus gníomhaireachtaí sa phobal agus ar líne a chur ar fáil. Mhol tuismitheoirí ar den Lucht Siúil iad freisin go dtabharfaí cuireadh do chainteoirí/cheardaithe ón lucht siúil teacht isteach sa scoil chun a gcuid ceirde agus saineolais a roinnt ar mhaithe le gach leanbh.
- Moladh scoileanna comhchosúla a chnuasú chun comhoibriú a chumasú, cuir i gcás scoileanna speisialta ag cnuasú le chéile.
- Sainiúidh go raibh ról ag Ionaid Oideachais maidir le forbairt comhpháirtíochtaí agus líonrú scoileanna a éascú, bainc acmhainní a chruthú, agus scoileanna a chnuasú, go háirithe i ndáil le scoileanna beaga.
- Mhol na rannpháirtithe go mbeadh fáilte roimh threoirínte maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh le gairmithe seachtracha amhail síceolaithe.

Uirlisí Úsáide

Chuir na rannpháirtithe fáilte roimh mholtaí le haghaidh Uirlisí Úsáide ar Líne agus luaigh go raibh sé tábhachtach go dtugtar cothrom le dáta go rialta iad mar acmhainn bheo. I measc na bpríomhthorthaí eile faoin topaic seo bhí:

- Thug na rannpháirtithe le fios gurbh fhearr leo samplaí d'Uirlisí Úsáide a bheith ar fáil do chéim chur i bhfeidhm an churaclaim nó fiú níos luaithe chun rannpháirtíocht múinteoirí agus ceannairí scoile a spreagadh.
- Tharraing na rannpháirtithe aird ar an ngá atá le hUirlisí Úsáide a bheith inrochtana, praiticiúil agus inúsáidte, agus a bheith ionchuimsitheach maidir le suíomhanna ilghrád agus oideachais speisialta. Ba cheart go mbeadh na hUirlisí Úsáide ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon ag an am céanna.
- I measc na moltaí sonracha maidir le hacmhainní Uirlisí Úsáide, tá eiseamláiriú a dhéanamh ar an gcomhtháthú; cuir chuige oideolaíochta; foghlaim ar bhonn fiosraithe; oideolaíochtaí spráilúla; cruthaitheacht; agus torthaí foghlama agus measúnú sa chleachtas i gcás gach réimse curaclaim. Le hacmhainní den sórt sin, ba cheart comhthéacsanna réalaíocha agus barántúla a léiriú. Ina theannta sin, ba cheart treoraíocht a chur ar fáil le hUirlisí Úsáide maidir le planáil, plananna ceachta samplacha, agus acmhainní agus ábhair mholta; treoraíocht maidir le guth an scoláire; cumas gníomhúcháin daltaí; foghlaim amuigh faoin aer; obair allamuigh; folláine; foghlaim ar bhonn tionscadail; scileanna ríomhaireachtúla; inbhuanaitheacht; oideachas saoránachta; tacú le teangacha baile; intleacht shaorga; cultúr; téamaí foghlama domhanda; tionscadail chomhtháite; agus conairí tacaíochta breise.
- Dúirt tuismitheoirí ar den Lucht Siúil iad go bhfuil físeáin úsáideacha ar fáil ar líne ina dtaispeántar, mar shampla, samplaí d'earraí ceardaíochta an Lucht Siúil.
- Ba cheart cur le muinín agus inniúlacht na múinteoirí a fhorbairt i leith na sonraíochtaí nua leis na hUirlisí Úsáide.
- Ba cheart na hUirlisí Úsáide a bheith ar fáil do thuismitheoirí freisin.

Am

Tugadh le fios san aiseolas go bhfuil faitíos ar rannpháirtithe faoin ualach oibre méadaithe a bhaineann le cur i bhfeidhm an churaclaim nua. Dá bharr sin, is ríthábhachtach an cheist maidir le ham agus spás a cheadú chun ciall a bhaint as an gcuraclam nua agus le go bhféadfaidh an córas dul i ngleic leis, planáil a dhéanamh dó agus é a leabú. I measc na bpríomhthorthaí breise a bhain le topaic an 'ama', bhí:

- Tá soiléireacht ag teastáil maidir leis an amlíne don chur i bhfeidhm iomlán. Moltar na hathruithe curaclaim a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach.
- Tá gá le ham, go háirithe am scaoilte ionsuite, le haghaidh comhoibriú leanúnach laistigh de scoileanna, níos faide anonn ná céim chur i bhfeidhm an churaclaim, ar mhaithe le planáil uile-scoile agus léarscáiliú curaclaim chun tacú le curaclam ar bhonn torthaí foghlama a chur i bhfeidhm, agus chun cur chuige ar bhonn torthaí foghlama a chothú le himeacht aimsire.
- Tá gá le ham freisin chun acmhainní a fhorbairt, a aimsiú agus a ullmhú.

Cumas agus muinín an mhúinteora

Shainnithin na rannpháirtithe an gá atá leis na cúrsaí Oideachais Tosaigh Múinteoirí a thabhairt cothrom le dáta ar mhaithe le múinteoirí amach anseo a ullmhú chun na príomhtheachtaireachtaí a thuiscint agus curaclam ar bhonn torthaí foghlama a mhúineadh. I measc na bpríomhthorthaí breise a bhain leis an topaic ‘cumas agus muinín an mhúinteora’, bhí:

- Beidh gá le clár cuimsitheach forbartha gairmiúla le haghaidh gach múinteora agus ceannaire scoile atá sa chóras faoi láthair chun a muinín agus a n-inniúlacht a fhorbairt chun an curaclam athfhorbartha a mhúineadh.
- Beidh gá le tacaíocht chun an t-eolas agus an inniúlacht atá riachtanach don disciplín a fhorbairt ar fud na réimsí curaclaim uile.

Comhsheasmhacht agus teachtaireachtaí soiléire maidir le Príomhtheachtaireachtaí agus ailíniú

Mheas na rannpháirtithe gur ríthábhachtach feasacht a mhúscailt ar an gcuraclam athfhorbartha ar fud an chórais mar aon le comhoibriú straitéiseach idir na páirtithe leasmhara, agus luaigh go leor acu an t-aistriú chuig curaclam ar bhonn torthaí foghlama mar aistriú cultúrtha san oideachas bunscóile. I measc na bpríomhthorthaí breise a bhain leis topaic sin, bhí:

- Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé soiléireacht agus comhsheasmhacht na bpríomhtheachtaireachtaí a chinntiú i measc na bpáirtithe leasmhara uile sa chumarsáid uile a dhéantar chun tacú le hathrú leabaithe ar fud an chórais. Ba cheart comhthuiscintí ar na príomhtheachtaireachtaí a fhorbairt, mar shampla, comhthuiscint ar mheasúnú i gcuraclam comhtháite. Moltar físeán chun príomhtheachtaireachtaí agus cuspóir an oideachais a chur in iúl.
- Ní mór na hathruithe ó *Churaclam na Bunscóile 1999* a leagan amach agus go dtuigfeadh na páirtithe leasmhara uile iad. Ní mór athruithe atá beartaithe agus míniú ar théarmaíocht a chur in iúl do thuismitheoirí freisin.
- Bheadh sé úsáideach léarscáil churaclaim a bheith ann ina leagfaí amach an chaoi a n-oibríonn na comhphárteanna éagsúla den churaclam le chéile. Moltar úsáid a bhaint as grafaic faisnéise.
- Ba cheart ailíniú uile-chórais agus trasearnála a bheith ann ar fud na gcuraclam uile.
- Ba cheart ról comhairleach a bheith ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna le linn an phróisis cur i bhfeidhm, agus an méid a mbeifí ag súil leis maidir le cigireachtaí scoile a bheith soiléir agus trédhearcach.

Curaclam Teanga na Bunscóile – lena n-áireofar na Nuatheangacha lasachta

Is cuid nua de *Churaclam Teanga na Bunscóile* é an réimse Nuatheangacha lasachta (NTI). Léirítear san aiseolas go bhfuil inní ann maidir le tabhairt isteach NTI agus go bhfuil éilimh láidre ann ar thacaíocht shonrach. Is ann d’ábhair inní freisin maidir le cothromas i measc scoileanna maidir le soláthar NTI. I measc cuid de na príomhthorthaí tá:

- Tá gá le straitéis fhadtéarmach don chur i bhfeidhm le haghaidh NTI.

- Beidh gá le muinín agus inniúlacht an mhúinteora a fhorbairt maidir le NTI a theagasc ó tharla gur gné nua de churaclam na bunscoile é. Tá cuimsiú NTI in Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus i bhforbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile atá ann faoi láthair lárnach chun an mhúinín agus an inniúlacht sin a fhorbairt. Ba cheart a chuimsiú in FGL feasacht teanga, cuir chuige ilteangacha, oideolaíochtaí, agus forbairt inniúlachtaí sa tríú teanga agus i dteangacha breise.
- Moladh gur cheart cláir mhaoinithe nuatheangacha a bheith ar fáil in Ionaid Oideachais nó ollscoileanna chun ardinniúlacht teagaisc i nuatheangacha a fhorbairt. Ba cheart FTCE a úsáid chun tacú le forbairt muiníne agus inniúlachta teanga. Moladh freisin go bhféadfaí múinteoirí NTI speisialaithe a cheapadh.
- Moladh an Modúl Sampla ‘Cuir Fáilte roimh Theangacha’ mar shamhail chun NTI a thabhairt isteach agus a fhorbairt, ag tógáil ar ‘Nascann teanga sinn lena chéile’ agus Pasanna Foghlama Teanga do pháistí. Thug na rannpháirtithe le fios go mbeadh sé úsáideach treoraíocht a bheith ann maidir le NTI oiriúnach a roghnú dá gcomhthéacs.
- Ba cheart Uirlisí Úsáide NTI a chur ar fáil, ina gcuimseofaí samplaí d’oideolaíochtaí sa chleachtas; úsáid FCÁT; treoraíocht maidir le fuaimniú agus gramadach; obair bheirte; cluichí teanga; úsáid teanga bharántúil; samplaí d’fhíseáin; TCÉ; agus measúnú in NTI. D’fhéadfadh ábhair chlóite ar ardchaighdeán a bheith úsáideach freisin. Ba cheart treoraíocht a chur ar fáil sna hUirlisí Úsáide maidir leis an inneachar do gach toradh foghlama; tacú le teangacha baile; cultúir a cheiliúradh agus a chomhtháthú; agus intleacht shaorga i bhfoghlaím teangacha. Tá gá le soiléireacht maidir leis an dul chun cinn ó chéim 3 go céim 4 agus an chaoi a gcuirtear bonn ar fáil i gcéim 3 le haghaidh chéim 4.
- Ba cheart cláir amhail Ríomhnascadh agus Erasmus a spreagadh.
- Ní mór tacaíochtaí a fhorbairt chun páistí a bhfuil riachtanais speisialta nó bhreise acu a ionchuimsiú in eispéiris foghlama teanga.
- Ba cheart tacaíochtaí a bheith ar fáil do thuismitheoirí maidir le NTI.
- Ba cheart comhpháirtíochtaí leis an bpobal, agus le hiar-bhunscoileanna sa phobal, a fhiosrú d’fhonn tacú le NTI i mbunscoileanna agus ionchais a shoiléiriú agus a bhainistiú.

Aguisín C: Mionsonraí modheolaíochta

Bailiú Sonraí

Fócasghrúpaí

Fócasghrúpaí pearsanta ar an láthair le múinteoirí agus ceannairí scoile: Suíomhanna na nIonad Oideachais:

Láthair Tionóil – Ionad Oideachais	Pobal	Dáta	Am
Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain	Múinteoirí agus príomhoidí	13 Márta	3:45 - 5:15pm
Co. an Chabháin (Cavan Crystal Hotel)	Múinteoirí agus príomhoidí	19 Márta	3:45 - 5:15pm
Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar	Múinteoirí agus príomhoidí	20 Márta	3:45 - 5:15pm
Ionad Múinteoirí Phort Láirge	Múinteoirí agus príomhoidí	An 21 Márta	3:45 - 5:15pm
Ionad Oideachais Shligigh	Múinteoirí agus príomhoidí	9 Aibreán	3:45 - 5:15pm
Ionad Oideachais Chorcaí	Múinteoirí agus príomhoidí	10 Aibreán	3:45 - 5:15pm
Ionad Oideachais na Gaillimhe	Múinteoirí agus príomhoidí	16 Aibreán	3:45 - 5:15pm

Ina theannta sin, thacaigh CNCM le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí maidir le himeacht Fócasghrúpa ina rabhtas i láthair go pearsanta a reáchtáil do thuismitheoirí ar an 11 Bealtaine san Ashling Hotel i mBaile Átha Cliath. Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil agus aitheantas a thabhairt do na heagraíochtaí seo a leanas freisin as a gcúnamh maidir le fócasghrúpaí ina rabhtas i láthair go pearsanta a éascú le thuismitheoirí/caomhnóirí ó chúlraí éagsúla:

- Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe
- Young Ballymun, Baile Átha Cliath
- Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Bracken, Baile Brigín
- Tionscadal Rae Bedford, Luimneach
- EPIC – *Empowering People in Care*, Baile Átha Cliath
- Lárionad Cóiríochta Bhóthar Chionn tSáile le haghaidh Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, Corcaigh
- Irish Foster Care Association
- Fostering First Ireland

Reáchtáladh **fócasghrúpaí ar líne** ar an ardán Zoom, agus imeacht amháin ar líne ann in aghaidh an réimse curaclaim:

Réimse curaclaim	Dáta	Am
------------------	------	----

Curaclam Teanga na Bunscoile lena n-áirítear NTI	17 Aibreán	7-8pm
Oideachas Ealaíon	18 Aibreán	7-8pm
Folláine	23 Aibreán	7-8pm
Oideachas Sóisialta agus Imshaoil	24 Aibreán	7-8pm
Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta	25 Aibreán	7-8pm
Tuismitheoirí / caomhnóirí	7 Márta	7-8.15pm
Grúpa na Múinteoirí Imirceacha i gcomhar le hInstitiúid Oideachais Marino	22 Bealtaine	4-5pm

Cruinnithe Déthaobhacha

Reáchtáladh cruinnithe déthaobhacha leis na grúpaí seo a leanas:

Eagraíochtaí Leasmhara
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
Grúpa Gaeilge – Conradh na Gaeilge, Gaeloideachas, Gael Linn, An Foras Pátrúnachta, Sealbhú
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (Bunscoileanna Pobail)
Cumann Bainistíochta Bunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)
Bord Oideachais Eaglais na hÉireann
Ag Foghlaim le Chéile
An Bord Moslamach Oideachais
Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
An Chomhairle Ealaíon

Comhdháil Chomhairliúcháin

Le cois na ngníomhaíochtaí bailithe aiseolais a ndearnadh tagairt dóibh sa tuarascáil, thug an fhoireann taighde in Institiúid Marino a bhí i mbun an chomhairliúcháin le páistí agus an fhoireann taighde sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a bhí i mbun an Staidéir *Saol Scoile Páistí*, eochair-chuir i láthair. Bhí páistí i láthair, mar aon lena múinteoirí, tuismitheoirí, CRSanna agus ceannairí scoile, ó na cúig scoil áitiúla a ghlac páirt i bhfíseán ‘Eispéiris ón seomra ranga’ a taispeánadh ag tús

na comhdhála. Le linn plé painéil le deichniúr páistí ó na scoileanna sin, iarradh orthu tuilleadh a rá faoi ghnéithe den fhíseán agus eispéiris seomra ranga dá rogha féin. Rinne News2Day de chuid RTÉ mír theilifíse dar teideal ‘*Children have their say on the Primary School curriculum*’ ón gcomhdháil.

Líonraí Scoileanna

Ghlac 25 bunscoil agus scoil speisialta ar an iomlán páirt sna líonraí. Bhí na líonraí ionadaíoch ar réimse de chomhthéacsanna agus áiteanna scoileanna, lena n-áirítear: scoil uirbeach DEIS, scoil tuaithe DEIS, Gaelscoil, scoileanna speisialta, scoileanna a bhfuil ranganna speisialta iontu, scoil bheag tuaithe agus scoil mhór uirbeach. Dhírigh gach líonra de chúig scoil ar réimse curaclaim amháin. Reáchtáladh roinnt cruinnithe ina rabhtas ar an láthair go pearsanta de na scoileanna uile a raibh baint acu sna líonraí éagsúla, chomh maith le cruinnithe ar líne agus fócasghrúpaí laistigh de scoileanna a stiúir foirne CNCM. Bailíodh aiseolas domhain agus moltaí praiticiúla maidir leis na dréachtsonraíochtaí a bheachtú agus a fheabhsú trí phlé agus ceardlanna leis na múinteoirí rannpháirteacha.

Éascú/Glacadh nótaí

D'éascaigh foireann CNCM na cruinnithe déthaobhacha, na fócasghrúpaí (go pearsanta ar an láthair agus ar líne), rannpháirtíocht na líonraí scoileanna agus na pléghrúpaí ag an gComhdháil Chomhairliúcháin. Rinne glacadóirí nótaí de chuid CNCM na pléití a thaifeadadh. Láithreach bonn tar éis dheireadh aon imeachta ar leith, rinne na héascaitheoirí agus na glacadóirí nótaí athbhreithniú ar na nótaí lena chinntiú go rabhtas tar éis na dearcthaí uile a ghabháil. D'úsáid na glacadóirí nótaí na teimpléid ceisteanna chun na nótaí loma a eagrú.

Ceistneoirí

I gcás oideoirí, cuireadh ceistneoir ar leith ar fáil le haghaidh gach réimse curaclaim, chomh maith le ceistneoir chun aiseolas a bhailiú ar an ailíniú leis na Príomhtheachtaireachtaí. Tar éis comhairle a fháil ó na grúpaí ionadaíocha, dearadh ceistneoir aonair do thuismitheoirí. Cuimsíodh deiseanna sna ceistneoirí uile le haghaidh aiseolas i scríbhinn chomh maith leis an raon ceisteanna rangaithe agus Scála Likert.

Léargas ar bhailiú aiseolais

Modh comhairliúcháin	Rannpháirtithe	Líon
Cruinnithe déthaobhacha	Eagraíochtaí agus grúpaí leasmhara	11 chruinniú
Ceistneoirí agus líon na bhfreagraí a fuarthas		
Ceistneoir ar líne: Oideachas Ealaíon	Oideoirí	235
Ceistneoir ar líne: Nuatheangacha Iasachta	Oideoirí	457
Ceistneoir ar líne: Oideachas Sóisialta agus Imshaoil	Oideoirí	136

Ceistneoir ar líne: Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta	Oideoirí	137
Ceistneoir ar líne: Folláine	Oideoirí	196
Ceistneoir ar líne: Ailíniú le <i>Creatchuraclam na Bunscoile</i>	Oideoirí	95
Ceistneoir ar líne	Tuismitheoirí	615
<u>Grúpaí Fócais</u>	Múinteoirí, Ceannairí Scoile, Tuismitheoirí	341
<u>Comhdháil Chomhairliúcháin</u>	Páirtithe Leasmhara an Oideachais	Thart ar 200 duine
<u>Aighneachtaí i scríbhinn</u>	Daoine aonair agus eagraíochtaí	1102 ⁵

Anailís ar Aiseolas

Plean anailíse sé chéim mar a leanas:

1. Aithne a chur ar an aiseolas
2. Cóid tosaigh a ghiniúint
3. Téamaí a chuardach
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar théamaí
5. Téamaí a shainmhíniú agus a ainmniú
6. An tuarascáil a chur i dtoll a chéile

Foinse: Braun, V. agus Clarke, V. (2006) 'Using thematic analysis in psychology'. *Qualitative Research in Psychology*, 3, 77 – 101.

Príomhtheachtaireachtaí

Chuir na príomhtheachtaireachtaí seo a leanas a bhain leis an Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile (AACB) bonn eolais faoin mbailiú sonraí maidir leis an ailíniú idir na

⁵ Thart ar 16% de na heagraíochtaí/grúpaí agus 60% de na daoine aonair a rinne aighneachtaí, níor thug siad cead a n-aighneacht a fhoilsiú. Féach an chuid seo a leanas maidir le hAighneachtaí.

dréacht-Sonraíochtaí Curaclaim agus *Creatchuraclam na Bunscoile*. Déantar na sonraí sin a chatagóiriú mar Thorthaí maidir le Príomhtheachtaireachtaí an Athbhreithnithe agus na hAthfhorbartha ar Churaclam na Bunscoile (AACB).

1. Tógáil ar **rath agus ar láidreachtaí churaclam 1999** ar nós an sult a bhaineann an páiste as an bhfoghlaim agus an úsáid mhéadaithe a bhaineann na múinteoirí as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí. Freagairt ar **phríomhdhúshláin** a d'aithin scoileanna ar nós ró-ualach an churaclaim agus an measúnú a úsáid ar bhealach stuama chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim.
2. Aitheantas a thabhairt dá thábhachtaí atá **cumas gníomhúcháin agus solúbthacht do scoileanna**, na comhthéacsanna scoile éagsúla atá inár gcóras, agus ag déanamh soláthair do thimpeallachtaí foghlama a thacaíonn leis an bhfoghlaim a dhéanann gach páiste. Solúbthacht a mhéadú do scoileanna i dtéarmaí pleanála agus socrú amchláir.
3. Tacú leis na **haistrithe idir an baile, an réamhscoil agus an iar-bhunscoil** ach fíís a chur ar fáil le haghaidh fhoghlaim an pháiste in imeacht ocht mbliana na bunscoile a nascann leis na heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí *Aistear* agus a nascann an fhoghlaim sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.
4. Freagairt ar **thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste** agus seacht bpríomhinniúlacht a leabú ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé. Tuilleadh ama agus feiceálachta a thabhairt don fholláine, nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach ó rang a trí, réimse an oideachais ealaíon a leathnú agus an bhéim ar theicneolaíocht a mhéadú.
5. **Tacú le réimse cur chuige agus straitéisí oideolaíochta, agus an measúnú lárnach don teagasc agus don fhoghlaim**. Béim a chur ar an tábhacht atá le comhtháthú an churaclaim, ar chleachtas ionchuimsitheach, ar fhoghlaim bunaithe ar fhiosrúchán agus ar oideolaíocht spráúil. Aitheantas a thabhairt don mheasúnú mar chuid lárnach de chleachtas laethúil an mhúinteora.

Aighneachtaí Scríofa

Bailiú aiseolais

Chuir CNCM gairm oscailte amach ar fhreagraí ó pháirtithe leasmhara (páistí, tuismitheoirí, múinteoirí agus ceannairí scoile), acadóirí, agus páirtithe leasmhara eile maidir lena gcuid dearchtaí i ndáil le Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile. Scaipeadh na mionsonraí trí chainéil pháirtithe leasmhara CNCM agus ar líne trí shuíomh gréasáin agus cainéil meán sóisialta CNCM.

Tréimhse comhairliúcháin

Bailíodh aiseolas idir Márta agus Meitheamh 2024. Cuireadh síneadh leis an spriocdháta tosaigh, 5.00 i.n. ar an 7 Meitheamh 2024, go dtí na 5.00 i.n. ar an 18 Meitheamh 2024.

Ionstraimí agus formáid aighneachtaí

Bailíodh aighneachtaí i scríbhinn trí dhá ionstraim – Foirm MS ar líne agus aighneacht ríomhphoist oscailte chuig CNCM. San fhoirm MS ar líne bailíodh freagraí ar (1) leanúnachas na ndr éachtsonraíochtaí curaclaim le *Creatchuraclam na Bunscoile*, (2) freagraí ar na Dréachtsonraíochtaí aonair le haghaidh Churaclam na Bunscoile agus (3) barúlacha breise maidir le tacaíochtaí féideartha chun an curaclam a chur i bhfeidhm i scoileanna. Níor éilíodh aon fhoirmáid aiseolais ar leith don aighneacht ríomhphoist oscailte. Bhí éagsúlacht sna freagraí a fuarthas tríd an bhformáid seo ó na cinn a lean formáid na foirme MS agus na cinn siúd inar úsáideadh formáid saorfhoirme.

Mionsonraí na rannpháirtithe agus ceadanna foilsithe

Bailíodh mionsonraí na rannpháirtithe ar an bhfoirm MS ar líne. Roghnaigh na rannpháirtithe iad féin cibé acu a bhí a n-aighneacht ina freagra mar dhuine aonair nó mar eagraíocht nó comhlacht. Rinneadh an t-aiseolas a ghrúpáil agus a anailísiú de réir na bhfochatagóirí sin.

Ina theannta sin, iarradh ar na rannpháirtithe cé acu a bhí nó nach raibh siad sásta a bheith liostaithe mar rannpháirtí sa chomhairliúchán agus a n-aighneacht a bheith foilsithe ar líne. Léiríonn an t-aiseolas a chuirtear i láthair i gCuid 4 den tuarascáil seo na haighneachtaí uile a fuarthas tríd an bhfoirm MS agus ar ríomhphost. Mar sin féin, tá cuid de na haighneachtaí sin a bhfuarthas cead ina leith ar fáil le breathnú orthu i gcáipéis bhreise a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Mionsonraí na rannpháirtithe a bailíodh laistigh den Fhoirm MS

1. Táim ag freagairt (a) mar dhuine aonair, (b) thar ceann eagraíochta nó comhlachta
2. Ainm na heagraíochta nó an chomhlachta _____
3. An bhfuil tú sásta a bheith liostaithe mar rannpháirtí sa chomhairliúchán? (a) Tá, (b) Níl
4. An bhfuil tú sásta go bhfoilseofar d'aighneacht? (a) Tá, (b) Níl

Treochtaí san aiseolas / Rannpháirtithe

Na rannpháirtithe siúd a shainaithin iad féin mar 'eagraíocht nó comhlacht', bhí ionadaíocht acu d'eagraíochtaí oideachais, coláistí oideachais, eagraíochtaí reiligiúnacha, carthanais, eagraíochtaí a bhfuil sainchúram orthu laistigh de na réimsí curaclaim sonracha faoi chomhairliúchán, grúpaí sainleasa sna réimsí curaclaim faoi chomhairliúchán agus soláthraithe earraí agus seirbhísí sna réimsí curaclaim faoi chomhairliúchán.

I measc na rannpháirtithe úd a shainaithin iad féin mar 'dhaoine aonair', bhí múinteoirí, ceannairí scoile, comhlachtaí bainistíochta scoile, tuismitheoirí agus daoine eile den phobal. D'fhéadfaí cuid de na haighneachtaí a fuarthas ó dhaoine aonair a ghrúpáil le chéile toisc go raibh ábhar díreach mar an gcéanna nó focal ar fhocal iontu. Ba chosúil gur cuireadh isteach iad mar fhreagra ar thionscnaimh éagsúla (ar líne nó eile), inar chuir eagraíocht teimpléid freagartha ar fáil le haghaidh aighneachtaí aonair. Ábhair imní a cuireadh in iúl trí fhreagraí réamhfhormáidithe, arna n-ullmhú ag eagraíocht, a bhí dírithe thart ar Thorthaí Foghlama a airbheartaíodh go mícheart a bheith mar chuid de na dréachtsonraíochtaí, éileamh go gcuirfí an próiseas comhairliúcháin ar stad toisc gur measadh go raibh na dréachtsonraíochtaí neamhiomlán gan na huirlisí úsáide gaolmhara (agus an t-inneachar gaolmhar) a bheidh ag gabháil leo amach anseo agus cur i gcoinne Torthaí Foghlama ar leith ar chúiseanna reiligiúnacha nó morálta. D'fhéadfadh sé gurb é is saintréith ag na haighneachtaí sin ná gur cuireadh isteach diadid ar ndiaidh iad, inar léiríodh le hord leanúnach na ndátaí aighneachtaí go raibh grúpálacha de chineálacha freagraí tiomsaithe le chéile ag pointí áirithe ama.

Méid an tsampla

Líon iomlán na n-aighneachtaí a fuarthas

Ionstraim	Áireamh (n)	Áireamh coigeartaithe (n)
-----------	-------------	---------------------------

Faighte trí fhoirm MS ar líne	430	317*
Faighte ar ríomhphost	672	672
IOMLÁN	1,102	989

*Laghdaíodh an 430 aighneacht a fuarthas tríd an bhfoirm MS ar líne go 317 cinn nuair a baineadh foirmeacha bána.

Anailís ar shonraí

Rinneadh anailís ar na freagraí ó eagraíochtaí agus grúpaí ar dtús, agus ansin na cinn ó dhaoine aonair. Rinneadh anailís ar na tacair sonraí ó gach cohórt ach úsáid a bhaint as modheolaíocht Braun agus Clarke le haghaidh anailís théamach (2006). Cuirtear na torthaí ó gach ceann de na cohóirt i láthair i Roinn 4.

Aguisín D: Sceidil na bhFócasghrúpaí

Grúpaí Fócais ar an láthair go pearsanta, 2024: Treoir/nótaí an éascaitheora

1	Cuir tú féin i láthair le do thoil agus inis dúinn go gonta cén fáth go bhfuil tú i láthair inniu.	
2	<p>Conas a thógann dréachtsonraíochtaí ar churaclam 1999 dar leat?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Freagairt do dhúshláin, riachtanais agus do thosaíochtaí a bhíonn ag athrú</i></p> <p><i>Fís an pháiste / an mhúinteora</i></p> <p><i>Ró-ualach curaclaim</i></p> <p><i>Ionchuimsiú</i></p> <p><i>Ilchinedálacht ó thaobh comhthéacs scoile agus an tseomra ranga de</i></p> <p><i>Athruithe in oideolaíocht / i gcuir chuige i leith an mheasúnaithe</i></p>	
3	<p>An bhfeiceann tú acmhainneacht don chumas gníomhúcháin agus don tsolúbthacht laistigh den tsonraíocht?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Torthaí Foghlama</i></p> <p><i>Leithdháiltí ama</i></p> <p><i>Comhtháthú</i></p> <p><i>Cuir chuige oideolaíochta</i></p> <p><i>Cuir chuige i leith an mheasúnaithe</i></p>	
4	<p>Ar mhaith le duine ar bith tuairim a roinnt ar an gcaoi a dtacaíonn na dréachtsonraíochtaí le páistí ag teacht isteach sna naíonáin shóisearacha, ag bogadh ar aghaidh ó rang go rang agus ag dul ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Aistear agus an Creat don tSraith Shóisearach</i></p>	

	<p><i>Foghlaim spráúil agus tharraingteach ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé</i></p> <p><i>Dul chun cinn i dTorthaí Foghlama</i></p> <p><i>Aistrithe</i></p> <p><i>Oideachas speisialta i seomraí ranga príomhshrutha</i></p>	
5	<p>Cad é do dhearcadh ar an gcaoi a gcuirtear foghlaim, teagasc, agus measúnú i láthair sna sonraíochtaí?</p> <p>(nó in aon sonraíocht ar leith a bhfuil spéis ar leith agat inti)</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Caibidil 5 Torthaí Foghlama</i></p> <p><i>Príomhinniúlachtaí atá follasach sna Torthaí Foghlama</i></p> <p><i>Caibidil 6 Curaclam i gCleachtas</i></p> <p><i>Eispéiris foghlama spráúla agus tharraingteacha (Oideolaíochtaí)</i></p> <p><i>Measúnú atá lárnach i leith foghlama agus teagaisc</i></p>	
6	<p>Beidh Uirlisí Úsáide ar Líne á bhforbairt ag CNCM do gach réimse nua curaclaim. Cuirfidh na hUirlisí Úsáide tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí. Cad iad na cineálacha tacaíochtaí ba mhaith leat a fheiceáil san áireamh sna hUirlisí Úsáide?</p>	
7	<p>Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm na ndr éachtsonraíochtaí curaclaim?</p>	
8	<p>Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis é a lua go dtí seo?</p>	

Grúpaí Fócais ar an láthair go pearsanta ar Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile, 2024

	<p>Cuir tú féin i láthair le do thoil agus inis dúinn cén fáth go bhfuil tú i láthair inniu.</p>	
1	<p>Conas a thógann dréachtsonraíochtaí ar churaclam 1999 dar leat?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Freagairt do dhúshláin, riachtanais agus do thosaíochtaí a bhíonn ag athrú</i></p> <p><i>Fís an pháiste / an mhúinteora</i></p>	

	<p><i>Ró-ualach curaclaim</i></p> <p><i>Ionchuimsiú</i></p> <p><i>Ilchineálacht ó thaobh comhthéacs scoile agus an tseomra ranga de</i></p> <p><i>Athruithe in oideolaíocht / i gcuir chuige i leith an mheasúnaithe</i></p>	
2	<p>An bhfeiceann tú acmhainneacht don chumas gníomhúcháin agus don tsolúbthacht laistigh den tsonraíocht?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Torthaí Foghlama</i></p> <p><i>Leithdháiltí ama</i></p> <p><i>Comhtháthú</i></p> <p><i>Cuir chuige oideolaíochta</i></p> <p><i>Cuir chuige i leith an mheasúnaithe</i></p>	
3	<p>Ar mhaith le duine ar bith tuairim a roinnt ar an gcaoi a dtacaíonn na dréachtsonraíochtaí le páistí ag teacht isteach sna naíonáin shóisearacha, ag bogadh ar aghaidh ó rang go rang agus ag dul ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Aistear agus an Creat don tSraith Shóisearach</i></p> <p><i>Foghlaim spráúil agus tharraingteach ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé</i></p> <p><i>Dul chun cinn i dTorthaí Foghlama</i></p> <p><i>Aistrithe</i></p> <p><i>Oideachas speisialta i seomraí ranga príomhshrutha</i></p>	
4	<p>Cad é do dhearcadh ar an gcaoi a gcuirtear foghlaim, teagasc, agus measúnú i láthair sna sonraíochtaí?</p> <p>(nó in aon sonraíocht ar leith a bhfuil spéis ar leith agat inti)</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Caibidil 5 Torthaí Foghlama</i></p> <p><i>Caibidil 6 Curaclam i gCleachtas</i></p>	

	<i>Eispéiris foghlama spráúla agus tharraingteacha (Oideolaíochtaí)</i> <i>Measúnú atá lárnach i leith foghlama agus teagaisc</i>	
5	Beidh Uirlisí Úsáide ar Líne á bhforbairt ag CNCM do gach réimse nua curaclaim. Cuirfidh na hUirlisí Úsáide tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí. Cad iad na cineálacha tacaíochtaí ba mhaith leat a fheiceáil san áireamh sna hUirlisí Úsáide?	
6	Cad iad na tacaíochtaí a theastóidh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm na ndrúchtsonraíochtaí curaclaim?	
7	Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis é a lua go dtí seo?	

Fócasghrúpaí Ar Líne, 2024: Treoir/nótaí an éascaitheora

Dréachtchuraclam an Oideachais Ealaíon

1	Cur in aithne gairid Cuir tú féin in aithne agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréachtsonraíocht churaclam na nEalaíon ar an iomlán.	
2	Cad iad do thuairimí ar Chaibidlí 1, 2 agus 3 (An Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna)?	
3	Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 4 (Na Snáitheanna)? Leideanna, má bhíonn gá leo: <i>An eagraíonn na Snáitheanna foghlaim agus teagasc go héifeachtúil?</i> <i>An ndéantar cur síos iontu ar an 'gcaoi' a bhfoghlaímíonn na páistí in Ealaíon, Drámaíocht agus Ceol?</i>	
4	Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 5 (Na Torthaí Foghlama)? Leideanna, má bhíonn gá leo: <i>Céim 1 agus Céim 2</i> <i>Céim 3 agus Céim 4 - Ealaíon, Drámaíocht agus Ceol</i> <i>Torthaí comhtháite - spás chun Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile a chomhcheangal, lena n-áirítear Damhsa agus Ealaíona na Meán</i> <i>Na Coincheapa agus Aguisíní</i>	
5	Cén chaoi a bhfuil na Príomhinniúlachtaí le feiceáil sna Torthaí Foghlama i gCaibidil 5?	

	<p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An bhfuil túsli treacha na bPríomhinniúlachtaí gaolmhara ina gcuidiú faoi gach TF?</i></p>	
6	<p>I gCaibidil 6 (An Curaclam i gCleachtas) cuirtear treoraíocht ar fáil maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán. Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 6?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Fís an pháiste mar dhéantóir ealaíon</i></p> <p><i>Na hoideolaíochtaí inaitheanta: Cruthaitheacht; Súgradh; Comhtháthú; Cuir Chuige Chéadfacha agus Chorpraithe; Freagrúlacht Chultúrtha; Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí Measúnú</i></p>	
7	<p>Beidh Uirlisí Úsáide ar Líne á bhforbairt ag CNCM do gach réimse nua curaclaim. Cuirfidh na hUirlisí Úsáide tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí. Cad iad na cineálacha tacaíochtaí ba mhaith leat a fheiceáil san áireamh sna hUirlisí Úsáide do na hEalaíona?</p>	
8	<p>Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm Churaclam na nEalaíon?</p>	
9	<p>Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis é a lua go dtí seo?</p>	

Dréachtchuraclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil

1	<p>Cur in aithne gairid</p> <p>Cuir tú féin in aithne agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréachtsonraíocht churaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil ar an iomlán.</p>	
2	<p>Cad iad do thuairimí ar Chaibidlí 1, 2 agus 3 (An Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna)?</p>	
3	<p>Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 4 (Na Snáitheanna agus Gnéithe)?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An eagraíonn na Snáitheanna foghlaim agus teagasc go héifeachtúil?</i></p> <p><i>An ndéantar cur síos sna Gnéithe ar an 'gcaoi' a bhfoghlaimíonn na páistí sa Stair agus Tíreolaíocht?</i></p>	
4	<p>Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 5 (Na Torthaí Foghlama)?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p>	

	<p><i>TFanna comhtháite ag Céim 1 agus Céim 2</i></p> <p><i>Céim 3 agus Céim 4 – Stair agus Tíreolaíocht ina n-ionchorpraítear foghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha</i></p> <p><i>Ag obair mar Staráí/Geografaí - Coincheapa agus scileanna atá le sonrú ann ar fad agus in Aguisín 1</i></p>	
5	<p>Cén chaoi a bhfuil na Príomhinniúlachtaí le feiceáil sna Torthaí Foghlama i gCaibidil 5?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An bhfuil túslireacha na bPríomhinniúlachtaí gaolmhara ina gcuidiú faoi gach TF?</i></p>	
6	<p>I gCaibidil 6 (An Curaclam i gCleachtas) cuirtear treoraíocht ar fáil maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán. Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 6?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Fís an pháiste Ag Obair mar Staráí/Tíreolaí</i></p> <p><i>Na hoideolaíochtaí inaitheanta: Fiosrúchán; Súgradh spraiúil; Scéal; Foghlaim áitbhunaithe agus obair allamuigh faoin aer; Oideolaíocht dhialógach; Scileanna digiteacha a chur i bhfeidhm/Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta</i></p> <p><i>Measúnú – Oiriúnach le haghaidh OSI</i></p>	
7	<p>Beidh Uirlisí Úsáide ar Líne á bhforbairt ag CNCM do gach réimse nua curaclaim. Cuirfidh na hUirlisí Úsáide tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí. Cad iad na cineálacha tacaíochtaí ba mhaith leat a fheiceáil san áireamh sna hUirlisí Úsáide le haghaidh OSI?</p>	
8	<p>Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm Churaclam an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil?</p>	
9	<p>Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis é a lua go dtí seo?</p>	

Dréachtchuraclam an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta

1	<p>Cur in aithne gairid</p> <p>Cuir tú féin in aithne agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréachtsonraíocht churaclam an Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta ar an iomlán.</p>	
2	<p>Cad iad do thuairimí ar Chaibidlí 1, 2 agus 3 (An Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna)?</p>	

3	<p>Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 4 (Na Snáitheanna agus Gnéithe)?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An eagraíonn na Snáitheanna foghlaim agus teagasc go héifeachtúil?</i></p> <p><i>An ndéantar cur síos sna Gnéithe ar an 'gcaoi' a bhfoghlaímíonn na páistí in ETI?</i></p>	
4	<p>Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 5 (Na Torthaí Foghlama)?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An fhoghlaim a bhfuil coinne léi agus forbairt scileanna</i></p> <p><i>Dul chun cinn ar fud na gceithre chéim</i></p> <p><i>Ról na gcoincheap</i></p> <p><i>Tacú le cumas gníomhúcháin múinteoirí</i></p> <p><i>Tacú leis na páistí chun guth agus rogha a bheith acu ina gcuid foghlama</i></p>	
5	<p>Cén chaoi a bhfuil na Príomhinniúlachtaí le feiceáil sna Torthaí Foghlama i gCaibidil 5?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An bhfuil túsli treacha na bPríomhinniúlachtaí gaolmhara ina gcuidiú faoi gach TF?</i></p>	
6	<p>I gCaibidil 6 (An Curaclam i gCleachtas) cuirtear treoraíocht ar fáil maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán. Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 6?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Na heispéiris foghlama ar a bhfuil breac-chuntas i gCaibidil 6a?</i></p> <p><i>Cur i láthair agus soiléireacht na n-oideolaíochtaí?</i></p> <p><i>Modhanna measúnaithe?</i></p> <p><i>An cur chuige i leith na foghlama comhtháite ETIM?</i></p>	
7	<p>Beidh Uirlisí Úsáide ar Líne á bhforbairt ag CNCM do gach réimse nua curaclaim. Cuirfidh na hUirlisí Úsáide tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí. Cad iad na cineálacha tacaíochtaí ba mhaith leat a fheiceáil san áireamh sna hUirlisí Úsáide le haghaidh ETIM?</p>	
8	<p>Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm an Churaclaim Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta?</p>	

9	Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis é a lua go dtí seo?	
---	---	--

Curaclam Teanga na Bunscoile lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta

1	<p>Cur in aithne gairid</p> <p>Cuir tú féin in aithne agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréacht-Churaclam na Bunscoile ar an iomlán, Nuatheangacha lasachta san áireamh.</p>	
2	<p>Cad iad do thuairimí ar Chaibidlí 1, 2 agus 3 (An Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna)?</p>	
3	<p>Céard a cheapann tú faoin nGné nua?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An ndéantar cur síos sa Ghné nua ar an 'gcaoi' a bhfoghlaímíonn na páistí?</i></p> <p><i>An léiríonn an Ghné nua tabhairt isteach NTI chuig CTB go cruinn?</i></p> <p><i>An bhfuil sé soiléir go léiríonn an Ghné nua an bhéim mhéadaithe ar fheasacht teanga i gCéim 3 agus Céim 4, agus na gnéithe atá ann cheana d'fheasacht teanga in CTB i gcás gach céime.</i></p> <p><i>Aiseolas ar an ngrafaic.</i></p>	
4	<p>Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 5 (Na Torthaí Foghlama)?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir</i></p> <p><i>Foghlaim le cumarsáid a dhéanamh sa T3</i></p> <p><i>Deiseanna chun comhtháthú le T1 agus T2</i></p> <p><i>Inrochtaineacht agus inúsáidteacht</i></p> <p><i>Soiléir go bhfuil na Torthaí Foghlama i dTábla 1 le haghaidh Chéim 3 agus Chéim 4 araon.</i></p> <p><i>Soiléir go bhfuil na Torthaí Foghlama i dTábla 2 le haghaidh Chéim 4</i></p> <p><i>Soiléir go mbaineann na Torthaí Foghlama leis na trí shnáithe uile (TL, L, S)</i></p>	
5	<p>Cén chaoi a bhfuil na Príomhinniúlachtaí le feiceáil sna Torthaí Foghlama i gCaibidil 5?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p>	

	<i>An bhfuil túsleitreacha na bPríomhinniúlachtaí gaolmhara ina gcuidiú faoi gach TF?</i>	
6	<p>I gCaibidil 6 (An Curaclam i gCleachtas) cuirtear treoraíocht ar fáil maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán. Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 6?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Na leithdháiltí ama?</i></p> <p><i>Ról an mhúinteora</i></p> <p><i>Teangacha a úsáidtear</i></p> <p><i>Tógáil ar an gcleachtas reatha</i></p> <p><i>Measúnú?</i></p>	
7	Beidh Uirlisí Úsáide ar Líne á bhforbairt ag CNCM do gach réimse nua curaclaim. Cuirfidh na hUirlisí Úsáide tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí. Cad iad na cineálacha tacaíochtaí ba mhaith leat a fheiceáil san áireamh sna hUirlisí Úsáide le haghaidh NTI?	
8	Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm Nuatheangacha lasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile?	
9	Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis é a lua go dtí seo?	

Dréachtchuraclam Folláine

1	<p>Cur in aithne gairid</p> <p>Cuir tú féin in aithne agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréachtsonraíocht churaclam na Folláine ar an iomlán.</p>	
2	Cad iad do thuairimí ar Chaibidlí 1, 2 agus 3 (An Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna)?	
3	<p>Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 4 (na Snáitheanna agus Gnéithe)?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An eagraíonn na Snáitheanna foghlaim agus teagasc go héifeachtúil?</i></p> <p><i>An ndéantar cur síos sna Gnéithe ar an 'gcaoi' a bhfoghlaimíonn na páistí sa Chorpoideachas agus in OSPS?</i></p>	
4	<p>Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 5 (Na Torthaí Foghlama)?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p>	

	<p><i>An fhoghlaim agus an fhorbairt a bhfuiltear ag súil leo in OSPS agus sa Chorpoideachas</i></p> <p><i>Dul chun cinn san fhoghlaim ó Chéim 1 go Céim 4</i></p> <p><i>Guth agus rogha an pháiste</i></p> <p><i>Cumas gníomhúcháin múinteoirí</i></p> <p><i>Ionchuimsiú</i></p>	
5	<p>Cén chaoi a bhfuil na Príomhinniúlachtaí le feiceáil sna Torthaí Foghlama i gCaibidil 5?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>An bhfuil túsli treacha na bPríomhinniúlachtaí gaolmhara ina gcuidiú faoi gach TF?</i></p>	
6	<p>I gCaibidil 6 (An Curaclam i gCleachtas) cuirtear treoraíocht ar fáil maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán. Céard a cheapann tú faoi Chaibidil 6?</p> <p>Leideanna, má bhíonn gá leo:</p> <p><i>Eispéiris foghlama spraiúla</i></p> <p><i>Teagasc ar ardchaighdeán</i></p> <p><i>Modhanna measúnaithe</i></p> <p><i>Réimsí gníomhaíochta sa Chorpoideachas</i></p> <p><i>An bhfuil na gnéithe praiticiúla ar a bhfuil breac-chuntas (beartas níos leithne, leithdháiltí ama, éascaitheoirí seachtracha) cabhrach do mhúinteoirí?</i></p> <p><i>Na leithdháiltí ama</i></p>	
7	<p>Beidh Uirlisí Úsáide ar Líne á bhforbairt ag CNCM do gach réimse nua curaclaim. Cuirfidh na hUirlisí Úsáide tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí. Cad iad na cineálacha tacaíochtaí ba mhaith leat a fheiceáil san áireamh sna hUirlisí Úsáide don Fholláine?</p>	
8	<p>Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm Churaclam na Folláine?</p>	
9	<p>Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis é a lua go dtí seo?</p>	

Aguisín E: Sceidil na Comhdhála Comhairliúcháin

Comhdháil Chomhairliúcháin, Páirc an Chrócaigh, an 30 Aibreán 2024:
Sceideal an Éascaitheora

Treoir an Éascaitheora le haghaidh Phlé Comhchéime 1:
Na Príomhtheachtaireachtaí ón gCreatchuraclam Bunscoile i
nDréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile

1	Cuir tú féin in aithne le do thoil agus inis dúinn go gairid faoi do thuairimí ar struchtúr nua an churaclaim? <ul style="list-style-type: none">• Réimsí curaclaim• Torthaí Foghlama comhtháite do Chéimeanna 1 agus 2, ábhair i gCéimeanna 3 agus 4
2	Cad é do thuairim ar an gcaoi a mbaineann na dréachtsonraíochtaí le curaclam 1999? <ul style="list-style-type: none">• Ró-ualach curaclaim• Freagairt do dhúshláin, riachtanais agus do thosaíochtaí a bhíonn ag athrú
3	An dóigh leat go dtabharfaidh na dréachtsonraíochtaí cumas gníomhúcháin agus solúbthacht níos mó do scoileanna? <ul style="list-style-type: none">• Leithdháiltí ama• Torthaí Foghlama• Cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta• Comhtháthú
4	Ar mhaith le duine ar bith tuairim a roinnt ar an gcaoi a dtacaíonn na dréachtsonraíochtaí le páistí ag teacht isteach sna naíonáin shóisearacha, ag bogadh ar aghaidh ó rang go rang agus ag dul ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil? <ul style="list-style-type: none">• Aistear agus an Creat don tSraith Shóisearach• Foghlaim spraiúil agus tharraingteach ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé• Aistrithe
5	Cad é do dhearcadh ar an gcaoi a gcuirtear foghlaim, teagasc, agus measúnú i láthair sna sonraíochtaí? <ul style="list-style-type: none">• Prionsabail na foghlama, an teagasc agus an mheasúnaithe• Príomhinniúlachtaí• Measúnú atá lárnach i leith foghlama agus teagasc
6	Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis é a lua go dtí seo?

Treoir an Éascaitheora le haghaidh Phléite Comhchéime 2 agus 3:
Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile

<p>Plé Comhchéime 2: 12.35 – 13.15 Plé Comhchéime 3: 14.35 – 15.15 Dréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile</p>

Oideachas Ealaíon	CTB/NTI	Oideachas Sóisialta agus Imshaoil	Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta	Folláine
Táblaí 1 – 4	Táblaí 5 – 8	Táblaí 9 – 12	Táblaí 13 – 16	Táblaí 17 – 20

Oideachas Ealaíon

1	Cur in aithne gairid Cuir tú féin in aithne** agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréachtsonraíocht churaclam na nEalaíon ar an iomlán.
2	Cad iad do thuairimí ar an Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna (Caibidlí 1, 2 agus 3 sa cháipéis)? <ul style="list-style-type: none"> • <i>Oideachas ealaíon leathan agus cothromaithe</i>
3	Ar an iomlán, an mó an seans go dtacóidh na Snáitheanna agus na Torthaí Foghlama i gCaibidlí 4 agus 5 le foghlaim agus teagasc sna hEalaíona? <ul style="list-style-type: none"> • <i>Comhtháthú</i> • <i>Foghlaim agus teagasc a eagrú</i> • <i>Torthaí comhtháite – spás chun Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile a chomhcheangal, lena n-áirítear Damhsa agus Ealaíona na Meán?</i> • <i>Coincheapa agus Aguisíní</i> • <i>Príomhinniúlachtaí</i>
4	I do thuairim féin, an gcuirtear treoir éifeachtach ar fáil i gCaibidil 6 maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú d'ardchaighdeán? <ul style="list-style-type: none"> • <i>Páistí mar dhéantóirí ealaíon</i> • <i>Na hoideolaíochtaí inaitheanta: Cruthaitheacht; Súgradh; Comhtháthú; Cuir Chuige Chéadfacha agus Chorpraithe; Freagrúlacht Chultúrtha; Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí</i>
5	Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm Churaclam na nEalaíon?
6	Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis a lua go dtí seo?

**Ní bheidh an cur in aithne ag teastáil i gcás Phlé 2 toisc go mbeidh na rannpháirtithe fós *in situ* ó Phlé 1. Má thagann aon rannpháirtithe nua isteach, is féidir cuireadh a thabhairt dóibh iad féin a chur in aithne.

Curaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear na Nuatheangacha lasachta (NTI)

1	Cur in aithne gairid Cuir tú féin in aithne** agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar CTB le Nuatheangacha lasachta (NTI) ar an iomlán?
2	Cad iad do thuairimí ar an téacs nua sa Réamhrá, sa Réasúnaíocht, agus sna hAidhmeanna (Caibidlí 1, 2 agus 3) lena dtacaítear le tabhairt isteach NTI?

	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Ag cur leis an bhFeasacht ar Theangacha agus ar Chultúir</i>
3	<p>Ar an iomlán, an mó an seans go dtacóidh an Ghné bhreise agus na Torthaí Foghlama nua i gCaibidlí 4 agus 5 le foghlaim agus teagasc teanga ina n-ionchorpraítear NTI?</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>Deiseanna chun comhtháthú le T1 agus T2</i> • <i>An léiríonn an 'Ghné' nua tabhairt isteach NTI chuig CTB go cruinn?</i> • <i>Grafaic nua</i> • <i>Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir</i>
4	<p>I do thuairim féin, an gcuirtear treoir éifeachtach ar fáil sa téacs nua i gCaibidil 6 maidir le foghlaim agus teagasc d'ardchaighdeán le haghaidh NTI?</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>Ról an mhúinteora</i> • <i>Teangacha a úsáidtear</i> • <i>Cothromaíocht d'eispéiris foghlama agus teagasc chomhtháite agus scoite</i>
5	<p>Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm NTI in CTB?</p>
6	<p>Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis a lua go dtí seo?</p>

**Ní bheidh an cur in aithne ag teastáil i gcás Phlé 2 toisc go mbeidh na rannpháirtithe fós *in situ* ó Phlé 1. Má thagann aon rannpháirtithe nua isteach, is féidir cuireadh a thabhairt dóibh iad féin a chur in aithne.

Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

1	<p>Cur in aithne gairid Cuir tú féin in aithne** agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréachtsonraíocht churaclam OSI ar an iomlán.</p>
2	<p>Cad iad do thuairimí ar an Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna (Caibidlí 1, 2 agus 3 sa cháipéis)?</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>Céim 3 agus Céim 4 – Stair agus Tíreolaíocht ina n-ionchorpraítear foghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha</i>
3	<p>Ar an iomlán, an mó an seans go dtacóidh na Snáitheanna, na Gnéithe agus na Torthaí Foghlama i gCaibidlí 4 agus 5 le foghlaim agus teagasc in OSI?</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>Comhtháthú</i> • <i>Foghlaim agus teagasc a eagrú</i> • <i>Ag ionchorprú foghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha</i>
4	<p>I do thuairim féin, an gcuirtear treoir éifeachtach ar fáil i gCaibidil 6 maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú d'ardchaighdeán?</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>An páiste ag obair mar Staráí/Tíreolaí</i> • <i>Oideolaíochtaí: Fiosrúchán; Súgradh spráúil; Scéal; Foghlaim áitbhunaithe agus obair allamuigh faoin aer; Oideolaíocht dhialógach; Scileanna digiteacha a chur i bhfeidhm/Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta</i>
5	<p>Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm Churaclam OSI?</p>

6	Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis a lua go dtí seo?
---	---

**Ní bheidh an cur in aithne ag teastáil i gcás Phlé 2 toisc go mbeidh na rannpháirtithe fós *in situ* ó Phlé 1. Má thagann aon rannpháirtithe nua isteach, is féidir cuireadh a thabhairt dóibh iad féin a chur in aithne.

Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta (ETI)

1	Cur in aithne gairid Cuir tú féin in aithne** agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréachtsonraíocht churaclam ETI ar an iomlán.
2	Cad iad do thuairimí ar an Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna (Caibidlí 1, 2 agus 3 sa cháipéis)? <ul style="list-style-type: none"> • <i>Deiseanna foghlama a léiríonn eispéiris fíorshaoil in ETI</i>
3	Ar an iomlán, an mó an seans go dtacóidh na Snáitheanna, na Gnéithe agus na Torthaí Foghlama i gCaibidlí 4 agus 5 le foghlaim agus teagasc in ETI? <ul style="list-style-type: none"> • <i>Comhtháthú</i> • <i>Foghlaim agus teagasc a eagrú</i> • <i>Coincheapa</i> • <i>Dul chun cinn ar fud na gceithre chéim</i>
4	I do thuairim féin, an gcuirtear treoir éifeachtach ar fáil i gCaibidil 6 maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú d'ardchaighdeán? <ul style="list-style-type: none"> • <i>An cur chuige i leith na foghlama comhtháite ETIM</i> • <i>Na hoideolaíochtaí a chuirtear chun cinn: Fiosrúchán Eolaíochta, Smaointeoireacht Dearaidh, Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil</i> • <i>Fiosrúchán agus dearadh faoi stiúir an pháiste</i>
5	Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm Churaclam ETI?
6	Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis a lua go dtí seo?

**Ní bheidh an cur in aithne ag teastáil i gcás Phlé 2 toisc go mbeidh na rannpháirtithe fós *in situ* ó Phlé 1. Má thagann aon rannpháirtithe nua isteach, is féidir cuireadh a thabhairt dóibh iad féin a chur in aithne.

Folláine

1	Cur in aithne gairid Cuir tú féin in aithne** agus inis dúinn go gairid faoi do thuairim ar dhréachtsonraíocht churaclam na Folláine ar an iomlán.
2	Cad iad do thuairimí ar an Réamhrá, an Réasúnaíocht, agus na hAidhmeanna (Caibidlí 1, 2 agus 3 sa cháipéis)?
3	Ar an iomlán, an mó an seans go dtacóidh na Snáitheanna, na Gnéithe agus na Torthaí Foghlama i gCaibidlí 4 agus 5 le foghlaim agus teagasc san Fholláine?

	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Comhtháthú</i> • <i>Foghlaim agus teagasc a eagrú</i> • <i>Guth agus rogha an pháiste</i> • <i>Príomhinniúlachtaí</i>
4	<p>I do thuairim féin, an gcuirtear treoir éifeachtach ar fáil i gCaibidil 6 maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú d'ardchaighdeán?</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>An bhfuil na gnéithe praiticiúla ar a bhfuil breac-chuntas (beartas níos leithne, leithdháiltí ama, éascaitheoirí seachtracha) cabhrach do mhúinteoirí?</i> • <i>An dtacóidh na réimsí gníomhaíochta Corpoideachais le heispéireas leathan agus cothrom do pháistí sa Chorpoideachas?</i> • <i>Oideolaíochtaí: foghlaim chomhoibríoch agus chomhoibritheach; teagasc díreach; foghlaim fhionnachtanach; cuir chuige spráúla; oideolaíocht chaidreamhach.</i>
5	<p>Cad iad na tacaíochtaí a theastódh ó mhúinteoirí agus scoileanna do chur i bhfeidhm Churaclam na Folláine?</p>
6	<p>Ar mhaith leat aon ní eile a lua nach bhfuair tú deis a lua go dtí seo?</p>

**Ní bheidh an cur in aithne ag teastáil i gcás Phlé 2 toisc go mbeidh na rannpháirtithe fós *in situ* ó Phlé 1. Má thagann aon rannpháirtithe nua isteach, is féidir cuireadh a thabhairt dóibh iad féin a chur in aithne.

Aguisín F: Sceideal na gcruinnithe déthaobhacha

Cruinnithe Déthaobhacha, 2024: Treoir/nótaí an Éascaitheora

	<ul style="list-style-type: none">• Cur in aithne:<ul style="list-style-type: none">○ Iarr na rannpháirtithe iad féin a chur in aithne agus cuireann an Éascaitheoir é féin agus na Glacadóirí Nótaí i láthair agus sainaitníonn na róil éagsúla.○ Nuair is cuí, déan tagairt don rannpháirtíocht roimhe seo le NCCA agus gabh buíochas aisti (m.sh. comhairliúchán maidir le hAthbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile, freastal ar imeachtaí/seimineáir rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara)• Brollach:<ul style="list-style-type: none">○ Tá an cruinniú seo á eagrú mar chuid de shraith cruinnithe a réachtálfar le heagraíochtaí atá ina bpáirtithe leasmhara in earnáil an oideachais mar chuid den chomhairliúchán ar na dréachtsonraíochtaí curaclaim, agus ba cheart go mbeadh thart ar uair an chloig i gceist leis.○ Tá comhghaol idir na ceisteanna agus na 6 Phríomhtheachtaireacht i <i>gCreatchuraclam na Bunscoile</i> ina dtugtar breac-chuntas ar an méid atá le baint amach in Athbhreithniú agus Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile. Roinneadh na ceisteanna seo leat roimh ré, mar aon le naisc chuig na dréachtsonraíochtaí, Creatchuraclam na Bunscoile agus na Príomhtheachtaireachtaí féin.○ Is é is cuspóir leis an gcruinniú seo freagra foriomlán d'eagraíochta a bhailiú ar na dréachtsonraíochtaí curaclaim agus a shuí cé acu a baineadh amach nó nár baineadh amach na príomhtheachtaireachtaí sna dréachtsonraíochtaí. B'fhéidir gur mhaith leat labhairt faoi na dréachtsonraíochtaí go ginearálta, nó díriú ar bhonn níos sonraí ar réimse curaclaim.○ Tá súil againn go smaoiníodh d'eagraíocht ar aighneacht i scríbhinn a chur isteach i ndiaidh an chruinnithe seo freisin.	
1.	Tabhair breac-chuntas ar an bhfreagra foriomlán a bhí ag d'eagraíocht ar na dréachtsonraíochtaí curaclaim. B'fhéidir gur mhaith leat tagairt shonrach a dhéanamh do cheann amháin nó níos mó de na dréachtsonraíochtaí.	
2	Dar le d'eagraíochtsa, conas a thógann na dréachtsonraíochtaí ar churaclam 1999 agus conas a fhreagraíonn siad do dhúshláin, riachtanais atá ag athrú agus tosaíochtaí, dar leat?	
3	Céard a cheapann d'eagraíocht faoin gcaoi a dtacaíonn na dréachtsonraíochtaí le cumas gníomhúcháin agus solúbthacht i scoileanna?	
